C/2026/6013

17.11.2026

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN

Treoraíocht ón gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/2847 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht)

(C/2026/6013)

Ábhar

Leathanach

1. RÉAMHRÁ 3
   - 1.1. An Gníomh um Chibear-Athléimneacht 3
   - 1.2. Cuspóir na treoraíochta 3
2. RAON FEIDHME 4
   - 2.1. Cur ar an margadh 4
   - 2.2. Bogearraí mar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha 5
   - 2.3. Cód ríomhaireachta 6
   - 2.4. Teaglaim de chrua-earraí agus bogearraí lena bhfoirmítear táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha 7
   - 2.5. Nasc sonraí 8
   - 2.6. Córais chasta 8
   - 2.7. Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dearadh sular tháinig an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm 9
3. SAOR-BHOGEARRAÍ FOINSE OSCAILTE 11
   - 3.1. Freagracht an duine maidir le saor-bhogearraí foinse oscailte á cinneadh 12
   - 3.2. Cinneadh faoi cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear saor-bhogearraí foinse oscailte ar mhargadh an Aontais 13
     - 3.2.1. Praghas a ghearradh 13
     - 3.2.2. Luach airgid a chur ar sheirbhísí eile nó a cheangal go ndéanfaí sonraí pearsanta a phróiseáil 13
     - 3.2.3. Seirbhísí tacaíochta 14
     - 3.2.4. Tabhartais 15
     - 3.2.5. Saor-bhogearraí foinse oscailte a mhaoiniú 15
     - 3.2.6. Eintitis sheachbhrabúsacha a bunaíodh chun cuspóirí seachbhrabúsacha a bhaint amach 16
     - 3.2.7. Comhtháthú ag monaróirí eile 16
   - 3.3. Maoir bogearraí foinse oscailte 16
     - 3.3.1. Tacaíocht leanúnach agus inmharthanacht saor-bhogearraí foinse oscailte a áirithiú 17
   - 3.4. Rannchuiditheoirí agus úsáidí iartheachtacha 18
   - 3.5. Cásanna léiriúcháin 19
4. MODHNUITHE SUBSTAINTIÚLA AGUS PÁIRTEANNA SPÁRTHA 21
   - 4.1. Deisiúcháin fhisiceacha 22
   - 4.2. Páirteanna spártha 23
   - 4.3. Nuashonruithe bogearraí mar mhodhnuithe substaintiúla 24

4.4. Na hiarmhairtí a bhaineann le modhnú substaintiúil 27
4.4.1. Modhnuithe substaintiúla a rinne duine seachas an monaróir bunaidh 28
4.4.2. Modhnuithe substaintiúla a rinne an monaróir bunaidh 29
5. TRÉIMHSE THACAÍOCHTA 29
5.1. Modhnuithe substaintiúla agus an tréimhse thacaíochta 31
6. TÁIRGÍ TÁBHACHTACHA CRITICIÚLA AG A BHFUIL EILIMINTÍ DIGITEACHA 32
6.1. Croífheidhmiúlacht 33
6.2. Measúnú comhréireachta le haghaidh táirgí tábhachtacha agus criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha . 36
6.3. Impleachtaí do thoimhde chomhréireachta 38
7. MEASÚNÚ RIOSCA CIBEARSHLÁNDÁLA AGUS COMHTHÁTHÚ TÁIRGÍ AG A BHFUIL EILIMINTÍ AGUS COMHPHÁIRTEANNA DIGITEACHA 41
7.1. Maidir le meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí cibearshlándála agus déileáil leo 41
7.2. Maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhearadh, a fhorbairt agus a tháirgeadh sa chaoi go n-áiritheofar leo leibhéal iomchuí cibearshlándála bunaithe ar na rioscaí 42
7.3. Measúnú riosca agus dícheall cuí maidir le spleáchais sheachtracha agus comhpháirteanna comhtháite . 42
7.4. Measúnuithe riosca agus doiciméadacht chomhréireachta a athúsáid le haghaidh finte táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha 44
8. CIANPHRÓISEÁIL SONRAÍ 44
8.1. Cad a mheastar a bheith ina réiteach cianphróiseála sonraí le haghaidh táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha? 45
8.1.1. An coincheap ‘go cianda’ 46
8.1.2. An gcuirfeadh easpa próiseála sonraí den sórt sin cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a dhéanamh? 46
8.1.3. An é an monaróir a dhear agus a d’fhorbair na bogearraí, nó an é faoina fhreagracht a dearadh agus a forbraíodh iad? 47
8.2. Impleachtaí praiticiúla agus teicniúla na réiteach cianphróiseála sonraí agus spleáchas ar réitigh tríú páirtí 49
8.3. Cásanna úsáide le haghaidh réitigh cianphróiseála sonraí 50
8.3.1. Feidhmchlár baincéireachta móibílí 51
8.3.2. Teirmeastat cliste 52
8.3.3. Ríomhléitheoir 53
8.3.4. Róbat tionsclaíoch 53
8.3.5. Líonra soghluaiste 53
9. GNÉITHE BREISE 54
9.1. Oibleagáidí maidir le tuairisciú 54
9.2. Láimhseáil leochaileachtaí 56
9.2.1. Tuairisciú réamhtheachtach agus socruithe slándála a chomhroinnt 56
9.2.2. Leochaileachtaí insaothraithe aitheanta 57
9.2.3. Tástálacha agus athbhreithnithe éifeachtacha agus tráthrialta 58
9.3. Idirghníomhú le reachtaíocht eile 59
9.3.1. Rialachán (AE) 2019/2144 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 59
9.3.2. Bailíocht deimhnithe um chineálscrúdú AE (Airteagal 69(1)) 59

1. **RÉAMHRÁ**

1.1. **An Gníomh um Chibear-Athléimneacht**

1. Tháinig Rialachán (AE) 2024/2847 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2024 maidir le ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013 agus (AE) 2019/1020 agus Treoir (AE) 2020/1828 (an Gníomh um Chibear-Athléimneacht) ([1]) i bhfeidhm an 10 Nollaig 2024. Is é is aidhm don Rialachán cur chuige an Aontais i leith na cibearshlándála a neartú, aghaidh a thabhairt ar an gcibear-athléimneacht ar leibhéal an Aontais agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chreat dlíthiúil aonfhoirmeach a leagan síos le haghaidh ceanglais chibearshlándála fhíor-riachtanacha chun táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar mhargadh an Aontais, agus le linn saolré táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

2. Tá an Gníomh um Chibear-Athléimneacht bunaithe ar Chreat Reachtach Nua an Aontais a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 agus Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle ([2]).

3. Is iad na húdaráis náisiúnta um fhaireachas margaidh a dhéanann faireachas agus forfheidhmiú ar an margadh. Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, cumhdaítear iad le Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011. Tacaíonn an Coimisiún agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) le hoibreoirí eacnamaíocha agus leis na Ballstáit chun an Gníomh um Chibear-Athléimneacht a chur i bhfeidhm.

1.2. **Cuspóir na treoraíochta**

4. Le hAirteagal 26(1) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, ceanglaítear ar an gCoimisiún treoraíocht a fhoilsiú chun cabhrú le hoibreoirí eacnamaíocha an Rialachán a chur i bhfeidhm, agus béim ar leith á leagan ar chomhlíonadh an Rialacháin a éascú do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Leagtar amach in Airteagal 26(2) na gnéithe íosta ar cheart aghaidh a thabhairt orthu sa treoraíocht. Áirítear leis na gnéithe sin: (i) raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht (go háirithe réitigh cianphróiseála sonraí agus saor-bhogearraí foinse oscailte); (ii) coincheap na 'dtréimhsí tacaíochta'; (iii) an t-idirghníomhú idir an Gníomh um Chibear-athléimneacht agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais; agus (iv) coincheap an 'mhodhnaithe shubstaintiúil'.

5. An 3 Nollaig 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún sraith ceisteanna coitianta arb é is aidhm dóibh cabhrú le hoibreoirí eacnamaíocha ullmhú do chur chun feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht ([3]).

6. Tá sé beartaithe leis an treoraíocht seo cuidiú le hoibreoirí eacnamaíocha an Gníomh um Chibear-Athléimneacht a chomhlíonadh agus tacú le gníomhaíochtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh, na n-údarás a thugann fógra agus na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra, d'fhonn forfheidhmiú comhchuibhithe an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a áirithiú ar fud an Aontais. Níl sé i gceist leis an treoraíocht seo an Gníomh um Chibear-Athléimneacht a chumhdach ina raon feidhme iomlán, ach soiléirithe a thabhairt maidir leis an réasúnaíocht atá le príomhfhorálacha áirithe agus maidir leis an gcaoi a bhféadfaí iad a chur chun feidhme sa chleachtas. Baineann an treoraíocht seo leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht agus níl sí infheidhme maidir le dlíthe eile de chuid an Aontais.

([1]) IO L, 2024/2847, 20.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2847/oj.

([2]) Beartaítear le clár oibre 2026 an Choimisiúin 'Gníomh Eorpach um Tháirgí' a chur i láthair, lena nuashonraítear an Creat Reachtach Nua agus na rialacha maidir le faireachas margaidh agus maidir le caighdeánú: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52025DC0870.

([3]) Is féidir na ceisteanna coitianta a íoslódáil trí shuíomh gréasáin cur chun feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht de chuid an Choimisiúin, ó leathanach gréasáin tiomnaithe na gceisteanna coitianta.

7. Chuathas i gcomhairle go forleathan le páirtithe leasmhara agus an treoraíocht seo á hullmhú, lena n-áirítear an Grúpa Saineolaithe um Chibearshlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ([4]) agus trí chomhairliúchán poiblí a reáchtáladh idir an 3 Márta agus an 13 Aibreán 2026 ([5]).

8. Níl an treoraíocht seo ina ceangal ar oibreoirí eacnamaíocha ná ar ghníomhaithe eile atá faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Is í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh amháin a fhéadfaidh léirmhíniú údarásach a thabhairt ar an nGníomh um Chibear-Athléimneacht. Mar sin féin, leagtar amach sna treoirlínte seo léirmhíniú an Choimisiúin ar an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, d'fhonn tacú le comhlíonadh agus rannchuidiú le cur chun feidhme éifeachtach an Rialacháin. Ina theannta sin, tá roinnt samplaí sa treoraíocht chun cur i bhfeidhm forálacha sonracha a léiriú. Mar sin féin, níl sé beartaithe na samplaí sin a chur in ionad measúnú cás ar chás, rud a bheidh riachtanach i gcónaí chun sainiúlachtaí gach cáis ar leith a chur san áireamh.

9. I gcomhréir le hAirteagal 26 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, féadfaidh an Coimisiún breithniú a dhéanamh ar threoraíocht bhreise a eisiúint, lena n-áirítear treoraíocht atá dírithe ar mhonaróirí atá faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht agus reachtaíocht chomhchuibhithe eile de chuid an Aontais nó faoi réir gníomhartha dlí gaolmhara eile de chuid an Aontais. Leis an treoraíocht sin, d'fhéadfaí aghaidh a thabhairt, mar shampla, ar cheisteanna maidir le hidirghníomhú idir an Gníomh um Chibear-Athléimneacht agus Rialachán (AE) 2024/1689 lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (an Gníomh um an Intleacht Shaorga), agus Rialachán (AE) 2022/2554 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais.

2. **RAON FEIDHME**

2.1. **Cur ar an margadh**

10. Tá feidhm ag an nGníomh um Chibear-Athléimneacht maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar fáil ar mhargadh an Aontais. Tá sainmhíniú ar an gcoincheap maidir le cur ar fáil ar an margadh in Airteagal 3(22) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht arb é 'soláthar táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena dháileadh nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin mar mhalairt ar íocaíocht nó saor in aisce'. I gcomhréir le hAirteagal 3(21), cuirtear táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar mhargadh an Aontais an chéad uair a chuirtear ar fáil é.

11. San eagrán is déanaí den 'Treoirleabhar gorm um chur chun feidhme rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le táirgí' a foilsíodh in 2022 (dá ngairtear 'an Treoirleabhar Gorm' anseo feasta) ([6]), tugtar treoraíocht lena n-éascaítear an tuiscint ar rialacha an Aontais maidir le táirgí agus a gcur i bhfeidhm aonfhoirmeach ar fud na gcreataí dlíthiúla earnálacha éagsúla atá ailínithe leis an gcreat reachtach nua, amhail an Gníomh um Chibear-Athléimneacht. Tugtar le fios sa Treoirleabhar Gorm gur cheart na coincheapa 'cur ar an margadh' agus 'cur ar fáil ar an margadh' a thuiscint mar thagairt do 'gach táirge aonair, seachas do chineál táirge, agus cibé acu a monaraíodh mar aonad aonair nó i sraitheanna é' (Roinn 2.3).

12. I gcás táirgí níos 'traidisiúnta' ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chumhdaítear leis an gCreat Reachtach Nua, amhail crua-earraí i bhfoirm innealra nó táirgí trealaimh raidió ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tá an coincheap 'cur ar an margadh' seanbhunaithe, agus tugtar treoraíocht bhreise sa Treoirleabhar Gorm chun a shoiléiriú cathain a mheastar táirgí den sórt sin a bheith curtha ar an margadh. Sna 'samplaí achoimre' atá i Roinn 2.12 den Treoirleabhar Gorm, tugtar tuilleadh samplaí den choincheap 'cur ar an margadh'.

13. Mar sin féin, i bhfianaise chineál na dtáirgí doláimhsithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha amhail bogearraí neamhspleácha, tá gá le tuilleadh treoraíochta maidir le cathain a mheastar táirgí den sórt sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith curtha ar an margadh. Nuair a bheidh céim mhonaraíochta na mbogearraí curtha i gcrích agus nuair a thairgfear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'úsáideoirí ionchasacha i margadh an Aontais, is féidir a mheas go ndearna a mhonaróir iliomad cóipeanna den táirge bogearraí céanna ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhonarú agus gur sholáthair sé iad lena ndáileadh nó lena n-úsáid. Go deimhin, murab ionann agus táirgí inláimhsithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha, níl bogearraí neamhspleácha faoi réir teorainneacha fisiceacha táirgthe

([4]) An Grúpa Saineolaithe um Chibearshlándáil táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gclár ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus eintiteas comhchosúil eile.

([5]) Comhairliúchán poiblí faoi dhréacht-treoraíocht ón gCoimisiún maidir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht.

([6]) Fógra ón gCoimisiún – 'Treoirleabhar Gorm' 2022 um chur chun feidhme rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le táirgí 2022/C 247/01 (IO C 247, 29.6.2022, lch. 1).

ná stoic: cruthaítear cóip chomhionann nua don úsáideoir mar thoradh ar gach gníomh a bhaineann leis na bogearraí a chur ar fáil lena n-íoslódáil nó lena ndáileadh. Fad nach modhnaítear an leagan seo de na bogearraí ar bhealach a dhéanann difear do chomhlíonadh an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, measfar gur tharla an cur ar mhargadh an Aontais tráth a rinneadh an chéad tairiscint lena dháileadh nó lena úsáid. Dá bhrí sin, tá an fhéidearthacht an leagan sin den táirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a íoslódáil nó a dháileadh ina dhiaidh sin le meas mar chás ina gcuirtear an táirge bogearraí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ([7]).

14. Dá bhrí sin, ba cheart a mheas gur cuireadh táirge bogearraí neamhspleách ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh nuair a bheidh a chéim mhonaraíochta curtha i gcrích agus nuair a sholáthrófar na bogearraí sin den chéad uair lena ndáileadh nó lena n-úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála. Ba cheart a mheas gur chuir an monaróir iliomad cóipeanna den táirge bogearraí céanna ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh an tráth céanna. Dá bhrí sin, cé gur táirgí aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha fós iad cóipeanna iomadúla de na bogearraí céanna, meastar go gcuirtear ar an margadh iad an tráth céanna, gan beann ar an tráth a aistrítear seilbh nó úsáid gach cóipe aonair chuig duine nádúrtha nó dlítheanach eile. An tráth céanna, i gcás ina gcuireann an monaróir bogearraí ar fáil in athróga éagsúla atá éagsúil ó thaobh a gcomhpháirteanna, a gcumraíochtaí nó a bhfeidhmiúlachtaí cumasaithe atá san áireamh (mar shampla, leaganacha le haghaidh córais oibriúcháin éagsúla nó cuacha a bhfuil tacair gnéithe éagsúla acu), ní féidir na hathróga sin a mheas mar chóipeanna iomadúla den táirge bogearraí céanna ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Dá bhrí sin, ba cheart caitheamh leo mar tháirgí ar leith ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun iad a chur ar an margadh.

Mar shampla 1: An 1 Eanáir 2028, soláthraíonn cuideachta A cóip de leagan 1.0.0 de bhogearraí X den chéad uair lena dáileadh trína suíomh gréasáin. An lá céanna, ceannaíonn custaiméir 1 cóip de leagan 1.0.0 de bhogearraí X. An 15 Eanáir 2028, ceannaíonn custaiméir 2 cóip de leagan 1.0.0 de bhogearraí X. Cuirtear an dá chóip de leagan 1.0.0 de bhogearraí X ar an margadh an 1 Eanáir 2028.

15. I bhfianaise chineál atriallach na forbartha bogearraí, ba cheart a shoiléiriú a thuilleadh go meastar leaganacha de tháirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina dhiaidh sin a bheith nua-churtha ar an margadh nuair a cháilíonn na leaganacha sin mar 'mhodhnú substaintiúil' ar tháirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh cheana féin, mar a léirítear in aithris 41 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht. Maidir le leaganacha nach gcáilíonn mar mhodhnuithe substaintiúla, ní cheanglaítear ar an monaróir nós imeachta nua um measúnú comhréireachta a dhéanamh agus, dá bhrí sin, ní mhodhnaítear leo an dáta ar cuireadh na bogearraí sin ar an margadh. Chun tuilleadh treoraíochta a fháil maidir le coincheap na modhnuithe substaintiúla, féach Roinn 4 *Substantial modifications*.

Mar shampla 2: An 1 Eanáir 2028, soláthraíonn cuideachta A leagan 1.0.0 de bhogearraí X den chéad uair lena dháileadh trína suíomh gréasáin. An lá céanna, ceannaíonn custaiméir 1 cóip de leagan 1.0.0 de bhogearraí X. An 15 Eanáir 2028, eisíonn cuideachta A leagan nuashonraithe 1.0.1 de bhogearraí X nach modhnú substaintiúil é. An 30 Eanáir 2028, ceannaíonn custaiméir 2 cóip de leagan 1.0.1 de bhogearraí X. Meastar go gcuirtear an dá chóip de leaganacha 1.0.0 agus 1.0.1 de bhogearraí X ar an margadh an 1 Eanáir 2028.

16. Tá feidhm ag an treoraíocht a leagtar síos i bpointí 13, 14 agus 15 go heisiach a mhéid is bogearraí neamhspleácha é an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ní hamhlaidh atá, mar shampla, nuair a dhéantar na bogearraí a chomhcheangal le crua-earraí, mar a phléitear i Roinn *2.4 Combination of hardware and software forming a product*.

2.2. **Bogearraí mar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha**

17. Is é an sainmhíniú atá ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha in Airteagal 3(1) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht 'táirge bogearraí nó crua-earraí agus a réitigh cianphróiseála sonraí, lena n-áirítear comhpháirteanna bogearraí nó crua-earraí atá á gcur ar an margadh astu féin'. Tagann táirgí den sórt sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht i gcás ina n-áirítear leis an gcríoch atá beartaithe dóibh nó leis an úsáid atá intuartha le réasún dóibh nasc sonraí loighciúil nó fisiceach, bíodh sé díreach nó indíreach, le gléas nó le líonra.

([7]) I gcomhréir le hAirteagal 13(11), féadfaidh monaróirí cartlanna bogearraí poiblí a choinneáil ar bun lena gcuirfear feabhas ar rochtain úsáideoirí ar leaganacha stairiúla. I gcásanna den sórt sin, cuirfear úsáideoirí ar an eolas go soiléir ar bhealach atá inrochtana go héasca faoi na rioscaí a bhaineann le bogearraí gan tacaíocht a úsáid.

18. Dá bhrí sin, is féidir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht raon táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chumhdach, lena n-áirítear: (i) bogearraí neamhspleácha, amhail aipeanna agus ríomhchláir, bídís dáilte go digiteach nó go fisiciúil; (ii) crua-earraí le bogearraí leabaithe (e.g. gléasanna Idirlíon na Rudaí Nithiúla, ríomhairí glúine, táibléid); (iii) crua-earraí neamhspleácha (e.g. ciorcaid iomlánaithe, máthairchláir); agus (iv) aon mheascán de chrua-earraí agus bogearraí a sholáthraítear ar leithligh ach atá beartaithe chun oibriú le chéile.

19. Dá bhrí sin, tagann bogearraí neamhspleácha faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht i gcás ina gcuirtear ar an margadh iad mar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Is cabhair é idirdhealú a dhéanamh idir táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht agus ciansoláthar seirbhísí nach dtagann faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

20. Chun go dtiocfaidh bogearraí faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, ní mór táirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sholáthar d'úsáideoir, táirge a fhaigheann an t-úsáideoir sin agus a oibrítear ar chóras faisnéise leictreonach nó mar chuid de chóras faisnéise leictreonach ar thaobh an úsáideora. Comhlíonann bogearraí a íoslódáiltear, a shuiteáiltear nó a sholáthraítear don úsáideoir ar bhealach eile agus a fhorghníomhaíonn ar chóras faisnéise leictreonaí an úsáideora na critéir sin, lena n-áirítear, mar shampla, i gcás ina bhfuil sé i bhfoirm iarmhír brabhsálaí nó feidhmchláir a fhorbraítear trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí gréasáin ach a sholáthraítear lena bhforghníomhú go háitiúil.

21. Os a choinne sin, ní táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad bogearraí a fhorghníomhaíonn go cianda agus nach ndéanann an t-úsáideoir ach rochtain a fháil orthu, ar an mbonn sin amháin. Déantar an t-idirdhealú sin in aithrisí 11 agus 12 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, go deimhin, trína mhíniú nach bhfuil próiseáil nó stóráil go cianda faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht ach amháin a mhéid is gá do tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a fheidhmeanna a chomhlíonadh (i.e. trí choincheap na cianphróiseála sonraí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2)), agus ní mar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha é féin. Is amhlaidh a bhíonn de ghnáth i gcás feidhmchláir ghréasáin, lena n-áirítear aipeanna gréasáin forásacha, ina bhfaightear rochtain orthu trí bhrabhsálaí gréasáin amháin. Is amhlaidh atá i gcás suíomhanna gréasáin: cé go bhféadfadh suíomhanna gréasáin, go feadh méid teoranta, a bheith á rith agus á bhforghníomhú go teicniúil ar ghléas an úsáideora, leanann sé ó aithris 12 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht nach measfar gur táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad suíomhanna gréasáin iad féin, agus nach dtagann siad faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht ach amháin i gcás ina dtacaíonn siad le feidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, i.e. a mhéid a cháilíonn siad mar chianphróiseáil sonraí (mar a mhínítear a thuilleadh i Roinn *8* agus go háirithe *8.1.2 Would the absence of such data processing prevent the product with digital elements from performing one of its functions?)*.

Mar shampla 3: soláthraítear feidhmchlár móibíleach a íoslódálann úsáideoir ó aipmhargadh agus a shuiteálann sé ar a fhón cliste don úsáideoir agus forghníomhaíonn sé ar ghléas an úsáideora agus, dá bhrí sin, is táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha é. I gcás ina gcuirtear ar an margadh é le linn gníomhaíocht tráchtála, féadfaidh sé teacht faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

Mar shampla 4: soláthraítear feidhmchlár deisce a thógtar le teicneolaíochtaí gréasáin ach atá pacáistithe le haghaidh suiteáil áitiúil don úsáideoir agus forghníomhaíonn sé ar ghléas an úsáideora, agus dá bhrí sin is táirge é ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I gcás ina gcuirtear ar an margadh é le linn gníomhaíocht tráchtála, féadfaidh sé teacht faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

Mar shampla 5: ní táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha é feidhmchlár gréasáin a bhfuil rochtain ag an úsáideoir air go heisiach trí bhrabhsálaí gréasáin. Mura dtacaíonn sé le feidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ní thagann sé faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Os a choinne sin, is táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha é feidhmchlár a sholáthraítear don úsáideoir mar chliant atá suiteáilte go háitiúil agus a fhorghníomhaíonn ar ghléas an úsáideora. I gcás ina gcuirtear ar an margadh é le linn gníomhaíocht tráchtála, féadfaidh sé teacht faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

Má bhraitheann an cliant sin, chun ceann amháin nó níos mó dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, ar phróiseáil sonraí go cianda a chomhlíonann an sainmhíniú ar chianphróiseáil sonraí, tá an phróiseáil sonraí go cianda mar chuid den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha freisin.

Mar shampla 6: ní táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ann féin é suíomh gréasáin nach gcuireann ach faisnéis ar fáil dá chuairteoirí agus nach dtacaíonn le feidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Dá bhrí sin, ní thagann sé faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

2.3. **Cód ríomhaireachta**

22. Is fiú a shoiléiriú freisin an féidir cód foinseach a bheith ina tháirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Is é an sainmhíniú atá ar bhogearraí sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht 'an chuid sin de chóras faisnéise leictreonach ina bhfuil cód ríomhaireachta' (Airteagal 3(4)). Féadfaidh cód ríomhaireachta a bheith i bhfoirm (i) cód meaisín, arb é sin an tacar treoracha a fhorghníomhaíonn próiseálaí ríomhaire go díreach, agus iad scríofa i bhformáid dhénártha; nó (ii) cód foinseach, i.e. an tsraith treoracha agus ráiteas atá scríofa i dteanga ríomhchlárúcháin, nach mór a thiomsú nó a léirmhíniú lena cur i gcrích ag ríomhaire. Cumhdaítear an dá rud leis an sainmhíniú ar bhogearraí atá leagtha síos sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht.

23. Ceist ar leith is ea an ionann soláthar áirithe cóid ríomhaireachta agus táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar mhargadh an Aontais, rud a éilíonn soláthar le linn gníomhaíocht tráchtála. D'fhéadfadh sé nach amhlaidh an cás go minic maidir le cód foinseach. Mar shampla, duine nádúrtha nó dlítheanach a roinneann cód ríomhaireachta saor in aisce agus foinse oscailte ar stórtha a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, ní mheastar go ginearálta go gcuireann sé an cód sin ar mhargadh an Aontais chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht (mar a phléitear ar bhealach níos mionsonraithe i Roinn *3 Free and open-source software*). Cód neamhchríochnaithe a chomhroinntear le linn chéim deartha agus forbartha táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha (e.g. le haghaidh tástála nó athbhreithnithe), ní mheastar ach oiread gur cuireadh ar an margadh é chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, toisc nach bhfuil a chéim mhonaraíochta curtha i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, an cód samplach nó an cód taispeána a sholáthraítear mar chuid de ranganna teagaisc nó d'ábhair oiliúna, ní mheastar ach oiread gur cuireadh ar an margadh é chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht ([8]).

24. Ar an taobh eile, i gcás ina soláthraíonn monaróir cód ríomhaireachta dá chustaiméirí mar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, meastar go bhfuil an cód sin curtha ar an margadh, gan beann ar cibé acu cód meaisín nó cód foinseach é ([9]).

Mar shampla 7: Tugann cuideachta A cód foinseach faoi cheadúnas do chuideachta B le haghaidh ardán inmheánach inoiriúnaithe, agus soláthraíonn sé an cód foinseach sin i dtéacschomhad. Fiú más gá do chuideachta B an cód foinseach sin a oiriúnú agus a thiomsú a thuilleadh sula n-úsáidfear é, tá an cód foinseach sin á chur ar an margadh ag cuideachta A agus, dá bhrí sin, tá sí faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Níl cuideachta A freagrach as comhlíontacht chuideachta B leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht maidir le hoiriúnuithe a dhéanfaidh cuideachta B ina dhiaidh sin agus as an gcód sin a thiomsú.

2.4. **Teaglaim de chrua-earraí agus bogearraí lena bhfoirmítear táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha**

25. Cé acu atá nó nach bhfuil bogearraí ina gcuid de tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ba cheart é sin a chinneadh ní de réir conas nó cathain a sheachadtar na bogearraí sin chuig an úsáideoir, ach de réir cé acu, i bhfianaise na críche atá beartaithe don táirge agus na húsáide atá intuartha le réasún, atá nó nach bhfuil gá leis na bogearraí chun go gcomhlíonfadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na feidhmeanna atá beartaithe dó. I gcás ina ndeartar táirge crua-earraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun oibriú le chéile le bogearraí sonracha arna soláthar ag an monaróir céanna chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh, is táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad na crua-earraí agus na bogearraí sin le chéile. Dá bhrí sin, na bogearraí is gá chun táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a oibriú, a chumrú, a rialú nó a úsáid i gcomhréir leis an gcríoch atá beartaithe dó, is cuid den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad, fiú má fhaightear iad trí chainéal ar leithligh (e.g. aipmhargadh, nasc íoslódála nó cainéal digiteach eile tar éis an táirge crua-earraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith curtha ar an margadh). Dá bhrí sin, cuirtear ar an margadh iad an tráth céanna a chuirtear aonaid de na táirgí crua-earraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh.

Mar shampla 8: Cuirtear printéir líonra ar an margadh mar tháirge crua-earraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus cuirtear na tiománaithe bogearraí ar gá dóibh poist chlóite a sheoladh, an gléas a chumrú agus a oibriú a bhainistiú ar fáil lena n-íoslódáil ó shuíomh gréasáin an mhonaróra. Cé go soláthraítear an printéir agus na tiománaithe trí bhealaí éagsúla, is táirge aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad le chéile, toisc nach féidir leis an bprintéir an cuspóir atá beartaithe dó a chomhlíonadh gan na tiománaithe.

Mar shampla 9: Cuirtear gléas corpacmhainneachta inchaite ar an margadh chun ráta croí agus gníomhaíocht úsáideora a thomhas, agus tá gá le feidhmchlár fóin chliste arna sholáthar ag an monaróir chun na tomhais a thaispeáint, stair a thaispeáint agus cumraíocht an ghléis a cheadú. Cé go ndéantar an feidhmchlár a íoslódáil ar leithligh trí aipmhargadh, is táirge aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad an táirge inchaite agus an feidhmchlár le chéile, toisc go bhfuil siad deartha agus beartaithe chun oibriú le chéile chun feidhmiúlacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sholáthar.

([8]) Ba cheart a mheabhrú freisin go gceadaítear le hAirteagal 4(3) do mhonaróirí bogearraí neamhchríochnaithe nach gcomhlíonann an Rialachán a chur ar fáil ar an margadh, amhail leaganacha alfa, béiteleaganacha nó iarrthóirí scaoilte, ar choinníoll nach gcuirtear na bogearraí neamhchríochnaithe ar fáil ach ar feadh an ama is gá chun é a thástáil agus chun aiseolas a bhailiú.

([9]) Ar an taobh eile, ba cheart a thabhairt faoi deara, chun críocha an dlí maidir le dliteanas i leith táirgí, nach táirge é an cód ríomhaireachta féin agus, dá bhrí sin, nach féidir monaróirí a chuireann cód den sórt sin ar an margadh a chur faoi dhliteanas faoi Threoir (AE) 2024/2853 (an Treoir maidir le dliteanas i leith táirgí). Luaitear an méid seo a leanas in Aithris 13 den Treoir sin: 'ní cheart a mheas, áfach, gur táirge í faisnéis, agus níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag rialacha dliteanais táirgí maidir le hábhar comhad digiteach, amhail comhaid meán nó ríomhleabhair nó cód foinse na mbogearraí ann féin'. Ní chuireann sé sin cosc ar mhonaróirí a bheith faoi dhliteanas faoin dlí torta náisiúnta.

2.5. **Nasc sonraí**

26. Luaitear in Airteagal 2(1) go bhfuil feidhm ag an nGníomh um Chibear-Athléimneacht ‘maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar fáil ar an margadh, agus a n-áirítear leis an gcríoch a beartaíodh nó an úsáid atá intuartha le réasún dóibh nasc sonraí loighciúil nó fisiceach, bíodh an nasc sin díreach nó indíreach, le gléas nó le líonra’. Dá bhrí sin, tá raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht fréamhaithe ní hamháin i láithreacht leictreonaice, ach i gcáil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun faisnéis dhigiteach a mhalartú.

27. Cé go sainmhínítear na téarmaí ‘nasc loighciúil’ agus ‘nasc fisiceach’ in Airteagal 3, ní shainmhínítear ‘nasc sonraí’ ná ‘sonraí digiteacha’ sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht. Tá sé úsáideach, dá bhrí sin, léirmhíniú a leagan amach ar a bhfuil i gceist le nasc sonraí, chun teorainn raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a shoiléiriú. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an teorainn sin chun idirdhealú a dhéanamh idir táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach n-úsáideann ach comharthaí leictreacha agus na táirgí sin a bhíonn rannpháirteach sa chumarsáid dhigiteach agus, dá bhrí sin, atá neamhchosanta ar rioscaí cibearshlándála.

28. Ar an leibhéal is bunúsaí, is éard atá i gceist le nasc sonraí faisnéis a tharchur i bhfoirm dhénártha, i.e. mar sheicheamh 0anna agus 1anna. Ní nasc sonraí ann féin aschur a chasadh air agus as (i.e. 0/1) mura bhfuil na staideanna sin beartaithe chun sonraí a léiriú nó mura léitear le hionchur digiteach iad. Chun go mbeidh nasc sonraí ann, ní mór na staideanna dénártha a ionchódú d’aon ghnó mar fhaisnéis ag foinse agus ní mór a bheith in ann iad a dhíchódú mar fhaisnéis ag an gceann scríbe. Is é sin le rá, ní mór seoltóir a bheith ann a ghineann siombailí digiteacha d’aon ghnó de réir scéim shainithe, agus glacadóir atá in ann na siombailí sin a léirmhíniú mar shonraí. I gcás nach n-úsáidtear comharthaí leictreacha nó leictreonacha ach chun feidhm a thionscnamh nó a chumhachtú, gan faisnéis atá ionchódaithe go digiteach a chur in iúl, níl aon nasc sonraí ann chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht agus dá bhrí sin ní thagann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi raon feidhme Airteagal 2(1).

2.6. **Córais chasta**

29. Ní hamháin go bhféadfadh gléasanna aonair nó comhpháirteanna bogearraí a bheith i dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, ach d’fhéadfadh córais chasta a bheith i gceist leo freisin, lena n-áirítear córais ina bhfuil roinnt eilimintí crua-earraí agus bogearraí a oibríonn le chéile chun feidhm áirithe a dhéanamh. I gcás ina gcuirtear córas den sórt sin ar an margadh mar tháirge aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha, is táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha é de réir bhrí an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

30. Is minic a bhíonn timthriallta fada deartha agus forbartha mar shaintréith de chórais chasta den sórt sin, le conarthaí a d’fhéadfadh a bheith sínithe sula gcuirtear an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm, saolréanna oibríochtúla sínte agus ardleibhéal castachta teicniúla agus eagraíochtúla. Maidir le córais den sórt sin, atá le cur ar an margadh tar éis don Ghníomh um Chibear-Athléimneacht teacht i bhfeidhm, féadfaidh siad brath ar chomhpháirteanna a cuireadh ar an margadh sular tháinig an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm, ar ailtireachtaí seanbhunaithe nó ar chaighdeáin idir-inoibritheachta a úsáidtear go forleathan, lena n-áirítear caighdeáin dá dtagraítear i reachtaíocht eile de chuid an Aontais nó i gcreataí earnáilsonracha. Mar thoradh air sin, d’fhéadfadh sé a bheith deacair nó díréireach saintréithe teicniúla áirithe na gcóras sin a mhodhnú gan difear a dhéanamh don chríoch atá beartaithe dóibh, dá sábháilteacht, dá n-iontaofacht ná dá n-idir-inoibritheacht leis an mbonneagar atá ann cheana.

31. Ní fhágann na saintréithe sin iontu féin go n-eisiatar córais chasta ó raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Ina ionad sin, léirítear leo cur i bhfeidhm chur chuige rioscabhunaithe an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, rud a fhágann gur féidir comhlíontacht a léiriú ar bhealaí éagsúla ag brath ar shaintréithe agus ar shrianta an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, i gcomhréir le hAirteagal 13(3) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht. Tá na saintréithe sin ina gcuid den chríoch atá beartaithe dóibh agus den chomhthéacs oibriúcháin agus, dá bhrí sin, tá siad ábhartha agus measúnú á dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach (‘na ceanglais fhíor-riachtanacha’). Go háirithe, aithnítear go sainráite in aithris 55 go bhféadfadh sé nach mbeadh ceanglais fhíor-riachtanacha áirithe go hiomlán comhoiriúnach le cineál táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar shampla, d’fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina mbainfeadh comhlíonadh an bonn de cheanglais idir-inoibritheachta éigeantacha nó d’fheidhmiú cuí an chórais.

32. Dá réir sin, ceanglaítear ar mhonaróirí aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála ar bhonn an mheasúnaithe riosca cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 13(2). Mar a mhínítear freisin in aithris 55, i gcásanna áirithe, níl ceanglais fhíor-riachtanacha shonracha infheidhme nó ní féidir iad a chomhlíonadh trí bhearta slándála

úrscothacha a chur chun feidhme mar gheall, mar shampla, ar an gcríoch atá beartaithe don chóras, lena gceanglaítear ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha idirghníomhú le spleáchais atá ann cheana nó ceanglais idir-inoibritheachta áirithe a leanúint. Sna cásanna sin, ba cheart do mhonaróirí na srianta sonracha sin a shainaithint agus a dhoiciméadú, measúnú a dhéanamh ar na rioscaí gaolmhara, agus bearta maolaithe riosca malartacha nó cúiteacha iomchuí a chur chun feidhme, ionas nach mbainfear an bonn de shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Chun na gcríoch sin, tá ról lárnach ag an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 31 agus ag an bhfaisnéis agus na treoracha don úsáideoir dá dtagraítear in Iarscríbhinn II maidir le cur síos trédhearcach a dhéanamh ar na srianta sainaitheanta, ar na rioscaí cibearshlándála gaolmhara agus ar na bearta maolaithe riosca a cuireadh chun feidhme. I gcomhréir leis an oibleagáid an measúnú riosca a choinneáil cothrom le dáta le linn na tréimhse tacaíochta, ba cheart do mhonaróirí athmheasúnú tréimhsiúil a dhéanamh freisin i dtaobh an bhfuil na srianta sin fós ann. I gcás inar féidir deireadh a chur leis na srianta sin nó iad a laghdú le himeacht ama, ba cheart do mhonaróirí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin ionas gur féidir leis bogadh i dtreo leibhéal iomchuí cibearshlándála ([10]).

Mar shampla 10: Cuireann monaróir táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, ar táirge é a dhéanann cumarsáid le córais sheachtracha trí phrótacal líonra a úsáid. Mar chuid de chur i bhfeidhm na gceanglas fíor-riachtanach, cinneann an monaróir, ar bhonn an mheasúnaithe riosca cibearshlándála, gur gá prótacal cumarsáide slán a úsáid chun rúndacht agus sláine na sonraí a mhalartaíonn an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a áirithiú.

Mar sin féin, áirítear leis an gcríoch atá beartaithe dó idir-inoibritheacht le córais atá ann cheana nach dtacaíonn ach le prótacal atá níos sine nó nach bhfuil chomh slán céanna. Sna cásanna sin, féadfaidh an monaróir an prótacal sin a chur chun feidhme i gcás inar gá sin chun idir-inoibritheacht a bhaint amach, ar choinníoll go ndéanfar na rioscaí cibearshlándála gaolmhara a shainaithint agus a mhaolú ar bhealaí eile.

I gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha tacú leis an bprótacal slán agus leis an bprótacal nach bhfuil chomh slán céanna, meastar go gcuirfidh an monaróir an prótacal slán chun feidhme agus go gcumasóidh sé a úsáid mar réamhshocrú. Ní cheadófaí an prótacal nach bhfuil chomh slán céanna ach amháin i gcás inar gá sin le haghaidh idir-inoibritheachta.

Mar shampla 11: Ceannaíonn monaróir córais uathoibrithe thionsclaíoch roinnt micririalaitheoirí sula dtagann an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm. Déanann an monaróir an measúnú riosca cibearshlándála ar a chóras uathoibrithe thionsclaíoch atá le cur ar an margadh tar éis don Ghníomh um Chibear-Athléimneacht teacht i bhfeidhm. Ar bhonn an mheasúnaithe riosca cibearshlándála sin, ní shainaithníonn an monaróir rioscaí sonracha cibearshlándála a bhaineann le ceann de na micririalaitheoirí sin a úsáid. Déanann an monaróir é a chomhtháthú ina chóras uathoibrithe thionsclaíoch agus áirithíonn sé go gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine (an córas uathoibrithe thionsclaíoch) na ceanglais fhíor-riachtanacha.

2.7. **Táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dearadh sular tháinig an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm**

33. I gcásanna áirithe, cuirfidh monaróir ar an margadh, tar éis don Ghníomh um Chibear-Athléimneacht teacht i bhfeidhm an 11 Nollaig 2027, aonaid de tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha arna monarú i gcomhréir le cineál nó samhail a dearadh agus a forbraíodh roimh dháta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. I gcásanna den sórt sin, ní gá go gceanglófaí le comhlíonadh an Rialacháin seo go ndéanfaí na haonaid sin den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a athdhearadh. Ceanglaítear ar an monaróir measúnú riosca cibearshlándála a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht chun a chinneadh, ar bhonn na críche atá beartaithe agus na húsáide atá intuartha le réasún don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, cé acu de na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I is infheidhme maidir leis an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus conas a chuirtear na ceanglais sin chun feidhme.

34. I gcás ina léiríonn toradh an mheasúnaithe riosca sin go bhfuil bearta slándála iomchuí éifeachtacha ionchorpraithe cheana féin sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí ábhartha, féadfaidh an monaróir brath ar na bearta sin atá ann cheana chun comhlíontacht leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht a léiriú. Ní fhorchuirtear leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht ann féin oibleagáid gnéithe slándála nua a thabhairt isteach ná an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a athdhearadh i gcás nach gá sin chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta.

([10]) Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh na breithnithe a leagtar síos sa mhír seo a bheith infheidhme, de réir mar is iomchuí, maidir le gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, agus ní hamháin maidir le 'córais chasta'.

35. Mar sin féin, tá an monaróir fós faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht. Áirítear orthu sin a chinntiú, sula gcuirtear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, go bhfuil an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme curtha i gcrích, go bhfuil dearbhú comhréireachta AE tarraingthe suas agus go bhfuil an marcáil chomhréireachta greamaithe. Tá comhlíonadh na gceanglas sin neamhspleách ar cé acu a bhí nó nach raibh modhnú ag teastáil ar dhearadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar thoradh ar an measúnú riosca. I gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dearadh roimh dháta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, ach a chuirtear ar an margadh tar éis an dáta sin, nuair nach féidir leis an monaróir a léiriú conas a cuireadh an measúnú riosca san áireamh le linn chéim deartha agus forbartha an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ba cheart a thuiscint go gceanglaítear le hoibleagáid Airteagal 13(2) ar mhonaróirí measúnú riosca cibearshlándála a dhéanamh agus a léiriú ar an mbonn sin go n-ionchorpraítear bearta slándála leordhóthanacha sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'fhonn rioscaí cibearshlándála a íoslaghdú, teagmhais a chosc agus a dtionchar a íoslaghdú, lena n-áirítear i ndáil le sláinte agus sábháilteacht úsáideoirí.

36. Dá réir sin, táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dearadh sular tháinig an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm, d'fhéadfaí iad a chur ar an margadh faoin nGníomh um Chibear-Athléimneacht gan athdhearadh, ar choinníoll gur féidir leis an monaróir a léiriú, tríd an measúnú riosca cibearshlándála agus tríd an doiciméadacht theicniúil, go mbaineann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha leibhéal iomchuí cibearshlándála amach i bhfianaise na críche atá beartaithe dó agus na húsáide atá intuartha le réasún agus go gcomhlíonann sé na ceanglais fhíor-riachtanacha chibearshlándála.

37. Thairis sin, is cabhair é soiléiriú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na n-oibleagáidí um measúnú comhréireachta le haghaidh monaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar an margadh tar éis don Ghníomh um Chibear-Athléimneacht teacht i bhfeidhm, ach a mhonaraítear i gcomhréir le cineál nó samhail a dearadh agus a forbraíodh roimh an dáta sin. I gcomhréir le hAirteagal 13(12), ceanglaítear ar an monaróir a léiriú tríd an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta go bhfuil a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha is infheidhme agus fianaise chuige sin a áireamh i ndoiciméadacht theicniúil an táirge (pointe 6 d'Iarscríbhinn VII).

38. Mar sin féin, ní mór cur i bhfeidhm na gceanglas sin a léirmhíniú i bhfianaise an mheasúnaithe riosca cibearshlándála agus phróifíl riosca cibearshlándála an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Go háirithe i gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dearadh roimh dháta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht (ach a chuirtear ar an margadh tar éis an dáta sin) agus faoi réir nósanna imeachta um measúnú comhréireachta Airteagal 32(1), i gcás ina léirítear sa mheasúnú riosca go n-ionchorpraítear cheana féin sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha bearta slándála iomchuí agus éifeachtacha lena dtugtar aghaidh ar rioscaí an táirge sin, níor cheart a thuiscint leis an oibleagáid fianaise a sholáthar mar chuid den nós imeachta um measúnú comhréireachta go gceanglaítear ar an monaróir torthaí tástála a sholáthar lena gcumhdaítear céimeanna bunaidh deartha agus forbartha na dtáirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ní bheadh gá leis sin toisc nach rannchuideodh sé le slándáil an táirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhéadú. I gcás ina bhféadfadh gá a bheith le tástálacha mar sin féin, níl coinne leis go soláthróidh monaróirí fianaise ar thástálacha a rinneadh ar gach athróg táirgí, ach is féidir leo tástálacha den sórt sin a ghrúpáil thar fhinte táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, mar a phléitear a thuilleadh i Roinn 7.4 *Reuse of risk assessments and conformity documentation for families of products with digital elements*.

39. Mar sin féin, ba cheart don mhonaróir fianaise a sholáthar maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann sé na próisis láimhseála leochaileachtaí a leagtar síos i gCuid II d'Iarscríbhinn I, ba cheart dó a mheasúnú riosca a choinneáil cothrom le dáta i gcomhréir le hAirteagal 13(3), chomh maith le gach oibleagáid eile a leagtar síos sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht a chomhlíonadh, lena n-áirítear trí fhaisnéis agus treoracha a sholáthar d'úsáideoirí i gcomhréir le hAirteagal 13(18).

Mar shampla 12: Cuireann monaróir micriríalaitheoir ar an margadh a dearadh agus a forbraíodh roimh dháta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Tá sé beartaithe an micriríalaitheoir a chomhtháthú i raon táirgí leictreonacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhmiúlachtaí nascachta acu.

Sula gcuirfear aonaid nua den mhicriríalaitheoir ar an margadh tar éis don Ghníomh um Chibear-Athléimneacht iarratas a dhéanamh, déanfaidh an monaróir measúnú riosca cibearshlándála i gcomhréir le hAirteagal 13(2). Ar bhonn na críche atá beartaithe don mhicriríalaitheoir agus na húsáide atá intuartha le réasún, sainaithníonn an monaróir rioscaí ábhartha cibearshlándála, amhail rochtain neamhúdaraithe, ionramháil bogearraí nó sonraí, agus mí-úsáid comhéadan atá ar fáil.

Léiríonn toradh an mheasúnaithe riosca go n-ionchorpraíonn an micriríalaitheoir cheana féin, mar a dearadh ar dtús é, bearta slándála iomchuí agus éifeachtacha lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí sainaitheanta. Dá bhrí sin, tagann an monaróir ar an gconclúid go gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais fhíor-riachtanacha ábhartha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I agus nach gá feidhmiúlachtaí slándála breise a athdhearadh ná a thabhairt isteach.

I gcás nach féidir a léiriú conas a cuireadh measúnú riosca cibearshlándála san áireamh le linn na céime bunaidh deartha agus forbartha, déanann an monaróir measúnú riosca cibearshlándála atá ann faoi láthair a dhoiciméadú agus míníonn sé conas a mhaolaíonn an dearadh agus na bearta atá ann cheana na rioscaí sainaitheanta. Ní cheanglaítear ar an monaróir dearadh stairiúil ná doiciméadacht tástála a athchruthú, toisc nach gcuirfeadh sé sin le feabhas a chur ar chibearshlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I gcás ina bhfuil roinnt athróg den mhicriríalaitheoir bunaithe ar an dearadh céanna agus ina bhfuil an phróifíl riosca chibearshlándála chéanna acu, féadfaidh an monaróir brath freisin ar fhianaise ionadaíoch lena gcumhdaítear an fhine táirgí ábhartha.

Áirithíonn an monaróir freisin go gcomhlíontar na ceanglais maidir le láimhseáil leochaileachtaí a leagtar síos i gCuid II d'Iarscríbhinn I, lena n-áirítear trí phróisis a choinneáil ar bun chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus chun iad a leigheas agus tríd an measúnú riosca cibearshlándála a choinneáil faoi athbhreithniú i gcomhréir le hAirteagal 13(3).

Sna himthosca sin, féadfar an micriríalaitheoir a dearadh roimh dháta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a chur ar an margadh gan athdhearadh, ar choinníoll gur féidir leis an monaróir a léiriú, tríd an measúnú riosca cibearshlándála agus tríd an doiciméadacht theicniúil, go mbaineann sé leibhéal iomchuí cibearshlándála amach i bhfianaise na críche atá beartaithe dó agus na húsáide atá intuartha le réasún agus go gcomhlíonann sé na ceanglais fhíor-riachtanacha is infheidhme.

3. **SAOR-BHOGEARRAÍ FOINSE OSCAILTE**

40. Mar a mheabhraítear i Roinn *2.1 Placing on the market*, tá feidhm ag an nGníomh um Chibear-Athléimneacht maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar fáil ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála den chéad uair (i.e. 'a chuirtear ar an margadh'), agus maidir le haon chás ina dhiaidh sin arb é atá ann an táirge céanna sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar an margadh. Soiléirítear sa Treoirleabhar Gorm (Roinn 2.2) go dtuigfear gurb é atá i gceist le 'gníomhaíocht tráchtála' earraí a sholáthar, ar íocaíocht nó saor in aisce, i gcomhthéacs gnó agus nach féidir í a aithint ach ar bhonn cás ar chás, agus tráthrialtacht na soláthairtí, saintréithe an táirge, rúin an tsoláthróra, etc. á gcur san áireamh.

Mar shampla 32: Foilsíonn eintiteas seachbhrabúsach comhpháirt saor-bhogearraí foinse oscailte a bhunaítear ar bhealach lena n-áirithítear go n-úsáidtear an tuilleamh go léir tar éis na gcostas chun cuspóirí seachbhrabúsacha a bhaint amach. Soláthraíonn an t-eintiteas tacaíocht leanúnach chun inmharthanacht fhadtéarmach an tionscadail a áirithiú. Maoinítear cothabháil trí chistiú poiblí, amhail deontais taighde. Maoinítear forbairtí breise, lena n-áirítear gnéithe nua, trí shíntiúis agus tionscadail shonracha, a dhéantar i gcomhpháirtíocht le monaróirí a chomhtháthaíonn na saor-bhogearraí foinse oscailte sin ina dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ionchorpraítear gnéithe den sórt sin i gcódbhunachar saor-bhogearraí foinse oscailte.

Meastar gurb é an t-eintiteas seachbhrabúsach a fhoilsíonn saor-bhogearraí foinse oscailte an maor le haghaidh na comhpháirte saor-bhogearraí foinse oscailte sin. Monaróir a rannchuidigh le gnéithe áirithe a fhorbairt, ní thagann sé chun bheith ina mhonaróir den chomhpháirt saor-bhogearraí foinse oscailte sin. I gcás ina gcomhtháthaíonn an monaróir an chomhpháirt saor-bhogearraí foinse oscailte sin ina tháirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ní mór dó dícheall cuí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 13(5).

Mar shampla 33: Eintiteas seachbhrabúsach a bunaíodh ar bhealach lena n-áirithítear go n-úsáidtear an tuilleamh go léir tar éis na gcostas chun cuspóirí seachbhrabúsacha a bhaint amach, foilsíonn sé fearas forbartha bogearraí saor-bhogearraí foinse oscailte agus áirithíonn sé a gcothabháil leanúnach. Roinntear an fearas forbartha bogearraí go hoscailte agus tá sé ar fáil saor in aisce do chách chun rochtain a fháil air, é a úsáid, a mhodhnú agus a athdháileadh. Cuirtear cistiú ar fáil trí tháillí ballraíochta a íoctar leis an eintiteas seachbhrabúsach, agus rannchuidíonn forbróirí atá fostaithe ag balleagraíochtaí cód agus acmhainní eile le forbairt an fhearais forbartha bogearraí. Úsáideann monaróirí an fearas forbartha bogearraí mar chomhpháirt chun táirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thógáil.

An t-eintiteas seachbhrabúsach a fhoilsíonn an fearas forbartha bogearraí, is é an maor ina leith é. Níl comhaltaí na fondúireachta freagrach as comhlíontacht an fhearais forbartha bogearraí leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht. I gcás ina n-úsáideann monaróirí an fearas forbartha bogearraí chun a dtáirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thógáil, ní mór dóibh dícheall cuí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 13(5).


Mar shampla 34: Foilsíonn forbróir aonair leabharlann saor-bhogearraí foinse oscailte ar stóras pacáistí poiblí le haghaidh teanga ríomhchlárúcháin ar leith agus coinníonn sé ar bun go gníomhach í. I ndoiciméadacht an phacáiste, cuireann an forbróir nasc leis chun síntiúis a bhailiú. Íoslódálann monaróir an leabharlann sin ón stóras saor in aisce agus comhtháthaíonn sé í ina tháirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

Níl aon oibleagáid ar an bhforbróir aonair ná ar stóras an phacáiste faoin nGníomh um Chibear-Athléimneacht. Ní mór don mhonaróir a chomhtháthaíonn an leabharlann dícheall cuí a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 13(5).

([15]) Ach amháin i gcás inar eintiteas seachbhrabúsach í cuideachta A a bunaíodh ar bhealach lena n-áirithítear go n-úsáidtear an tuilleamh go léir tar éis na gcostas chun cuspóirí seachbhrabúsacha a bhaint amach, agus sa chás sin bheadh sí ina maor ar na saor-bhogearraí foinse oscailte sin.

Fíor 1

Sreabhchairt stílithe faoi chumhdach an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht maidir le saor-bhogearraí foinse oscailte



4. MODHNUITHE SUBSTAINTIÚLA AGUS PÁIRTEANNA SPÁRTHA

90. In Airteagal 3(30) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht is é an sainmhíniú atá ar 'mhodhnú substaintiúil' athrú ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha tar éis é a chur ar an margadh, rud (i) a dhéanann difear don chaoi a gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I; nó (ii) modhnú ar an gcríoch a beartaíodh agus a ndearnadh measúnú ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina leith.

91. Tá coincheap an mhodhnaithe shubstaintiúil ábhartha chun oibleagáidí an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a fhionnadh i roinnt cásanna, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) i gcomhréir le hAirteagal 21, meastar gurb é allmhaireoir nó dáileoir a dhéanann modhnú substaintiúil ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh cheana féin a mhonaróir;

(b) i gcomhréir le hAirteagal 22, aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann modhnú substaintiúil ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a chuireann ar fáil ar an margadh é, meastar gurb é a mhonaróir é;

(c) i gcomhréir le hAirteagal 69(2), aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann modhnú substaintiúil tar éis an 11 Nollaig 2027 ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh roimh an 11 Nollaig 2027 agus a chuireann ar an margadh é, meastar gurb é a mhonaróir é;

(d) i gcás monaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar an margadh tar éis an 11 Nollaig 2027, chun a chinneadh an gceanglaítear nós imeachta nua um measúnú comhréireachta a dhéanamh ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar gheall ar athruithe a dhéantar tar éis an dáta sin, go háirithe i bhfianaise chineál atriallach na forbartha bogearraí.

92. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach treoraíochta a sholáthar chun cuidiú le hoibreoirí eacnamaíocha a thuiscint cathain a cháilíonn modhnuithe crua-earraí nó bogearraí mar mhodhnuithe substaintiúla.

4.1. **Deisiúcháin fhisiceacha**

93. Mar a luaitear in aithris 42 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, ‘i gcás ina bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir “athchóiriú”, “cothabháil” agus “deisiú” mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointí (18), (19) agus (20), de Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ní gá go n-eascródh modhnú substaintiúil ar an táirge sin, mar shampla, mura n-athraítear an chríoch a beartaíodh agus na feidhmiúlachtaí agus mura ndéantar difear don leibhéal riosca. Mar sin féin, d’fhéadfadh athruithe ar dhearadh agus ar fhorbairt táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith ann mar thoradh ar uasghrádú táirge ag an monaróir agus, dá bhrí sin, d’fhéadfadh sé difear a dhéanamh don chríoch a beartaíodh agus comhlíontacht leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo’. Tá sé sin comhsheasmhach le Roinn 2.1 den Treoirleabhar Gorm, ina meabhraítear ‘nach mór táirge atá faoi réir athruithe nó ollchóiriú tábhachtach tar éis é a chur i seirbhís a mheas mar tháirge nua más rud é: i) ina modhnaítear a fheidhmíocht, a chuspóir nó a chineál bunaidh, gan foráil a dhéanamh maidir leis sin sa mheasúnú riosca tosaigh; ii) go bhfuil athrú tagtha ar chineál na guaise nó go bhfuil méadú tagtha ar leibhéal an riosca i ndáil le reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais; agus iii) go gcuirtear an táirge ar fáil (nó go gcuirtear i seirbhís é má chumhdaítear freisin leis an reachtaíocht is infheidhme cur i seirbhís laistigh dá raon feidhme). Ní mór measúnú a dhéanamh air sin ar bhonn cás ar chás agus, go háirithe, i bhfianaise chuspóir na reachtaíochta agus an chineáil táirgí a chumhdaítear leis an reachtaíocht atá i gceist’.

94. Oibríochtaí athchóirithe, cothabhála nó deisiúcháin a mbíonn modhnuithe fisiceacha ar tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh cheana mar thoradh orthu, ní gá gur modhnuithe substaintiúla iad. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú cás ar chás a dhéanamh, chun a fháil amach an ndéanann an modhnú fisiceach sin difear don chaoi a gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais fhíor-riachtanacha i gCuid I d’Iarscríbhinn I, nó an bhfuil athrú ar an gcríoch atá beartaithe don táirge a chumhdaítear leis an measúnú riosca cibearshlándála mar thoradh air.

95. Páirteanna a fheidhmíonn níos fearr (e.g. mar gheall ar dhul chun cinn teicniúil nó toisc nach dtáirgtear an tseanpháirt a thuilleadh) a chur in ionad páirteanna lochtacha nó earraí caite, ní spreagann sé sin ann féin modhnú substaintiúil ar an táirge deisithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ní dhéanann sé amhlaidh ach amháin má dhéanann an t-athrú feidhmíochta nó an chaoi a n-oibríonn an táirge deisithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha (i) difear dá chomhlíontacht leis na ceanglais fhíor-riachtanacha nó (ii) más é an toradh a bhíonn air athrú ar an gcríoch a beartaíodh nár cumhdaíodh leis an measúnú riosca.

Mar shampla 35: Déanann monaróir freastalaí ríomhaire oibríocht deisiúcháin, agus aistríonn sé RAM lochtach le RAM nua a fheidhmíonn níos fearr. Ní dhéantar difear do chomhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach ag an bhfreastalaí. Feidhmíonn an freastalaí níos fearr, ach tá a fheidhmíocht nua fós laistigh den úsáid atá beartaithe don fhreastalaí mar a mheastar sa mheasúnú riosca cibearshlándála. Ní mheastar go bhfuil modhnú substaintiúil déanta ar an bhfreastalaí ríomhaireachta.

4.2. **Páirteanna spártha**

96. Bunaítear le hAirteagal 2(6) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht nach bhfuil páirteanna spártha atá beartaithe a chur in ionad comhpháirteanna comhionanna agus a mhonaraítear de réir na sonraíochtaí céanna leis na comhpháirteanna sin faoi réir an Ghnímh. Luaitear freisin in Aithris 29 go gcumhdaítear leis an díolúine páirteanna spártha le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar fáil sular tháinig an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm, agus páirteanna spártha a ndearnadh nós imeachta um measúnú comhréireachta orthu cheana féin mar a leagtar síos sa Rialachán.

97. Níor cheart a thuiscint go bhfuil feidhm ag an díolúine in Airteagal 2(6) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht ach amháin i gcás ina soláthraítear an pháirt spártha go sonrach chun marthanacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh cheana féin a dheisiú nó a leathnú (roimh an 11 Nollaig 2027 nó ina dhiaidh sin). I gcás ina soláthraítear táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar tháirge neamhspleách, gan aon nasc le cothabháil ná deisiú táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá ann cheana, cuirtear ar an margadh é de réir bhrí an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht agus níor cheart a mheas gur páirt spártha é a thagann faoi raon feidhme Airteagal 2(6). Ba cheart an cuspóir cothabhála nó deisiúcháin a bheith soiléir ó chomhthéacs an tsoláthair, mar shampla tríd an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó an fhine táirgí a shainaithint san ordú nó sa tairiscint tráchtála, nó trí sholáthar trí bhealaí iardhíola nó seirbhíse. Ba cheart fianaise thacaíochta chuige sin a choinneáil ar fáil d'údaráis faireachais margaidh freisin. Ní leor ann féin go bhféadfaí táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a úsáid go teicniúil chun comhpháirt a ionadú chun í a thabhairt faoi raon feidhme na díolúine in éagmais na n-eilimintí sin.

98. Dá réir sin, i gcás ina bhfuil páirt spártha comhionann le comhpháirt a áirítear cheana féin i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh roimh dháta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht nó a cuireadh ar an margadh i gcomhréir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, níl an pháirt spártha sin í féin faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

99. Agus measúnú á dhéanamh ar cheart a mheas go bhfuil páirt spártha comhionann le comhpháirt, ba cheart díriú ar a ról feidhmiúil sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ar na saintréithe a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chibearshlándáil. Cé go bhfuil gá le measúnú cás ar chás i gcónaí, ní chuireann difríochtaí nach ndéanann difear do shaintréithe slándála ná do phróifíl riosca cibearshlándála na comhpháirte cosc, iontu féin, ar an bpáirt spártha sin teacht faoi raon feidhme Airteagal 2(6) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht.

100. Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé go gciallódh difríochtaí i saintréithe atá ábhartha do chibearshlándáil na comhpháirte, amhail algartaim, prótacail, sásraí cripteagrafacha, gnéithe rialaithe rochtana nó saintréithe eile a bhaineann leis an tslándáil, nach féidir a mheas go bhfuil an pháirt nua comhionann leis an gcomhpháirt a bhfuil sé beartaithe í a ionadú.

101. I gcás nach ionann páirt spártha agus an chomhpháirt bhunaidh, is ionann an pháirt spártha sin agus táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha inti féin agus dá bhrí sin tá sí faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. I gcásanna den sórt sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach i bhfianaise na críche atá beartaithe don chomhpháirt athsholáthair. Tá ábharthacht ar leith ag baint leis an bhfeidhm atá ag an gcomhpháirt athsholáthair comhoiriúnacht nó idir-inoibritheacht a áirithiú le táirge atá ann cheana ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear i gcás inar táirge é an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh sular tháinig an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm. I gcás nach féidir ceanglais fhíor-riachtanacha áirithe a chomhlíonadh go réasúnta mar gheall ar an gcríoch sin atá beartaithe nó na srianta teicniúla, ní mór don mhonaróir é sin a léiriú sa mheasúnú riosca cibearshlándála agus bearta maolaithe riosca malartacha nó cúiteacha iomchuí a chur chun feidhme, ionas nach mbainfear an bonn de shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar a phléitear i Roinn *2.6 Complex systems* freisin, tá ról lárnach ag an doiciméadacht theicniúil agus ag an bhfaisnéis agus na treoracha don úsáideoir araon maidir le tuairisc thrédhearcach a thabhairt ar na srianta sainaitheanta, ar na rioscaí cibearshlándála gaolmhara agus ar na bearta maolaithe riosca a cuireadh chun feidhme. Mar a mhínítear i Roinn *4.1 Physical repairs*, má chuirtear páirteanna a fheidhmíonn níos fearr in ionad páirteanna lochtacha nó earraí caite, ní spreagtar ann féin modhnú substaintiúil ar an táirge deisithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

Mar shampla 36: Chuir monaróir rialaitheoirí nasctha ar mhargadh an Aontais. I gcás amháin, cuireadh an rialaitheoir ar an margadh in 2026, roimh dháta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. I gcás eile, cuireadh an rialaitheoir ar an margadh in 2028, i gcomhréir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht. In 2028, teipeann ar mhodúl cumarsáide digití sa dá chineál rialaitheoirí. Soláthraíonn an monaróir modúl athsholáthair mar pháirt spártha atá comhionann leis agus a mhonaraítear de réir na sonraíochtaí céanna leis an mbunleagan.

Sa dá chás, tagann an modúl athsholáthair faoi raon feidhme na díolúine in Airteagal 2(6). Níl an pháirt spártha féin faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, cé gur táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha í, toisc go gcuirtear í in ionad comhpháirt chomhionann i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ní modhnú substaintiúil ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha é an deisiú.

Mar shampla 37: Chuir monaróir rialaitheoir tionsclaíoch nasctha ar mhargadh an Aontais in 2026, roimh dháta chur i bhfeidhm an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. In 2028, teipeann ar shlis chumarsáide sa rialaitheoir sin. Ós rud é nach monaraíonn an monaróir an tslis sin a thuilleadh, soláthraíonn sé slis níos nuaí ag a bhfuil feidhmiúlacht choibhéiseach mar pháirt spártha, ach ag a bhfuil cur chun feidhme cripteagrafach difriúil agus sásra slán bútála nuashonraithe, chun comhoiriúnacht agus oibriú leanúnach a choinneáil ar bun.

Sa chás sin, ní féidir a mheas go bhfuil an tslis athsholáthair comhionann, toisc go ndéanann na difríochtaí sa chur chun feidhme cripteagrafach agus sa sásra slán bútála difear d'airíonna cibearshlándála na slise. Dá bhrí sin, ní thairbhíonn sé den díolúine in Airteagal 2(6) agus is táirge é ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Ní mór measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht na páirte athsholáthair i bhfianaise na críche atá beartaithe di, lena n-áirítear an ról atá aici maidir le hidir-inoibritheacht a áirithiú leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh sular tháinig an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm.

Mar shampla 38: Cuireann monaróir rialaitheoir foirgneamh cliste ar an margadh in 2028 i gcomhréir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht. In 2029, teipeann ar an modúl gan sreang sa rialaitheoir sin. Ós rud é nach monaraíonn an monaróir an modúl sin a thuilleadh, soláthraíonn sé mar pháirt spártha modúl nua a bhfuil an fheidhm chéanna aige agus úsáid á baint as na prótacail chumarsáide agus na sásraí slándála céanna, ach atá bunaithe ar fhoireann sliseanna éagsúil agus tá dochtearraí nuashonraithe aige nach n-athraíonn saintréithe a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don chibearshlándáil.

Sa chás sin, is féidir a mheas go bhfuil an modúl athsholáthair comhionann. Dá bhrí sin, tairbhíonn an modúl den díolúine in Airteagal 2(6) agus níl sé faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

102. Tá feidhm ag an díolúine le haghaidh páirteanna spártha gan beann ar cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an pháirt spártha in ionad comhpháirt laistigh de tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear an pháirt spártha in ionad táirge iomlán ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar cuid de tháirge níos mó é féin, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil an táirge níos mó sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha comhdhéanta de roinnt comhpháirteanna comhtháite, ar choinníoll go soláthraítear an pháirt athsholáthair go sonrach mar pháirt spártha, mar a mhínítear sna míreanna roimhe seo.

Mar shampla 39: In 2027, cuirfidh monaróir córas uathoibrithe thionsclaíoch ar an margadh ina n-ionchorpraítear rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe mar cheann dá chomhpháirteanna. In 2031, theip ar láraonad próiseála an rialaitheora loighce in-ríomhchláraithe. Cuireann an monaróir dhá rogha deisiúcháin ar fáil: (i) soláthar aonaid athsholáthair den láraonad próiseála, ar féidir a mheas gurb ionann é agus an láraonad a suiteáladh ar dtús; nó (ii) rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe athsholáthair iomlán a sholáthar, ar féidir a mheas gurb ionann é agus an rialaitheoir a suiteáladh ar dtús. I ngach cás, soláthraítear an t-athsholáthar trí chainéal seirbhíse iardhíola an mhonaróra mar pháirt spártha, agus sainaithnítear go soiléir an córas uathoibrithe thionsclaíoch dá bhfuil an t-athsholáthar beartaithe. Sa dá chás, tagann an t-athsholáthar faoi raon feidhme na díolúine in Airteagal 2(6), cibé acu a bhaineann an t-athsholáthar le comhpháirt laistigh den rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe, nó leis an rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe ina iomláine.

4.3. **Nuashonruithe bogearraí mar mhodhnuithe substaintiúla**

103. Tá forbairt bogearraí de chineál atriallach, agus déantar táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh cheana féin a thabhairt cothrom le dáta go minic agus go leanúnach. Sa chomhthéacs sin, tá sé úsáideach tuilleadh treoraíochta a chur ar fáil chun a fháil amach cathain a mheasfar bogearraí a bheith modhnaithe go substaintiúil. Tá treoraíocht den sórt sin beartaithe go háirithe chun cuidiú le monaróirí táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhéanann athruithe ar a dtáirgí féin a chinneadh cibé acu an modhnú substaintiúil iad na hathruithe sin nó nach ea.

104. Léirítear in Aithris 39 go ndéantar táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhodhnú go substaintiúil i gcás ina n-athraíonn athrú an leibhéal riosca cibearshlándála, agus i gcás nár bhreithnigh an monaróir riosca athraithe nó breise den sórt sin ina mheasúnú riosca agus, dá bhrí sin, ina chur chun feidhme ar na ceanglais fhíor-riachtanacha. Dá bhrí sin, ba cheart do mhonaróir measúnú a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, an dtugtar rioscaí cibearshlándála nua nó méadaithe isteach le nuashonrú bogearraí, agus ar tugadh aghaidh ar na rioscaí sin cheana féin ina mheasúnú riosca.

105. I gcás ina dtugann monaróir feidhmiúlachtaí nua isteach i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha as a n-eascraíonn athrú ar an gcríoch atá beartaithe don táirge ina iomláine, is dócha nár bhreithnigh an monaróir na hathruithe sin ina mheasúnú riosca. In imthosca den sórt sin, cháileodh an t-athrú go ginearálta mar mhodhnú substaintiúil.

Mar shampla 40: Cuireann monaróir deais ar an margadh lena mbailítear sonraí ó mheaisíní agus lena dtaispeántar treochtaí agus foláirimh, gan an cumas a bheith aige meaisíní den sórt sin a rialú. Ina dhiaidh sin, forbraíonn an monaróir leagan nua den deais sin, lena dtugtar isteach feidhmiúlachtaí a chuireann ar a chumas dó na meaisíní a rialú, lena n-áirítear trí pharaiméadair oibriúcháin a choigeartú agus meaisíní a atosú de réir dálaí fabht. Mar thoradh ar na hathruithe sin, tá athrú tagtha ar an gcríoch a beartaíodh don deais thar a raibh beartaithe sa mheasúnú riosca, ag aistriú ó uirlis feasachta staide go táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá beartaithe chun rialú oibríochtúil a fheidhmiú ar ghléasanna eile. Dá bhrí sin, rinneadh modhnú substaintiúil ar an deais.

Mar shampla 41: Cuireann monaróir ar an margadh feidhmchlár bogearraí do thomhaltóirí atá ceaptha chun sonraí pearsanta a eagrú agus a thaispeáint, amhail ríomhphoist, teachtaireachtaí, nó doiciméid, agus chun tacú le feidhmeanna bunúsacha cuardaigh agus scagtha. Ina dhiaidh sin, tugann an monaróir nuashonrú isteach lena gcuirtear ar a chumas don fheidhmchlár anailís uathoibríoch a dhéanamh ar inneachar úsáideora chun próifílí iompraíochta a ghiniúint agus cinntí uathoibrithe a dhéanamh a dhéanann difear do thosaíocht a thabhairt d'inneachar, é a chur faoi chois, nó é a mholadh gan idirghabháil ón úsáideoir. Mar thoradh ar an athrú sin, aistrítear cuspóir beartaithe na mbogearraí ó uirlis bainistíochta faisnéise atá faoi rialú úsáideoirí go córas cinnteoireachta uathoibrithe, rud nach raibh beartaithe sa mheasúnú riosca. Dá bhrí sin, rinneadh an t-iarratas a mhodhnú go substaintiúil.

106. An tráth céanna, áfach, d'fhéadfadh monaróir feidhmiúlachtaí nua a thabhairt isteach de réir a chéile atá san áireamh cheana féin ina mheasúnú riosca nó nach n-athraíonn, astu féin, próifíl riosca cibearshlándála an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina bhfuil réamh-mheas déanta ag an monaróir ar fhorbairt na bhfeidhmiúlachtaí sin, ina bhfuil tuairisc tugtha aige cheana féin ar na rioscaí gaolmhara agus ina bhfuil measúnú déanta aige orthu, agus ina bhfuil bearta maolaithe iomchuí curtha chun feidhme aige chun a áirithiú go leanfar de na ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh freisin i gcás nach gcuireann na feidhmiúlachtaí nua athruithe chun feidhme lena dtugtar isteach rioscaí nua nó méadaithe. Níor cheart, dá bhrí sin, nuashonruithe den chineál sin a mheas mar mhodhnuithe substaintiúla, toisc nach méadaíonn siad an riosca cibearshlándála agus, dá bhrí sin, nach n-athraíonn siad cur chun feidhme na gceanglas fíor-riachtanach.

Mar shampla 42: Déantar eisiúint tosaigh ar fheidhmchlár teachtaireachtaí agus feidhmiúlacht teoranta do theachtaireachtaí duine le duine aige. Cumhdaítear le measúnú riosca an mhonaróra teachtaireachtaí grúpa a thabhairt isteach ina dhiaidh sin, lena n-áirítear, mar shampla, castacht mhéadaithe ródú teachtaireachtaí. I nuashonrú ina dhiaidh sin, cuireann an monaróir feidhmiúlacht comhrá grúpa leis in éineacht le rialuithe riarthóra agus uirlisí modhnóireachta a ndearnadh foráil maidir leo agus a ndearnadh measúnú orthu cheana sa dearadh bunaidh. Leis an nuashonrú, cuirtear feidhmiúlachtaí chun feidhme a thagann faoi raon feidhme na críche bunaidh a beartaíodh agus an mheasúnaithe riosca. Dá bhrí sin, ní dhearnadh modhnú substaintiúil ar an bhfeidhmchlár teachtaireachtaí.

Mar shampla 43: Cuirtear córas faireacháin táirgeachta ar an margadh le deaiseanna inléite amháin cumasaithe, agus tá gnéithe rialaithe uathoibrithe i láthair in ailtireacht an chórais ach tá siad fós díchumasaithe. Cumhdaítear go sainráite i measúnú riosca an mhonaróra gníomhachtú lúb rialaithe uathoibrithe amach anseo, lena n-áirítear na rioscaí cibearshlándála a bhaineann le rialú lúbiata, chomh maith le coimircí amhail sásraí sáraithe oibreora agus staideanna atá slán i gcás teipe. I nuashonrú níos déanaí, cumasaíonn an monaróir na gnéithe rialaithe uathoibrithe agus gníomhachtaíonn sé na coimircí mar a measadh ar dtús iad. Dá bhrí sin, níor modhnaíodh an córas faireacháin táirgeachta go substaintiúil.

107. Os a choinne sin, d'fhéadfadh feidhmiúlachtaí teoranta nó mionfheidhmiúlachtaí nua dealraitheacha fiú rioscaí suntasacha cibearshlándála a thabhairt isteach a mbeadh tionchar acu ar chomhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach. Dá bhrí sin, níor cheart an measúnú ar mhodhnú substaintiúil a bheith bunaithe ar scála ná ar chastacht an athraithe, ach ar an drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar phróifíl riosca cibearshlándála an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus, dá bhrí sin, ar chur chun feidhme na gceanglas fíor-riachtanach.

Mar shampla 44: Tugann monaróir nuashonrú isteach ar fheidhmchlár bogearraí lena gcuirtear gné logála isteach 'cuimhnigh orm' nó gné leanúnach logála isteach lena stóráiltear comharthaí fíordheimhnithe go háitiúil chun an áisiúlacht don úsáideoir a fheabhsú. Cé go bhfuil raon feidhme na feidhmiúlachta teoranta, tugtar isteach leis rioscaí nua a bhaineann le goid comharthaí, rochtain neamhúdaraithe, agus fuadach seisiún nár cuireadh san áireamh sa mheasúnú riosca. Dá bhrí sin, déanann an nuashonrú difear do chomhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach. Tá modhnú substaintiúil déanta ar an bhfeidhmchlár bogearraí.

Mar shampla 45: Cuireann monaróir gné nua logála agus diagnóisice le táirge bogearraí atá ann cheana ag a bhfuil eilimintí digiteacha, rud a fhágann gur féidir logaí córais mionsonraithe a onnmhairiú chun críoch fabhtcheartaithe. Cé go ndealraíonn sé gur feidhmiúlacht bheag í, is é an toradh a bhíonn uirthi sonraí oibríochtúla íogaire a bhailiú agus a stóráil i bhformáid neamhchriptithe, rud a thugann isteach rioscaí maidir le nochtadh sonraí nach ndearnadh measúnú ná maolú orthu roimhe sin. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchar mór a bheith ag an athrú ar phróifíl riosca cibearshlándála an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Rinneadh modhnú substaintiúil ar an táirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

108. I gcomhréir le haithris 39 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, ní mheastar go ginearálta gur modhnuithe substaintiúla iad nuashonruithe slándála, ós rud é gurb é is príomhchuspóir dóibh an leibhéal riosca cibearshlándála a bhaineann leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a laghdú. Dá bhrí sin, maidir le nuashonrú slándála nach modhnaíonn an chríoch atá beartaithe don táirge sin agus nach dtugann rioscaí nua cibearshlándála isteach, níor cheart é a mheas mar mhodhnú substaintiúil, fiú i gcás ina bhféadfaí mórathruithe teicniúla a thabhairt isteach leis an nuashonrú sin. Áirítear leis sin cásanna ina ndéantar feidhmiúlachtaí áirithe a mhodhnú nó a shrianadh chun leochaileachtaí sainaitheanta a mhaolú agus chun comhlíonadh leanúnach na gceanglas fíor-riachtanach a áirithiú, agus chun na críche sin amháin.

Mar shampla 46: Cuireann monaróir nuashonrú slándála in úsáid chun aghaidh a thabhairt ar leochaileacht i gcódbhunachar táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha trí earráid bailíochtaithe ionchuir a cheartú a bhféadfadh forsceitheadh maolánach a bheith mar thoradh uirthi, nó trí locht loighce a shocrú lena gceadaítear fíordheimhniú trí chomharthaí seisiúin míchuí a bhailíochtú. Leis an nuashonrú, modhnaítear cur chun feidhme inmheánach na mbogearraí gan difear a dhéanamh don chríoch atá beartaithe don táirge sin ná gan nochtadh nua a thabhairt isteach. Tá nuashonrú den sórt sin beartaithe go heisiach chun an riosca cibearshlándála a laghdú. Níor cheart a mheas gur modhnú substaintiúil é an nuashonrú slándála.

Mar shampla 47: Tugann monaróir nuashonrú slándála isteach lena neartaítear cumraíochtaí slándála atá ann cheana, amhail rialacha balla dóiteáin a dhéanamh níos doichte, poirt líonra neamhúsáidte a dhíchumasú, beartais maidir le pasfhocal riarthóra réamhshocraithe a athrú, nó fíordheimhniú ilfhachtóra a dhéanamh éigeantach i gcás ina raibh an fheidhmiúlacht sin ar fáil cheana féin nó ina raibh coinne léi. Cé go bhféadfadh an nuashonrú difear a dhéanamh don chaoi a ndéanann úsáideoirí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chumrú nó a rochtain, ní athraíonn sé an cuspóir atá beartaithe dó agus ní fhónann sé ach amháin chun a staid slándála a fheabhsú. Níor cheart a mheas gur modhnú substaintiúil é an nuashonrú slándála.

Mar shampla 48: Cuireann monaróir táirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, táirge lena ndaingnítear cumarsáid trí úsáid a bhaint as creat criptiúcháin inchumraithe lena dtacaítear le halgartaim chripteagrafacha iomadúla agus le heochairmhéideanna, mar a thuairiscítear i ndoiciméadacht theicniúil agus i measúnú riosca an táirge. Cumhdaítear leis an measúnú riosca na roghanna cripteagrafacha uile a sholáthraítear sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus réamh-mheastar leis go ndéanfar algartaim áirithe a dhímheas amach anseo. Áirítear sa mheasúnú riosca freisin bearta maolaithe, amhail lúfaireacht chripteagrafach, bainistiú eochracha inmheánacha, agus tástáil chomhoiriúnachta. Mar fhreagairt ar threoraíocht chripteagrafach atá ag teacht chun cinn, cuireann an monaróir nuashonrú slándála in úsáid lena ndíchumasaítear algartam dímheasta agus lena ngníomhachtaítear rogha mhalartach níos láidre, a bhfuil tacaíocht aici cheana féin, gan spleáchais sheachtracha nua a thabhairt isteach ná sreafaí sonraí a athrú. Ós rud é go gcuirtear chun feidhme leis an nuashonrú beart slándála a ndearnadh foráil maidir leis agus a ndearnadh measúnú air mar chuid den dearadh bunaidh, agus nach dtugtar isteach leis rioscaí nua cibearshlándála, níor cheart a mheas gur modhnú substaintiúil é an nuashonrú slándála.

109. Os a choinne sin, d'fhéadfadh nuashonrú slándála a bheith cáilithe mar mhodhnú substaintiúil i gcás, d'ainneoin a chuspóra slándála, gurb é an toradh a bheidh ar an nuashonrú go ndéanfar an chríoch a beartaíodh don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhodhnú thar an méid a bhí beartaithe ar dtús nó go dtabharfar isteach rioscaí cibearshlándála nua nó méadaithe. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina n-athraíonn nuashonrú teorainneacha nó struchtúr spleáchais an táirge sin go hábhartha ar bhealach nach bhforáiltear dó sa mheasúnú riosca, e.g. trí shreafaí sonraí a athrú go hábhartha, nó comhéadain nua a bhfuil rochtain sheachtrach orthu a chur leis.

Mar shampla 49: Cuireann monaróir táirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, ar táirge é atá beartaithe criptiú comhad áitiúil a sholáthar le haghaidh sonraí a stóráiltear ar ghléas úsáideora, rud a chuireann ar a gcumas d'úsáideoirí comhaid a chriptiú agus a dhíchriptiú ar éileamh. Tar éis leochaileacht sa sreabhadh oibre criptiúcháin a aimsiú, cuireann an monaróir nuashonrú slándála in úsáid lena mbaintear feidhmiúlacht criptiúcháin áitiúil agus, ina ionad sin, lena gceanglaítear gach comhad a uaslódáil chuig seirbhís criptiúcháin chianda arna hoibriú ag an monaróir, a stóráil inti agus a phróiseáil aici. Mar thoradh ar an athrú sin, ní dhéanann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha criptiú áitiúil a thuilleadh mar a bhí beartaithe ar dtús, ina ionad sin feidhmíonn sé mar sheirbhís cianchriptithe agus cianphróiseála sonraí. Cé go dtugtar an nuashonrú isteach ar chúiseanna slándála, athraíonn sé go bunúsach cuspóir beartaithe an táirge sin ar bhealach nach bhforáiltear dó sa mheasúnú riosca agus, dá bhrí sin, cáilíonn sé mar mhodhnú substaintiúil.

Mar shampla 50: Cuireann monaróir táirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, táirge a bhraitheann ar phrótacal criptiúcháin seanbhunaithe agus ar phríomh-shaolré a bhainistítear go hinmheánach chun cumarsáid idir comhpháirteanna den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhaingniú. Mar fhreagairt ar laigí cripteagrafacha nua-aitheanta, tugann an monaróir nuashonrú slándála isteach lena gcuirtear prótacal difriúil in ionad an tsásra criptiúcháin atá ann cheana lena gceanglaítear seirbhís sheachtrach bainistithe eochracha arna hoibriú ag tríú páirtí a úsáid. Mar thoradh ar an athrú sin, athraítear go hábhartha spleáchais agus sreafaí sonraí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena dtugtar isteach comhéadain sheachtracha nua agus spleáchas ar sheirbhísí tríú páirtí nach gcuirtear san áireamh sa mheasúnú riosca. Cé go bhfuil an nuashonrú dírithe ar an tslándáil, tugtar isteach leis rioscaí nua cibearshlándála, agus dá bhrí sin cáilíonn sé mar mhodhnú substaintiúil.

110. Mar a luaitear i bpointe 104 thuas, ba cheart measúnú a dhéanamh ar bhonn cás ar chás ar cé acu atá nó nach bhfuil nuashonrú bogearraí ina mhodhnú substaintiúil. Agus an measúnú sin á dhéanamh acu, féadfaidh monaróirí a mheas, ar bhealach neamh-uileghabhálach, cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an nuashonrú bogearraí:

(a) tugtar isteach leis veicteoirí bagartha nua, amhail comhéadain bhreise, bealaí cumarsáide, timpeallachtaí forghníomhaithe, nó spleáchais sheachtracha trína bhféadfadh bagairtí teacht chun cinn;

(b) cumasaítear leis cásanna ionsaithe nua, lena n-áirítear, mar shampla, bealaí nua ina bhféadfadh rochtain neamhúdaraithe, ionramháil neamhúdaraithe, cur isteach neamhúdaraithe nó mí-úsáid neamhúdaraithe an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, nó na sonraí a phróiseálann sé, tarlú go hinchreidte;

(c) athraítear leis an dóchúlacht go dtarlódh cásanna ionsaithe a sainaithníodh roimhe sin, mar shampla tríd an iarracht nó an saineolas is gá chun iad a shaothrú a ísliú, nochtadh do ghníomhaithe neamhiontaofa a mhéadú, nó coimircí atá ann cheana a lagú;

(d) athraítear leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cásanna ionsaithe a sainaithníodh roimhe sin, lena n-áirítear, mar shampla, raon feidhme na sonraí nó na bhfeidhmeanna dá ndéantar difear, déine na n-iarmhairtí oibríochtúla, sábháilteachta nó eacnamaíocha, nó an cumas teagmhas a bhrath, a shrianadh nó téarnamh uaidh.

111. I gcásanna áirithe, ní thugann nuashonrú bogearraí veicteoirí bagartha nua isteach, ní chumasaíonn sé cásanna ionsaithe nua, agus ní athraíonn sé go hábhartha dóchúlacht ná tionchar cásanna ionsaithe a sainaithníodh roimhe sin. D'fhéadfadh sé sin a thabhairt le fios nach dtugtar isteach rioscaí cibearshlándála nua nó méadaithe leis an nuashonrú, ar choinníoll go leanfaidh na toimhdí agus na bearta maolaithe ar a bhfuiltear ag brath sa mheasúnú riosca de bheith bailí agus éifeachtach. Dá bhrí sin, is dócha nach gcáilíonn an nuashonrú mar mhodhnú substaintiúil.

112. Os a choinne sin, d'fhéadfadh nuashonrú bogearraí veicteoirí bagartha nua a thabhairt isteach, cásanna ionsaithe nua a chumasú, nó dóchúlacht nó tionchar cásanna ionsaithe atá ann cheana a athrú go hábhartha. Sna cásanna sin, ba cheart don mhonaróir athmheasúnú a dhéanamh ar rioscaí cibearshlándála an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus a chinneadh an bhfuil na ceanglais fhíor-riachtanacha fós á gcomhlíonadh, lena n-áirítear an dtugtar isteach leis an nuashonrú rioscaí nua nó méadaithe nach bhforáiltear dóibh sa mheasúnú riosca.

113. Tá sé ábhartha cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn nuashonrú bogearraí mar mhodhnú substaintiúil agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil feidhm ag oibleagáidí áirithe faoin nGníomh um Chibear-Athléimneacht, mar a leagtar amach i bpointe 91. Mar sin féin, gan beann ar an gcáilíocht sin, beidh monaróirí fós freagrach as slándáil nuashonruithe bogearraí agus a dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a áirithiú le linn a dtréimhse tacaíochta, i gcomhréir leis na ceanglais maidir le láimhseáil leochaileachtaí a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht. Thairis sin, gan beann ar cibé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn nuashonruithe bogearraí mar mhodhnuithe substaintiúla, ceanglaítear ar mhonaróirí an measúnú riosca agus an doiciméadacht theicniúil a choimeád cruinn, iomlán agus cothrom le dáta go leanúnach, i gcomhréir le hAirteagail 13(7) agus 31(2).

4.4. **Na hiarmhairtí a bhaineann le modhnú substaintiúil**

114. Tugtar aghaidh in Airteagail 21 agus 22 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht ar na hiarmhairtí a bhaineann le modhnú substaintiúil arna dhéanamh ag gníomhaí eile seachas monaróir bunaidh táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh cheana féin. Baineann Airteagal 21 le hallmhaireoirí agus dáileoirí, agus baineann Airteagal 22 le haon duine nádúrtha nó dlítheanach seachas an monaróir, an t-allmhaireoir nó an dáileoir.

115. I gcás ina ndéanann monaróir bunaidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha an modhnú substaintiúil, eascraíonn na hiarmhairtí as coincheap an mhodhnaithe shubstaintiúil atá bunaithe go ginearálta dá dtagraítear in aithris 41 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht agus déantar iad a mhionsaothrú a thuilleadh i Roinn 2.1 den Treoirleabhar Gorm. Luaitear sa roinn sin go bhfuil táirge a bhí faoi réir mórathruithe nó ollchóiriú tar éis é a chur ar an margadh le meas mar tháirge nua i gcás inar modhnaíodh a fheidhmíocht, a chuspóir nó a chineál bunaidh, inar athraíodh cineál na guaise nó inar méadaíodh leibhéal an riosca, agus ina gcuirtear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar an margadh.

116. Dá bhrí sin, is é an iarmhairt a bhunaítear go ginearálta, i gcás ina gcáilíonn modhnú ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar mhodhnú substaintiúil agus ina gcuirtear an táirge modhnaithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar an margadh, go gcaithfear leis mar tháirge nua ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Mar thoradh air sin, is cur ar an margadh nua atá sa ghníomh chun an táirge atá modhnaithe go substaintiúil a chur ar fáil ar an margadh. Tá feidhm aige sin cibé acu an monaróir bunaidh nó duine eile a dhéanann an modhnú substaintiúil. Chun a áirithiú go gcuirfear an Gníomh um Chibear-Athléimneacht i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach comhréireach ar fud na gcatagóirí éagsúla gníomhaithe a d'fhéadfadh modhnú substaintiúil a dhéanamh, tugtar aghaidh sna foranna seo a leanas ar na hoibleagáidí a eascraíonn as sin atá ar an duine a dhéanann an modhnú substaintiúil nuair a chuirtear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá modhnaithe go substaintiúil ar an margadh. Tugtar aghaidh ar na hiarmhairtí do thréimhse thacaíochta an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i Roinn *5 Support period*.

4.4.1. *Modhnuithe substaintiúla a rinne duine seachas an monaróir bunaidh*

117. I gcomhréir le hAirteagail 21 agus 22, i gcás ina ndéanann duine nádúrtha nó dlítheanach seachas monaróir an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha modhnú substaintiúil ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá curtha ar an margadh cheana féin, measfar gurb é an duine a dhéanann an modhnú substaintiúil agus a chuireann an táirge modhnaithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar an margadh monaróir an táirge mhodhnaithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha, gan beann ar cé acu a bhí nó nach raibh baint ag an duine sin le dearadh bunaidh an táirge sin nó lena chur ar an margadh.

118. Soiléirítear a thuilleadh in Airteagal 22 nach bhfuil an duine a dhéanann an modhnú faoi réir na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 13 agus 14 ach amháin i ndáil leis an gcuid den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a ndéanann an modhnú substaintiúil difear di, i gcás nach bhfuil tionchar ag an modhnú sin ar chibearshlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine.

119. I gcás ina ndéanann modhnú substaintiúil difear do chomhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach ach nach ndéanann sé difear diúltach do chibearshlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, tá an duine a dhéanann an modhnú faoi réir Airteagail 13 (lena n-áirítear an oibleagáid a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais fhíor-riachtanacha agus nós imeachta um measúnú comhréireachta a chur i gcrích) agus 14 (oibleagáidí tuairiscithe) i ndáil leis an gcuid den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a modhnaíodh go substaintiúil agus i ndáil leis an gcuid sin amháin ([16]). Thairis sin, leanfaidh oibleagáidí bunaidh an mhonaróra faoin nGníomh um Chibear-Athléimneacht d'fheidhm a bheith acu maidir leis an táirge bunaidh ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar an margadh, rud a áiritheoidh leanúnachas maidir le láimhseáil leochaileachtaí agus comhlíonadh na bpáirteanna gan athrú.

120. Níor cheart cás ina ndéantar modhnú substaintiúil a mheascadh le cásanna comhtháthaithe, ina gcuireann duine comhpháirteanna le chéile (lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trína modhnú) i dtáirge nua ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuireann siad féin ar an margadh. Sna cásanna sin, níl an comhtháthaire ag modhnú táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuir monaróir eile ar an margadh cheana féin; ina ionad sin, tá táirge nua ag a bhfuil eilimintí digiteacha dá chuid féin á chur ar an margadh aige. Is é an comhtháthaire monaróir an táirge nua sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht agus ceanglaítear air an Rialachán a chomhlíonadh ina iomláine i leith an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine. I gcás ina gcomhtháthaíonn an monaróir comhpháirteanna atá faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, féadfaidh sé brath ar ghníomhaíochtaí comhlíontachta mhonaróirí na gcomhpháirteanna chun a chomhlíontacht féin leis an nGníomh a éascú.

Mar shampla 51: Ceannaíonn cuideachta modúil mhicririalaitheora réamhdhéanta agus comhpháirteanna nascachta ó sholáthróirí tríú páirtí, forbraíonn sí dochtearraí dílseánaigh agus pacáiste braiteoirí, agus cuireann sí le chéile iad i dtáirge monatóra talmhaíochta nasctha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuireann sí ar an margadh faoina hainm féin. Cé go bhfuil modhnú déanta ag an gcuideachta ar na modúil mhicririalaitheora fholuiteacha agus go bhfuil siad comhcheangailte le comhpháirteanna eile, níl modhnú substaintiúil á dhéanamh aici ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh cheana féin; ina ionad sin, tá táirge nua ag a bhfuil eilimintí digiteacha á chur ar an margadh aige. Is í an chuideachta monaróir an mhonatóra talmhaíochta chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht agus ceanglaítear uirthi an Rialachán a chomhlíonadh maidir leis an monatóir talmhaíochta ina iomláine.

([16]) I gcomhréir le Roinn 2.1 den Treoirleabhar Gorm, 'ní gá tástálacha a dhéanamh arís agus doiciméadacht nua a tháirgeadh i ndáil le gnéithe nach ndéanann an modhnú difear dóibh. Is faoin duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann athruithe nó a áirithíonn go ndéantar athruithe ar an táirge a léiriú nach gá eilimintí uile na doiciméadachta teicniúla a thabhairt cothrom le dáta. Beidh an duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann athruithe nó a chuireann athruithe i gcrích ar an táirge freagrach as comhréireacht an táirge mhodhnaithe agus déanfaidh sé dearbhú comhréireachta a tharraingt suas, fiú má úsáideann sé tástálacha agus doiciméadacht theicniúil atá ann cheana'.

121. I gcás ina ndéanann modhnú substaintiúil a rinne duine seachas an monaróir bunaidh difear diúltach do chibearshlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, mar shampla toisc nach bhfuil an modhnú spriocdhírithe ná teoranta a thuilleadh do chomhpháirt nó d'fhochóras sonrach, ba cheart caitheamh leis an táirge modhnaithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar fáil ar an margadh mar tháirge nua ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht ina iomláine. I gcásanna den sórt sin, tá athrú tagtha ar phróifíl riosca chibearshlándála fhoriomlán an táirge sin, agus ní féidir measúnú a dhéanamh ar an modhnú gan an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mheas ina iomláine. Tá an duine a dhéanann an modhnú faoi réir oibleagáidí monaróra a leagtar síos in Airteagail 13 agus 14 i leith an táirge mhodhnaithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine.

4.4.2. *Modhnuithe substaintiúla a rinne an monaróir bunaidh*

122. I gcás ina ndéanann an monaróir bunaidh an modhnú substaintiúil, lena n-áirítear i gcomhthéacs forbairt atriallach táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, is é an monaróir sin an monaróir fós chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Mar sin féin, measfar gur táirge nua-churtha ar an margadh é an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá modhnaithe go substaintiúil.

123. I gcomhréir le Roinn 2.1 den Treoirleabhar Ghorm, féadfaidh an monaróir bunaidh a chuireann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá modhnaithe go substaintiúil ar an margadh an doiciméadacht agus na tástálacha atá ann cheana a athúsáid le haghaidh gnéithe den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach bhfuil tionchar ag an modhnú substaintiúil orthu. Go háirithe i gcás ina gcuirfidh an monaróir leaganacha den táirge céanna ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá modhnaithe go substaintiúil ar an margadh, ba cheart don nós imeachta um measúnú comhréireachta díriú ar na páirteanna den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá modhnaithe go substaintiúil. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina ndéantar measúnú comhréireachta tríú páirtí, ba cheart don chomhlacht um measúnú comhréireachta a mheasúnú a dhíriú ar na páirteanna atá modhnaithe go substaintiúil. I gcás páirteanna gan athrú den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, féadfaidh sé an doiciméadacht agus na torthaí tástála atá ann cheana a athúsáid.

124. Tá feidhm chomhionann ag na breithnithe comhréireachta a leagtar amach san fhoroinn roimhe seo maidir le modhnuithe substaintiúla a rinne monaróir bunaidh táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh roimh an 11 Nollaig 2027. Le modhnú substaintiúil den sórt sin arna dhéanamh ag an monaróir bunaidh, ní cheanglaítear ann féin ar an monaróir an táirge iomlán ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh roimh an dáta sin a thabhairt i gcomhréir iomlán leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, ach amháin má dhéanann an modhnú difear diúltach do chibearshlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine. I gcás nach ndéanann an modhnú difear do chibearshlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, ba cheart oibleagáidí bunaidh an mhonaróra i leith an mhodhnaithe a theorannú do na páirteanna atá modhnaithe go substaintiúil.

5. **TRÉIMHSE THACAÍOCHTA**

125. Le hAirteagal 13(8) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, ceanglaítear ar mhonaróirí an tréimhse thacaíochta a chinneadh ar lena linn a láimhseálfar leochaileachtaí an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear a chomhpháirteanna, go héifeachtach agus i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I. Léiríonn an tréimhse thacaíochta an tréimhse ama a mheastar go mbeidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha in úsáid lena linn (an t-am úsáide a mheastar a bheidh ann), agus ba cheart í a chinneadh i bhfianaise na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 13(8), go háirithe ionchais réasúnta úsáideoirí, cineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear an chríoch a beartaíodh dó, chomh maith le dlí ábhartha an Aontais lena gcinntear saolré táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ([17]). Ar an iomlán, tá critéir den sórt sin le cur san áireamh ar bhealach lena n-áirithítear comhréireacht agus an tréimhse thacaíochta á cinneadh.

([17]) I measc na gcritéar breise a fhéadfar a chur san áireamh, i gcomhréir le hAirteagal 13(8), tá tréimhsí tacaíochta táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhmiúlacht chomhchosúil acu arna gcur ar an margadh ag monaróirí eile, infhaighteacht na timpeallachta oibriúcháin, tréimhsí tacaíochta na gcomhpháirteanna comhtháite lena soláthraítear príomhfheidhmeanna agus a fhaightear ó thríú páirtithe chomh maith le treoraíocht ábhartha arna soláthar ag grúpa comhair riaracháin an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht (ADCO) agus ag an gCoimisiún.

126. Ceanglaítear le hAirteagal 13(8) freisin go mbeidh an tréimhse thacaíochta 5 bliana ar a laghad, ach amháin má tá coinne leis go mbeidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha in úsáid ar feadh tréimhse níos lú ná 5 bliana, agus sa chás sin comhfhreagróidh an tréimhse thacaíochta don am úsáide measta. Dá bhrí sin, ní oibríonn an íostréimhse thacaíochta ach mar choimirce, lena n-áirithítear go láimhseáiltear leochaileachtaí ar feadh tréimhse atá fada go leor, agus ag an am céanna cuireann sí ar chumas monaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ag a bhfuil amanna úsáide a mheastar a bheith níos giorra i ndáiríre a chur san áireamh. Soláthraítear tuilleadh treoraíochta ina leith sin in Aithris 60, lena soiléirítear gur cheart, dá réir sin, tréimhsí tacaíochta níos faide a bheith ag táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a meastar le réasún go mbeidh siad in úsáid ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Dá bhrí sin, níor cheart tréimhse thacaíochta 5 bliana a mheas mar réamhshocrú le haghaidh gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ina ionad sin, ba cheart don mhonaróir an tréimhse thacaíochta iomchuí a chinneadh i bhfianaise na gcritéar dá dtagraítear in Airteagal 13(8).

127. Le hAirteagal 13(19) ceanglaítear ar mhonaróirí dáta deiridh na tréimhse tacaíochta (an mhí agus an bhliain ar a laghad) a chur in iúl, ar bhealach soiléir agus intuigthe, tráth an cheannaigh. Ceanglaítear leis freisin ar mhonaróirí fógra a thaispeáint d'úsáideoirí a luaithe a rachaidh an tréimhse thacaíochta in éag, i gcás ina bhfuil sé sin indéanta go teicniúil i bhfianaise chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Tá sé beartaithe leis an oibleagáid sin trédhearcacht a sholáthar d'úsáideoirí maidir leis an tréimhse ar lena linn is féidir coinne a bheith le tacaíocht slándála.

128. I gcás táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ar minic a fhorbraítear agus a scaoiltear iad go hatriallach agus i gcás ina bhféadfar leaganacha atá modhnaithe go substaintiúil a chur ar an margadh go minic le himeacht ama, ní mór an tréimhse thacaíochta a thuiscint i bhfianaise na samhla forbartha sin. Ní mór tréimhse thacaíochta dhearbhaithe a chomhlíonann Airteagal 13(8) a bheith ag gach leagan de tháirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mhodhnaítear go substaintiúil agus a chuirtear ar an margadh. Áirítear leis sin an íostréimhse thacaíochta 5 bliana ar a laghad, ach amháin más léir go bhfuil am úsáide measta an leagain sin níos giorra, mar a shoiléirítear freisin in aithris 60. Soiléirítear a thuilleadh i Roinn *5.1 Substantial modifications and the support period*, i gcás nach n-eascraíonn athruithe ar na tosca lenar cinneadh i dtosach am úsáide measta an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha as an modhnú substaintiúil, nach ndéantar difear don tréimhse thacaíochta bhunaidh (i.e. lena n-áirítear i gcásanna ina bhfuil an tréimhse thacaíochta atá fágtha níos lú ná 5 bliana).

129. Foráiltear le hAirteagal 13(10) solúbthacht do tháirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha trína cheadú do mhonaróirí, faoi choinníollacha áirithe, a áirithiú go gcomhlíonfar an ceanglas maidir le láimhseáil leochaileachtaí a leagtar amach i bpointe (2) de Chuid II d'Iarscríbhinn I (aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus iad a leigheas) don leagan den táirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh den uair dheireanach, agus don leagan sin amháin. Ceadaítear é sin i gcás ina mbeidh rochtain ag úsáideoirí leaganacha a cuireadh ar an margadh cheana ar an leagan deireanach a cuireadh ar an margadh saor in aisce agus nach dtabhóidh siad costais bhreise chun an timpeallacht crua-earraí agus bogearraí ina n-úsáideann siad leagan bunaidh an táirge sin a choigeartú.

130. Chun críocha Airteagal 13(10), ba cheart an coincheap 'costais bhreise' a léirmhíniú ar bhealach praiticiúil agus comhréireach, agus gnáthchleachtais agus cleachtais a bhfuil coinne leo i gcothabháil agus oibriú bogearraí á gcur san áireamh. Ní chuimsítear leis iarracht oibríochtúil réasúnta a bhaineann go dlúth le nuashonruithe bogearraí a chur i bhfeidhm nó timpeallacht oibriúcháin shlán a choinneáil ar bun, amhail am pearsanra, gnáth-thástáil, coigeartuithe cumraíochta nó uasghráduithe ar spleáchais bhunúsacha bogearraí atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar chomhpháirteanna a bhfuil a ré caite nó ar leochaileachtaí slándála aitheanta. Os a choinne sin, tagraíonn 'costais bhreise' d'ualaí a théann thar an méid is féidir coinne a bheith leis de ghnáth i gcomhthéacs nuashonruithe bogearraí, amhail ceannacháin éigeantacha crua-earraí nua, athsholáthar bonneagair nó athruithe bunúsacha ar an timpeallacht oibriúcháin.

131. I gcás táirgí bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhíonn ag síorathrú, féadfaidh monaróirí leaganacha atá modhnaithe go substaintiúil a chur ar an margadh thar eatraimh réasúnta gearr agus coinne a bheith leis go n-uasghrádóidh úsáideoirí go tráthrialta iad. I gcásanna den sórt sin, ní mór don tréimhse thacaíochta dhearbhaithe le haghaidh gach leagan atá modhnaithe go substaintiúil Airteagal 13(8) a chomhlíonadh tráth a chuirfear ar an margadh é. Is é sin le rá, ní mór don mhonaróir tréimhse thacaíochta nua a dhearbhú don leagan sin atá modhnaithe go substaintiúil. Mar sin féin, féadfaidh monaróirí brath ar Airteagal 13(10) chun scor d'aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus iad a leigheas i gcás leaganacha níos luaithe a luaithe a bheidh úsáideoirí in ann

uasghrádú go leagan níos déanaí saor in aisce agus gan costais bhreise a thabhú dá dtagraítear thuas, fiú má bhíonn tréimhse thacaíochta éifeachtach níos giorra ann do na leaganacha níos luaithe sin mar thoradh air sin ([18]). Tá an monaróir fós faoi réir na gceanglas eile láimhseála leochaileachtaí atá i gCuid II d'Iarscríbhinn I, agus faoi réir oibleagáidí tuairiscithe Airteagal 14. Mar a mhínítear freisin in aithris (40), áirítear ar na ceanglais sin, i measc nithe eile, gach leagan den táirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a modhnaíodh go substaintiúil ina dhiaidh sin agus a cuireadh ar an margadh: (i) beartas maidir le nochtadh comhordaithe leochaileachtaí a choinneáil ar bun; agus (ii) bearta chun comhroinnt faisnéise faoi leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann a éascú ([19]).

Mar shampla 52: Cuireann monaróir samhail fóin chliste ar mhargadh an Aontais agus dearbhaíonn sé tréimhse thacaíochta X bliana ón dáta a cuireadh ar an margadh é, ar lena linn a sholáthróidh sé nuashonruithe slándála lena dtabharfar aghaidh ar leochaileachtaí. Le linn na tréimhse sin, eisíonn an monaróir nuashonruithe tráthrialta bogearraí agus leaganacha den chóras oibriúcháin atá modhnaithe go substaintiúil, ar féidir le húsáideoirí iad a shuiteáil saor in aisce gan gá le crua-earraí nua.

Féadfaidh an monaróir, i gcomhréir le hAirteagal 13(10), aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus iad a leigheas don leagan is déanaí den chóras oibriúcháin arna chur ar fáil don tsamhail fóin chliste sin, ar choinníoll gur féidir leaganacha níos luaithe a uasghrádú saor in aisce agus gan costais bhreise. Ar feadh na tréimhse tacaíochta, beidh an monaróir fós faoi réir na gceanglas eile maidir le láimhseáil leochaileachtaí, amhail nochtadh comhordaithe leochaileachtaí agus bearta comhroinnte faisnéise.

Mar shampla 53: Cuireann monaróir táirge bogearraí fiontair ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh agus eisíonn sé leaganacha atá modhnaithe go substaintiúil gach cúpla mí, lena léirítear feabhsuithe slándála, gnéithe nua agus comhoiriúnacht le córais agus ardáin oibriúcháin nuashonraithe. Cuirtear gach leagan ar an margadh le tréimhse thacaíochta dhearbhaithe i gcomhréir le hAirteagal 13(8). Tá coinne ag an monaróir go n-uasghrádóidh úsáideoirí go tráthrialta mar chuid den ghnáthoibríocht agus tugann sé rochtain saor in aisce ar an leagan is déanaí. D'fhéadfadh iarracht oibríochtúil réasúnta a bheith ag teastáil chun uasghráduithe a chur i bhfeidhm, amhail coigeartuithe tástála nó cumraíochta, ach níl gá le costais bhreise, amhail crua-earraí nua a cheannach nó athruithe bunúsacha ar an mbonneagar. Sa chomhthéacs sin, féadfaidh an monaróir brath ar Airteagal 13(10) chun scor d'aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus iad a leigheas le haghaidh leaganacha níos luaithe a luaithe is féidir le húsáideoirí uasghrádú go dtí an leagan is déanaí, agus leanúint de na ceanglais eile maidir le láimhseáil leochaileachtaí a chomhlíonadh le haghaidh gach leagan atá modhnaithe go substaintiúil ina dhiaidh sin.

5.1. **Modhnuithe substaintiúla agus an tréimhse thacaíochta**

132. Mar a leagtar amach i Roinn 4.4 *Consequences of a substantial modification*, i gcás ina gcáilíonn modhnú ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar mhodhnú substaintiúil agus ina gcuirtear an táirge modhnaithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil ar an margadh, caithfear leis mar tháirge nua chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, agus is cur ar an margadh nua é an gníomh chun an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá modhnaithe go substaintiúil a chur ar fáil ar an margadh. Dá bhrí sin, tá sé úsáideach soiléiriú a dhéanamh ar an éifeacht atá ag an gcur ar an margadh nua sin ar thréimhse thacaíochta an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá modhnaithe go substaintiúil.

133. Ba cheart tréimhse thacaíochta táirge atá modhnaithe go substaintiúil ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chinneadh faoi threoir am úsáide measta an táirge sin, i bhfianaise na gcritéar a leagtar amach in Airteagal 13(8) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht. Dá bhrí sin, ba cheart athmheasúnú de réir na gcritéar sin a bheith ag teastáil le haghaidh modhnú substaintiúil, ach ní athshocraítear an tréimhse thacaíochta go huathoibríoch mar thoradh air, ná ní chuirtear síneadh léi fiú. Is í an cheist ábhartha an ndéanann an modhnú substaintiúil difear do na tosca lenar cinneadh am úsáide measta an táirge sin ar dtús agus, dá bhrí sin, an tréimhse thacaíochta bhunaidh.

([18]) Ba cheart a mheabhrú go gceanglaítear le hAirteagal 13(19) ar mhonaróirí, i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil i bhfianaise chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, fógra a thaispeáint d'úsáideoirí lena gcuirtear in iúl dóibh go bhfuil deireadh a thréimhse tacaíochta bainte amach ag a dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Dá bhrí sin, i gcás ina scoirtear d'aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí agus iad a leigheas le haghaidh leaganacha níos luaithe, tá coinne leis go gcuirfear úsáideoirí nach bhfuil uasghrádaithe go dtí an leagan is nua ar an eolas, más indéanta go teicniúil é.

([19]) Ba cheart a thabhairt faoi deara, i gcás inar féidir le húsáideoirí uasghrádú go dtí an leagan is déanaí de na bogearraí gan costais bhreise, go bhféadfaidh monaróirí, mar sin féin, a roghnú leanúint d'aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí i leaganacha níos luaithe de na bogearraí sin agus iad a leigheas, lena n-áirítear ar bhonn íoctha nó faoi shocruithe tráchtála eile. Ní chuireann an Gníomh um Chibear-Athléimneacht de cheangal ar mhonaróirí nuashonruithe slándála a sholáthar do leaganacha níos luaithe den sórt sin saor in aisce.

134. I gcás nach ndéanann an modhnú substaintiúil difear do na fachtóirí sin, léirítear fós sna critéir a leagtar amach in Airteagal 13(8) an t-am úsáide measta céanna a cinneadh ar dtús, agus ba cheart tréimhse thacaíochta an táirge mhodhnaithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha a ailíniú leis an am úsáide measta atá fágtha den táirge mar a cuireadh ar an margadh ar dtús é. Is amhlaidh a bheidh de ghnáth i gcás inar cinneadh an t-am úsáide measta go príomha le tosca nach n-athraíonn an modhnú, amhail marthanacht fhisiceach comhpháirteanna crua-earraí, i gcás nach mbaineann an modhnú substaintiúil ach le feidhmiúlacht bogearraí nó le seirbhísí cúil.

Mar shampla 54: Cuireann monaróir folúsghlantóir róbait ar an margadh ag a bhfuil am úsáide measta X bliana, arna chinneadh ar bhonn chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear marthanacht fhisiceach agus saintréithe caithimh na gcomhpháirteanna crua-earraí, agus ionchais réasúnta úsáideoirí maidir le saolré an táirge sin á gcur san áireamh. Socraíonn an monaróir tréimhse thacaíochta X bliana. Tar éis Y bliana, eisíonn an monaróir nuashonrú bogearraí a cháilíonn mar mhodhnú substaintiúil, ag cur modhanna glantacháin agus gnéithe loingseoireachta nua leis. Ní dhéanann an nuashonrú bogearraí difear do mharthanacht fhisiceach na gcrua-earraí agus ní athraíonn sé ionchais réasúnta úsáideoirí maidir le saolré an táirge sin. Dá bhrí sin, léirítear go fóill i gcritéir Airteagal 13(8) an t-am úsáide measta céanna. Tá tréimhse thacaíochta an táirge mhodhnaithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha ailínithe leis an am úsáide measta atá fágtha mar a cinneadh ar dtús.

Mar shampla 55: Cuireann monaróir táirge innealra tionsclaíoch casta ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, ag a bhfuil cúl néalríomhaireachta ar réiteach cianphróiseála sonraí é. Is é X bliain an t-am úsáide measta, a chinntear i bhfianaise ionchais réasúnta úsáideoirí agus chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, amhail marthanacht fhisiceach chrua-earraí an innealra agus an caitheamh agus an cuimilt a bhfuil coinne leo. Tá sé beartaithe an tréimhse thacaíochta a ailíniú leis an am úsáide measta de X bliana. Tar éis Y bliana, déanann an monaróir athchóiriú ar an gcúil néalríomhaireachta (an réiteach cianphróiseála sonraí), ag tabhairt APInna agus sreafaí sonraí nua isteach, ar bhealach a cháilíonn mar mhodhnú substaintiúil ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ach nach n-athraíonn cineál an táirge sin ná nach ndéanann difear d'ionchais úsáideoirí. Dá bhrí sin, léirítear go fóill i gcritéir Airteagal 13(8) an t-am úsáide measta céanna. Tá tréimhse thacaíochta an táirge mhodhnaithe ag a bhfuil eilimintí digiteacha ailínithe leis an am úsáide measta atá fágtha mar a cinneadh ar dtús.

135. I gcás ina ndéanann an modhnú substaintiúil difear do na tosca lenar cinneadh i dtosach am úsáide measta an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ba cheart don mhonaróir an tréimhse thacaíochta a athríomh chun an t-am úsáide measta nua a léiriú, agus critéir Airteagal 13(8) á gcur i bhfeidhm dá réir sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás modhnuithe ar chrua-earraí a chuireann síneadh le saolré oibríochtúil an táirge sin, nó i gcás athchlárú nó athscríobh substaintiúil chroí-bhogearraí an táirge sin a athraíonn go hábhartha a am úsáide measta ([20]).

Mar shampla 56: Cuireann monaróir rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe ar an margadh ag a bhfuil am úsáide measta X bliana, arna chinneadh go príomha ar bhonn chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus mharthanacht na gcrua-earraí foluiteacha. Socraítear an tréimhse thacaíochta dá réir sin. Roinnt blianta tar éis é a chur ar an margadh den chéad uair, déanann an monaróir modhnú substaintiúil arb é atá ann glúin nua comhpháirteanna a chur in ionad ardán ríomhaireachta leabaithe an rialaitheora loighce in-ríomhchláraithe, lena n-áirítear an próiseálaí, an chuimhne agus an timpeallacht reatha, ar comhpháirteanna iad atá deartha le haghaidh saolré oibríochtúil i bhfad níos faide. Mar thoradh ar an modhnú, tagann athrú ar ionchais réasúnta úsáideoirí agus ar chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha: D'fhéadfadh coinne a bheith le húsáideoir an rialaitheora loighce in-ríomhchláraithe go réasúnta anois go bhfanfaidh an rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe in úsáid tháirgiúil tar éis an ama úsáide mheasta a dearbhaíodh ar dtús, le tacaíocht ón ardán ríomhaireachta nua. Dá bhrí sin, léirítear le critéir Airteagal 13(8) am úsáide measta níos faide, agus athríomhann an monaróir an tréimhse thacaíochta don rialaitheoir loighce in-ríomhchláraithe sonrach sin dá réir.

6. **TÁIRGÍ TÁBHACHTACHA CRITICIÚLA AG A BHFUIL EILIMINTÍ DIGITEACHA**

136. Bunaítear le hAirteagal 7(1) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht go meastar gur 'táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha' iad táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mbaineann a gcroífheidhmiúlacht le catagóir táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán. Le hIarscríbhinn III, roinntear táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thuilleadh in aicme I agus in aicme II. Ar an gcaoi chéanna, bunaítear le hAirteagal 8(1) go meastar gur 'táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha' iad táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mbaineann a gcroífheidhmiúlacht le catagóir táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht ([21]).

([20]) Ba cheart a mheabhrú, mar a léirítear i Roinn 4.1 *Physical repairs*, nach meastar go ginearálta gur modhnuithe substaintiúla iad oibríochtaí athchóirithe, cothabhála nó deisiúcháin.

([21]) Leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2392 ón gCoimisiún an tuairisc theicniúil ar na catagóirí de tháirgí tábhachtacha agus criticiúla.

137. Tá aicmiú táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar tháirge tábhachtach nó criticiúil nó, os a choinne sin, mar tháirge a bhaineann leis an gcatagóir 'réamhshocraithe' ([22]), ábhartha agus an nós imeachta um measúnú comhréireachta nach mór don mhonaróir a leanúint á chinneadh, i gcomhréir le hAirteagal 32, sular féidir leis an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh. Go háirithe, is féidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha sa chatagóir réamhshocraithe brath i gcónaí ar an nós imeachta um rialú inmheánach bunaithe ar mhodúl A ('féinmheasúnú') ([23]). Tá táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme I nó II agus táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir nósanna imeachta um measúnú comhréireachta níos déine. Ní áirítear leis sin táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme I nó II a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte a chuirtear ar an margadh, a gceadaítear do mhonaróirí, i gcomhréir le hAirteagal 32(5), nósanna imeachta na catagóire réamhshocraithe a leanúint ina leith.

138. Dá bhrí sin, tá coincheap na croífheidhmiúlachta fíor-riachtanach don mhonaróir chun an córas um measúnú comhréireachta is infheidhme a chinneadh. Mar sin féin, níl sainmhíniú sainráite ar an gcoincheap sin sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht. Is féidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha raon feidhmeanna a dhéanamh, a bhféadfadh cuid acu a bheith coimhdeach le croífheidhmiúlacht an táirge sin, agus níor cheart go mbeadh tionchar acu ar aicmiú an táirge mar réamhshocrú/aicme thábhachtach I/aicme thábhachtach II/aicme chriticiúil. Tá sé úsáideach, dá bhrí sin, tuilleadh treoraíochta a chur ar fáil chun cabhrú le monaróirí na nósanna imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta a dhéanamh i gceart, agus chun cabhrú leis na húdaráis um fhaireachas margaidh forfheidhmiú comhchuibhithe an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a áirithiú ar fud an Aontais.

6.1. **Croífheidhmiúlacht**

139. Tagraíonn croífheidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha do phríomhghnéithe agus do chumais theicniúla an táirge sin, agus dá n-uireasa sin ní bheadh sé in ann an chríoch a beartaíodh dó a chomhlíonadh. Is féidir measúnú a dhéanamh air i bhfianaise chomhthéacs sonrach agus choinníollacha úsáide an táirge sin, agus an fhaisnéis a sholáthraíonn an monaróir sna treoracha úsáide, sna hábhair agus ráitis fógraíochta nó díolacháin, agus sa doiciméadacht theicniúil, i measc nithe eile, á cur san áireamh.

Mar shampla 57: Soláthraíonn táirge bogearraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha sraith astarraingthe thar na crua-earraí foluiteacha agus bainistíonn sé feidhmiú comhpháirteanna bogearraí. Áirítear ar a phríomhghnéithe túsú crua-earraí agus forimeallach, bainistiú próisis agus cuimhne, rialú ionchuir-aschuir, sceidealú, leithdháileadh acmhainní, agus neamhchosaint seirbhísí córais agus comhéadan ríomhchláraithe feidhmchlár (APInna) trína n-idirghníomhaíonn feidhmchláir le hacmhainní crua-earraí agus bogearraí an ghléis. Léirítear sa doiciméadacht theicniúil go ndéanann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha acmhainní ríomhaireachta a eagrú, cumraíochtaí córais a fhorfheidhmiú, agus comhéadain chaighdeánaithe a sholáthar do mhodúil bogearraí agus d'fhorimeallaigh nasctha. Cuireann an monaróir na cumais sin i dtábhacht mar rud a chuireann ar a chumas don ardáin feidhmiú mar thimpeallacht lárnach bogearraí ar ar féidir feidhmchláir a rith go hiontaofa. Tá croífheidhmiúlacht córais oibriúcháin ag an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn I, pointe 11, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2392.


140. Is annamh a dhéantar feidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shrianadh go heisiach dá chroífheidhmiúlacht, ós rud é gur minic a dhéanann táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha feidhmeanna breise nach gcuireann le croífheidhmiúlacht an táirge - mura ndéanann siad amhlaidh i gcónaí. D'fhéadfaí a áireamh leis sin freisin comhpháirteanna a ionchorprú a bhfuil feidhmiúlacht táirge thábhachtaigh nó chriticiúil eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha acu iad féin. Mar sin féin, ós rud é go ndéanann táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha feidhmeanna seachas na feidhmeanna sin a shonraítear sna tuairiscí teicniúla ar tháirgí tábhachtacha nó criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó sa bhreis orthu sin, ní chuireann sé sin ann féin cosc ar an táirge croífheidhmiúlacht amháin den sórt sin a bheith aige.

([22]) Ní téarma atá sainmhínithe sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht é an téarma 'réamhshocrú'. Tagraíonn úsáid an téarma sa doiciméad seo do tháirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach mbaineann a gcroífheidhmiúlacht le catagóir táirgí a leagtar amach in Iarscríbhinní III nó IV a ghabhann leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, agus atá, dá bhrí sin, faoi réir an chórais um measúnú comhréireachta a leagtar amach in Airteagal 32(1).

([23]) Mar sin féin, féadfaidh an monaróir a roghnú i gcónaí nós imeachta um measúnú comhréireachta níos déine a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach in Airteagal 32(1).

Fíor 2

Léiriú ar an gcaoi a gcinntear an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme le croífheidhmiúlacht, seachas feidhmiúlachtaí coimhdeacha



141. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé de chumas ag táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha feidhmeanna catagóire táirgí tábhachtacha nó criticiúla a dhéanamh, ach mar sin féin go mbeadh croífheidhmiúlacht aige atá éagsúil le croífheidhmiúlacht catagóire táirgí den sórt sin. Sna cásanna sin, ní cháileodh an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar tháirge tábhachtach nó criticiúil ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar a luaitear go sainráite in Airteagal 7(1) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht i gcás táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha (agus an loighic chéanna á cur i bhfeidhm maidir le táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha), ní fhágann comhtháthú díreach táirge thábhachtaigh nó chriticiúil ag a bhfuil eilimintí digiteacha gur táirge tábhachtach nó criticiúil ag a bhfuil eilimintí digiteacha é an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.


Mar shampla 58: Le fón cliste, comhtháthaítear córas oibriúcháin lena soláthraítear na feidhmiúlachtaí a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn I, pointe 11, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2392. Cé go gcumasaíonn an córas oibriúcháin acmhainní crua-earraí a bhainistiú agus feidhmchláir bogearraí a dhéanamh, tá croífheidhmiúlacht dhifriúil ag an bhfón cliste ina iomláine (e.g. é sin a chur ar a gcumas d'úsáideoirí cumarsáid a dhéanamh agus rochtain a fháil ar fhaisnéis agus ar sheirbhísí). Ní chiallaíonn comhtháthú córais oibriúcháin ann féin go bhfuil croífheidhmiúlacht córais oibriúcháin ag an bhfón cliste.

142. D'fhéadfadh roinnt táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith cosúil le catagóir táirgí tábhachtacha nó criticiúla, nó d'fhéadfadh baint a bheith acu leis an bhfine ghinearálta chéanna táirgí, ach d'fhéadfadh a gcroífheidhmiúlacht a bheith i bhfad níos mó ná croífheidhmiúlacht na catagóire sin nó i bhfad níos lú ná an chroífheidhmiúlacht sin. Ní hamhlaidh atá i gcás ina n-áirítear feidhmiúlachtaí breise i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach ndéanann ach an chroífheidhmiúlacht a chomhlánú nó a fheabhsú, rud a chomhfhreagraíonn é féin don chroífheidhmiúlacht a bhaineann le catagóir táirgí tábhachtacha nó criticiúla; i gcásanna den sórt sin, coinníonn an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha croífheidhmiúlacht na catagóire sin agus aicmítear é dá réir sin. Ba cheart an measúnú sin a bheith bunaithe ar phríomhghnéithe agus ar chumais theicniúla an táirge sin, a mheastar go hoibiachtúil i bhfianaise na críche atá beartaithe dó, agus ní ar an gcaoi a dtugtar tuairisc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó a ndéantar é a mhargú, i gcás nach léiríonn an tuairisc sin saintréithe teicniúla iarbhír an táirge.

Mar shampla 59: Is minic a bhíonn sé de chumas ag bogearraí eagrúcháin, uathoibrithe agus freagartha slándála (EUFS) feidhmeanna táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhéanamh sa chatagóir 'córais bainistíochta faisnéise slándála agus teagmhas slándála (BFSTS)', i.e. sonraí a bhailiú ó fhoinsí iomadúla, na sonraí sin a anailísiú agus a chomhghaolú agus iad a chur i láthair mar fhaisnéis inghníomhaithe chun críoch slándála. Mar sin féin, is mó go mór croífheidhmiúlacht na mbogearraí ná croífheidhmiúlacht BFSTS, lena n-áirítear seirbhísí amhail freagairt ar theagmhais mar chroíghnéithe dá chumais theicniúla. Dá bhrí sin, ní mheastar go ginearálta go bhfuil croífheidhmiúlacht chórais BFSTS ag bogearraí EUFS.

Fíor 3


Léiriú ar chroífheidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a sháraíonn go mór an sainmhíniú ar chatagóir táirgí tábhachtacha nó criticiúla



Mar shampla 60: Tá uirlisí bailithe agus léirshamhlaithe logaí áirithe in ann sonraí loga a iontógáil agus deaiseanna bunúsacha a chur i láthair ina léirítear teagmhais an chórais. Cé gur féidir leis na huirlisí sin tacú le gníomhaíochtaí faireacháin slándála, ní hionann a gcroífheidhmiúlacht agus croífheidhmiúlacht chórais BFSTS, toisc nach ndéanann siad comhghaolú sonraí, ná nach soláthraíonn siad léargais slándála inghníomhaithe. Dá bhrí sin, ní mheastar go ginearálta go bhfuil croífheidhmiúlacht chórais BFSTS ag uirlisí den sórt sin.

Fíor 4

Léiriú ar chroífheidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nach n éiríonn go mór leis an sainmhíniú ar chatagóir táirgí tábhachtacha nó criticiúla




143. Ní fhéadfaidh monaróir bréagléiriú a thabhairt ar chroífheidhmiúlacht a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar bhealach a fhágfaidh go n-éalóidh sé ón gcóras um measúnú comhréireachta is infheidhme maidir le táirgí tábhachtacha nó criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha, e.g. trí bhéim iomarcach a leagan ar ról feidhmiúlachtaí áirithe nó beag is fiú a dhéanamh de, ionas go sáróidh an táirge croífheidhmiúlacht áirithe go substaintiúil nó nach n-éiríonn leis croífheidhmiúlacht áirithe a bhaint amach. B'amhlaidh a bheadh, mar shampla, i gcás ina bhfuil neamhréireachtaí soiléire idir ábhair fógraíochta, treoracha úsáide, agus doiciméadacht theicniúil.

144. Ní fhéadfaidh níos mó ná croífheidhmiúlacht amháin a bheith ag táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun an córas um measúnú comhréireachta is infheidhme a chinneadh. I gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, mar chuid de dhoiciméadacht theicniúil táirge, ceanglaítear ar mhonaróirí tuairisc a thabhairt ar an gcríoch a beartaíodh dá dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ar an nós imeachta um measúnú comhréireachta a lean siad. Dá bhrí sin, ba cheart croífheidhmiúlacht an táirge a shainaithint go soiléir. Fágann sé sin gur féidir an córas um measúnú comhréireachta is infheidhme a shainaithint i gceart agus cuireann sé ar chumas na n-údarás um fhaireachas margaidh maoirseacht agus seiceáil a dhéanamh go bhfuil an Rialachán á chur i bhfeidhm i gceart.

Fíor 5

Léiriú ar an gcaoi a gcinntear an aicme táirgí le croífheidhmiúlacht táirge shonraigh ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus, dá bhrí sin, an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme



145. Cuirtear roinnt táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh mar tháirgí aonair ag a bhfuil eilimintí digiteacha ach tá siad comhdhéanta de mhodúil ar leith a bhfuil feidhmiúlachtaí ar leithligh acu. I gcás ina gcuireann monaróir na modúil sin ar fáil ar an margadh ar leithligh freisin, amhail i gcás ina dtairgtear iad lena gceannach, lena gceadúnú nó lena suibscríobh ar leithligh, is táirgí neamhspleácha ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad na modúil sin astu féin. Dá réir sin, tá siad le haicmiú ar bhonn a gcroífheidhmiúlachtaí faoi seach (agus, dá bhrí sin, tá siad faoi réir an chórais iomchuí um measúnú comhréireachta ar bhonn chroífheidhmiúlacht gach modúil). Tá an méid sin gan dochar do mhodúil nach soláthraítear ach mar chomhpháirteanna de tháirge comhtháite ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus nach gcuirtear ar fáil ar leithligh; i gcásanna den sórt sin, cinntear an chroífheidhmiúlacht ar leibhéal an táirge chomhtháite ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

Mar shampla 61: cuireann monaróir foireann slándála aontaithe ar an margadh lena gcomhcheanglaítear modúil iomadúla, lena n-áirítear BFSTS, córas braite ionraidh, agus modúl anailísíochta. Tairgeann an monaróir na modúil sin freisin le haghaidh suibscríbhinní ar leithligh. Sa chás sin, is táirge ar leith ag a bhfuil eilimintí digiteacha é gach modúl agus aicmítear é ar bhonn a chroífheidhmiúlachta féin. Tá modúl BFSTS faoi réir an chórais um measúnú comhréireachta le haghaidh táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme I, ós rud é gurb é croífheidhmiúlacht an mhodúil sin 'Córais bainistíochta faisnéise slándála agus teagmhas slándála (BFSTS)'. Tá an córas braite ionraidh faoi réir an chórais um measúnú comhréireachta le haghaidh táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme II, toisc gurb í a chroífheidhmiúlacht 'Ballaí dóiteáin, córais braite ionraidh agus córais choisc'. Tá an modúl anailísíochta faoi réir an chórais um measúnú comhréireachta le haghaidh táirgí 'réamhshocraithe' ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ós rud é nach catagóir táirgí tábhachtacha nó criticiúla í a chroífheidhmiúlacht.

146. Féadfaidh neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 32 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht fíneálacha riaracháin a spreagadh i gcomhréir le hAirteagal 64(3).

6.2. Measúnú comhréireachta le haghaidh táirgí tábhachtacha agus criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha

147. Nuair a bheidh croífheidhmiúlacht a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha cinntithe ag an monaróir, ní mór dó ceann de na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme a dhéanamh. Ní mór don mhonaróir a áirithiú go gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine na ceanglais fhíor-riachtanacha, agus slándáil na gcomhpháirteanna nó na bhfeidhmiúlachtaí atá comhtháite ann á cur san áireamh, de réir mar is iomchuí.

148. Tá nós imeachta um measúnú comhréireachta níos déine, le rannpháirtíocht tríú páirtí (bunaithe ar mhodúl B+C, modúl H nó scéimeanna um dheimhniú cibearshlándála) éigeantach i gcás táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme II (cé is moite díobh siúd a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte, i gcomhréir le hAirteagal 32(5)) agus i gcás táirgí criticiúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha ([24]). Os a choinne sin, ní cheanglaítear ar tháirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme I (cé is moite díobh siúd a cháilíonn mar shaor-bhogearraí foinse oscailte, i gcomhréir le hAirteagal 32(5)) dul faoi nós imeachta um measúnú comhréireachta tríú páirtí ach amháin mura bhfuil caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (dá ngairtear 'caighdeáin chomhchuibhithe' anseo feasta), sonraíochtaí coiteanna nó scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála ar leibhéal dearbhaithe 'substaintiúil' ar a laghad curtha i bhfeidhm ag an monaróir nó mura bhfuil siad curtha i bhfeidhm aige ach i bpáirt ([25]).

149. Dá bhrí sin, chun go mbeidh táirge tábhachtach ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme I incháilithe don nós imeachta um rialú inmheánach, (i) is gá na ceanglais uile is infheidhme maidir le caighdeán comhchuibhithe ábhartha a chur i bhfeidhm; agus (ii) ní mór a chumhdach le raon feidhme an chaighdeáin ar a laghad na rioscaí cibearshlándála uile a bhaineann le croífheidhmiúlacht an táirge sin.

150. Féadfaidh raon feidhme an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith níos leithne ná an raon feidhme dá bhforáiltear leis an gcaighdeán comhchuibhithe ábhartha, agus d'fhéadfadh rioscaí cibearshlándála éagsúla nó breise a bheith ag baint leis na feidhmeanna breise sin. Ceanglaítear ar an monaróir i gcónaí measúnú riosca a dhéanamh de bhun Airteagal 13(2) agus ba cheart dó, dá bhrí sin, a sheiceáil cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear le cur chun feidhme caighdeáin chomhchuibhithe na rioscaí uile a bhaineann leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I gcás nach gcumhdaítear na rioscaí uile le cur chun feidhme an chaighdeáin, ba cheart don mhonaróir a áirithiú trí mhodhanna eile go bhfuil a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i gcomhréir leis na ceanglais fhíor-riachtanacha.

151. Dá bhrí sin, má tá caighdeán comhchuibhithe ábhartha curtha i bhfeidhm ag monaróir táirge thábhachtaigh ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme I lena gcumhdaítear na rioscaí a bhaineann le croífheidhmiúlacht an táirge sin, féadfaidh sé a chinneadh úsáid a bhaint as an nós imeachta um rialú inmheánach chun comhréireacht a tháirge a léiriú. Mar chuid dá ghníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, ceanglófar ar an monaróir fós a léiriú go dtugtar aghaidh ar na rioscaí uile is infheidhme maidir lena tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil bearna idir cumhdach an chaighdeáin chomhchuibhithe agus raon feidhme an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, ní mór don mhonaróir fós na bearta breise atá curtha i bhfeidhm aige chun déileáil leis na rioscaí sin a dhoiciméadú.


Mar shampla 62: Tá croífheidhmiúlacht bogearraí ag bogearraí frithvíreas lena ndéantar bogearraí mailíseacha a chuardach, a bhaint nó a chur ar coraintín, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn I, pointe 4, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2392. Tá gnéithe breise ag baint leis an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha freisin, is iad sin feidhm glantacháin diosca agus feidhm frithrianaithe lena gcosnaítear an t-úsáideoir agus é ag loingsiú ar an ngréasán. Déanann an monaróir measúnú riosca lena gcumhdaítear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, lena n-áirítear croífheidhmiúlacht an fhrithvíreas, na feidhmeanna glantacháin diosca agus frithrianaithe. Cuireann sé caighdeán comhchuibhithe i bhfeidhm lena gcumhdaítear na rioscaí a bhaineann le croífheidhmiúlacht an fhrithvíreas, agus bearta breise chun déileáil le rioscaí a eascraíonn as feidhmeanna breise. Ceadaítear don mhonaróir úsáid a bhaint as an nós imeachta um rialú inmheánach dá mheasúnú comhréireachta, lena gcumhdaítear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, lena n-áirítear na feidhmeanna glantacháin diosca agus frithrianaithe.

([24]) Is amhlaidh atá freisin agus úsáid á baint as scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála ag a bhfuil leibhéal dearbhaithe 'substaintiúil' ar a laghad, ós rud é go bhfuil gá le rannpháirtíocht comhlachta tríú páirtí deimhniúcháin.

([25]) Ar mhaithe le gontacht, ní thagraíonn an chuid eile den roinn seo ach do chaighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Mar sin féin, tá feidhm ag an treoraíocht chéanna freisin maidir le sonraíochtaí coiteanna arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 27(2) agus maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála i gcás ina sonraíonn an Coimisiún iad trí ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 27(9).

Fíor 6

Léiriú ar an gcaoi a gcinntear an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme trí chaighdeán comhchuibhithe a luaitear a úsáid lena gcumhdaítear croífheidhmiúlacht amháin



152. Is amhlaidh atá freisin i gcás ina gcomhtháthaíonn an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha feidhm bhreise arb í sin an fheidhm atá ag táirge tábhachtach nó criticiúil eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Go deimhin, is í croífheidhmiúlacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, seachas feidhmiúlacht na gcomhpháirteanna comhtháite ina n-aonar, a chinneann cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha leis an gcatagóir táirgí tábhachtacha nó criticiúla (agus, dá bhrí sin, leis an gcóras um measúnú comhréireachta is infheidhme). Mar shampla, má tá croífheidhmiúlacht táirge thábhachtaigh ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme I ag táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, tá an táirge sin ina iomláine faoi réir an chórais um measúnú comhréireachta is infheidhme maidir le táirgí tábhachtacha ag a bhfuil eilimintí digiteacha d'aicme I, cé go gcomhtháthaítear leis comhpháirt ar táirge criticiúil é féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Sna cásanna sin, i gcás ina gcuireann an monaróir caighdeán comhchuibhithe i bhfeidhm lena gcumhdaítear na rioscaí a bhaineann le croífheidhmiúlacht an táirge sin, ceadaítear úsáid a bhaint as an nós imeachta um rialú inmheánach.

Mar shampla 63: Tá croífheidhmiúlacht ródaire ag táirge crua-earraí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn I, pointe 12, a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2392. Áirítear feidhmiúlachtaí breise leis an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha freisin, lena n-áirítear cumais balla dóiteáin, toisc go gcomhtháthaíonn sé comhpháirt balla dóiteáin. Déanann an monaróir measúnú riosca lena gcumhdaítear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, lena n-áirítear croífheidhmiúlacht an ródaire agus an fheidhmiúlacht balla dóiteáin. Cuireann sé caighdeán comhchuibhithe i bhfeidhm lena gcumhdaítear na rioscaí a bhaineann le croífheidhmiúlacht an ródaire, agus bearta breise chun déileáil le rioscaí a eascraíonn as feidhmeanna breise. Mar shampla, féadfaidh an monaróir an caighdeán comhchuibhithe le haghaidh ballaí dóiteáin a chur i bhfeidhm chun na rioscaí a bhaineann leis an bhfeidhmiúlacht balla dóiteáin a chumhdach. Ceadaítear don mhonaróir úsáid a bhaint as an nós imeachta um rialú inmheánach dá mheasúnú comhréireachta, lena gcumhdaítear an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, lena n-áirítear an fheidhmiúlacht balla dóiteáin.

6.3. Impleachtaí do thoimhde chomhréireachta

153. Maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus próisis arna gcur ar bun ag an monaróir atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (IO), bunaítear le hAirteagal 27(1) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht go dtoimhdítear go bhfuil siad i gcomhréir le ceanglais fhíor-riachtanacha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a chumhdaítear leis

na caighdeáin sin nó le codanna díobh ([26]). Le hAirteagal 27(5), leathnaítear an toimhde chomhréireachta chéanna chuig táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus chuig próisis arna gcur ar bun ag an monaróir, ar táirgí agus próisis iad atá i gcomhréir le sonraíochtaí coiteanna arna nglacadh ag an gCoimisiún trí ghníomhartha cur chun feidhme, agus bunaítear le hAirteagal 27(8) toimhde chomhréireachta le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus próisis arna gcur ar bun ag an monaróir ar eisíodh ráiteas comhréireachta ón Aontas nó deimhniú ina leith faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála arna glacadh de bhun Rialachán (AE) 2019/881, má sonraíodh é sin trí ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 27(9) ([27]).

154. Dá bhrí sin, i gcás inar chuir an monaróir caighdeán comhchuibhithe i bhfeidhm ar foilsíodh a thagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tairbhíonn sé de thoimhde chomhréireachta maidir leis na rioscaí a chumhdaítear leis an gcaighdeán sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina dtugtar aghaidh leis an gcaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear ar na rioscaí uile a bhaineann le croífheidhmiúlacht táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus nach bhfuil aon fheidhmiúlacht bhreise ann lena mbaineann rioscaí cibearshlándála. Mar shampla, tá coinne leis go dtabharfar aghaidh leis an gcaighdeán comhchuibhithe le haghaidh ródairí ar na rioscaí a bhaineann le croífheidhmiúlacht na dtáirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar a laghad. Mura bhfuil aon fheidhmiúlacht bhreise ag táirge den sórt sin nó mura mbaineann rioscaí leis na feidhmiúlachtaí breise sin nach dtugtar aghaidh orthu leis an gcaighdeán, is féidir leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha tairbhiú de thoimhde chomhréireachta.

155. Sna cásanna a phléitear i bpointí 151 agus 152, ceadaítear don mhonaróir an nós imeachta um rialú inmheánach a úsáid toisc go gcumhdaítear leis an gcaighdeán comhchuibhithe na rioscaí a bhaineann le croífheidhmiúlacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar sin féin, d'fhéadfadh na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dtugtar tuairisc orthu sna samplaí sin a bheith níos leithne ná raon feidhme na gcaighdeán comhchuibhithe, agus d'fhéadfadh rioscaí cibearshlándála nach dtugtar aghaidh orthu leis an gcaighdeán comhchuibhithe sin a bheith ag baint le feidhmiúlachtaí breise. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh na táirgí sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha tairbhiú de thoimhde chomhréireachta le haghaidh na bhfeidhmiúlachtaí breise sin.


Mar shampla 64: Tá croífheidhmiúlacht bogearraí ag bogearraí frithvíreas lena ndéantar bogearraí mailíseacha a chuardach, a bhaint nó a chur ar coraintín, agus cumhdaítear rioscaí a bhaineann leis an gcroífheidhmiúlacht sin leis an gcaighdeán comhchuibhithe. Áirítear feidhmiúlachtaí breise leis an táirge sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha freisin, is iad sin feidhm glantacháin diosca agus feidhmiúlacht frithrianaithe lena gcosnaítear an t-úsáideoir agus é ag loingsiú ar an ngréasán, nach gcumhdaítear a rioscaí leis an gcaighdeán comhchuibhithe. Má chuirtear an caighdeán comhchuibhithe i bhfeidhm, ceadaítear don mhonaróir úsáid a bhaint as an nós imeachta um rialú inmheánach dá mheasúnú comhréireachta. Tairbheoidh sé den toimhde chomhréireachta maidir leis na rioscaí a bhaineann le croífheidhmiúlacht an táirge sin, ach ní thairbheoidh sé de na rioscaí a bhaineann le feidhmiúlachtaí breise.

([26]) Mar a luaitear go soiléir i Roinn 4.1.2.2 den Treoirleabhar Gorm, 'i reachtaíocht um chomhchuibhiú a bhaineann le rioscaí [...] bíonn monaróirí i gcónaí go hiomlán freagrach, fiú agus caighdeáin chomhchuibhithe a bhfuil tagairtí dóibh foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* á n-úsáid acu, as measúnú a dhéanamh ar gach riosca a bhaineann lena dtáirge chun a chinneadh cé na ceanglais fhíor-riachtanacha (nó ceanglais eile) atá ábhartha. Tar éis an mheasúnaithe sin, féadfaidh monaróir a roghnú sonraíochtaí teicniúla a thugtar i gcaighdeáin chomhchuibhithe a bhfuil tagairtí dóibh foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a chur i bhfeidhm chun 'bearta laghdaithe riosca' a shonraítear le caighdeáin chomhchuibhithe a chur chun feidhme.

([27]) Mar atá thuas, ar mhaithe le gontacht, ní thagraíonn an chuid eile den roinn seo ach do chaighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Mar sin féin, tá feidhm ag an treoraíocht chéanna freisin maidir le sonraíochtaí coiteanna agus maidir le scéimeanna Eorpacha um dheimhniú cibearshlándála.

Fíor 7


Le caighdeán comhchuibhithe, deonaítear toimhde chomhréireachta le haghaidh croífheidhmiúlachta, toisc go dtugtar aghaidh ann ar na rioscaí uile a bhaineann leis an gcroífheidhmiúlacht sin, ach ní le haghaidh feidhmiúlachtaí coimhdeacha



Mar shampla 65: Sa chás céanna leis an sampla roimhe seo, tá an caighdeán comhchuibhithe tugtha cothrom le dáta anois chun rioscaí a bhaineann le ceann de na feidhmiúlachtaí breise a chumhdach freisin, is é sin an fheidhm glantacháin diosca, ach ní an ceann eile (i.e. an fheidhm frithrianaithe). Má chuirtear an caighdeán comhchuibhithe i bhfeidhm, ceadaítear don mhonaróir úsáid a bhaint as an nós imeachta um rialú inmheánach dá mheasúnú comhréireachta. Tairbheoidh sé de thoimhde chomhréireachta maidir leis na rioscaí a bhaineann le croífheidhmiúlacht an táirge sin agus maidir leis an bhfeidhmiúlacht glantacháin diosca, ach ní i gcás na rioscaí a bhaineann leis an bhfeidhmiúlacht frithrianaithe.

Fíor 8

Le caighdeán comhchuibhithe, deonaítear toimhde chomhréireachta le haghaidh croífheidhmiúlachta agus feidhmiúlacht choimhdeach 1, toisc go dtugann sé aghaidh ar na rioscaí uile a bhaineann leis an dá fheidhmiúlacht sin, ach ní le haghaidh fheidhmiúlacht choimhdeach 2



7. **MEASÚNÚ RIOSCA CIBEARSHLÁNDÁLA AGUS COMHTHÁTHÚ TÁIRGÍ AG A BHFUIL EILIMINTÍ AGUS COMHPHÁIRTEANNA DIGITEACHA**

7.1. **Maidir le meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí cibearshlándála agus déileáil leo**

156. Leis an measúnú riosca cibearshlándála dá bhforáiltear in Airteagal 13(2) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, ceanglaítear ar mhonaróirí rioscaí ábhartha a shainaithint agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ní mór do mhonaróirí freisin bearta iomchuí a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, i gcomhréir le ceanglais fhíor-riachtanacha Iarscríbhinn I.

157. Maidir le bainistíocht riosca eagraíochtúil, déantar meastóireacht go coitianta ar rioscaí in aghaidh critéir inghlacthachta a dhíorthaítear ó chuspóirí inmheánacha nó inghlacthacht riosca na heagraíochta. Os a choinne sin, faoin nGníomh um Chibear-Athléimneacht, ba cheart measúnú a dhéanamh ar riosca iarmharach cibearshlándála i bhfianaise an cheanglais go n-áiritheoidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar an margadh leibhéal iomchuí cibearshlándála bunaithe ar na rioscaí, agus an chríoch atá beartaithe dó agus an úsáid atá intuartha le réasún á gcur san áireamh.

158. Dá réir sin, níl lamháltas riosca inmheánach an mhonaróra, straitéis tráchtála an mhonaróra ná breithnithe costais, agus iad sin amháin, ábhartha chun a chinneadh ar tugadh aghaidh ar rioscaí. Chun críocha Airteagail 13(2) agus (3), ní mór do mhonaróirí a bheith in ann a chinneadh ar tugadh aghaidh go leordhóthanach ar rioscaí cibearshlándála sainaitheanta trí cheanglais fhíor-riachtanacha Chuid I d'Iarscríbhinn I a chur chun feidhme, i bhfianaise na críche atá beartaithe, na húsáide agus na gcoinníollacha úsáide atá intuartha le réasún, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, an timpeallacht oibríochtúil (mar shampla úsáideoirí beartaithe an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha) agus na sócmhainní atá le cosaint, agus an fad ama a mheastar a bheidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha in úsáid á chur san áireamh.

159. Is toradh bunúsach ar mheasúnú riosca agus ar láimhseáil riosca é riosca iarmharach cibearshlándála. Aithnítear nach féidir deireadh iomlán a chur le rioscaí cibearshlándála sa chleachtas. Mar sin féin, ní thugann riosca iarmharach le tuiscint go bhféadfaí glacadh le haon riosca ar dhiscréid an mhonaróra. Ní fhéadfar táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh ach amháin i gcás inar tugadh aghaidh go leordhóthanach ar na rioscaí iarmharacha, a luaithe a rinneadh bearta iomchuí, trí na ceanglais fhíor-riachtanacha a chur chun feidhme, agus an chríoch a beartaíodh agus úsáid atá intuartha le réasún an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha á gcur san áireamh.

160. I gcomhréir le hAirteagal 13(3), i gcás ina sainaithnítear rioscaí cibearshlándála, ceanglaítear ar mhonaróirí aghaidh a thabhairt orthu trí bhearta iomchuí, lena n-áirítear ar leibhéal an táirge. Ag brath ar na himthosca, d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, mar shampla, an raon ionsaithe a laghdú, coimircí teicniúla a chur chun feidhme, feidhmiúlacht a theorannú nó a oiriúnú, nó an chríoch atá beartaithe don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a shainiú ar bhealach níos beaichte. Féadfaidh monaróirí bearta a dhéanamh freisin chun úsáid an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá intuartha le réasún a mhúnlú, mar shampla trí chumarsáid riosca, trí threoraíocht d'úsáideoirí, nó trí dhearadh comhéadain úsáideora, chun iompraíocht úsáideoirí a stiúradh i dtreo patrúin úsáide shlána.

161. Ní dhéantar foráil sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht maidir le riosca ná freagracht chibearshlándála a aistriú chuig úsáideoirí nó tríú páirtithe chun easnaimh i ndearadh táirgí a chúiteamh ná chun údar a thabhairt gan aghaidh a thabhairt ar rioscaí cibearshlándála. Is ar an monaróir i gcónaí atá an oibleagáid táirge slán ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh agus comhréireacht leis na ceanglais fhíor-riachtanacha a léiriú.

162. Féadfar faisnéis agus treoracha a sholáthraítear d'úsáideoirí a úsáid chun tacú le cur in úsáid agus oibriú slán an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear i gcás inar roghnaigh an monaróir an chríoch a beartaíodh don táirge sin a shrianadh do thimpeallachtaí iontaofa, agus úsáideoirí a chur ar an eolas faoi rioscaí iarmharacha, ar bhealach atá iomchuí do chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus dá úsáideoirí beartaithe.

Mar shampla 66: Forbraíonn monaróir braiteoir tionsclaíoch lena úsáid i dtimpeallachtaí iontaofa. Chun go bhfeidhmeoidh an braiteoir a fheidhmiúlacht i gceart, ní chuireann an monaróir bearta chun feidhme chun cosaint a thabhairt ar ionsaithe fisiceacha ar an mbraiteoir féin. Chun na rioscaí gaolmhara a sainaithníodh sa mheasúnú riosca a mhaolú, cuireann an monaróir teorainn leis an gcuspóir atá beartaithe ag an mbraiteoir gan úsáid a bhaint as ach amháin i dtimpeallachtaí iontaofa ina gcuirtear cosc ar rochtain fhisiceach neamhúdaraithe ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Le faisnéis agus treoracha do na húsáideoirí soláthraítear faisnéis shoiléir maidir leis na teorainneacha sin ar úsáid an bhraiteora, ar bhealach atá iomchuí do chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus do na húsáideoirí ar dóibh a beartaíodh an táirge.

Mar shampla 67: Forbraíonn monaróir feidhmchlár bogearraí le haghaidh úsáid ghairmiúil ar ghléasanna deisce agus móibíleacha bainistithe. Próiseálann an feidhmchlár sonraí íogaire a stóráiltear go háitiúil agus ábhar ó úsáideoirí. Le linn an mheasúnaithe riosca, sainaithníonn an monaróir an riosca a bhaineann le rochtain neamhúdaraithe ar shonraí den sórt sin má stóráiltear iad i dtéacs soiléir ar an ngléas. Seachas sásra criptiúcháin dílseánaigh a dhearadh agus a chur chun feidhme laistigh den fheidhmchlár féin, roghnaíonn an monaróir brath ar an gcriptiú agus ar na príomhfheidhmeanna bainistíochta a sholáthraítear go dúchasach leis an gcóras oibriúcháin ar a bhfuil sé beartaithe an fheidhmchlár a reáchtáil, de réir mar a aibíonn seirbhísí cripteagrafacha ionsuite an chórais oibriúcháin agus de réir mar a dhéantar iad a chothabháil go tráthrialta.

163. I gcás ina sainaithnítear sa mheasúnú riosca cibearshlándála rioscaí nach féidir aghaidh a thabhairt orthu go leordhóthanach trí bhearta iomchuí, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathruithe ar dhearadh, ar fheidhmiúlacht nó ar chríoch bheartaithe an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun an Gníomh um Chibear-Athléimneacht a chomhlíonadh. Ní forais leordhóthanacha iad breithnithe a bhaineann le costas nó indéantacht tráchtála amháin chun rioscaí den sórt sin a fhágáil gan chóireáil i gcás ina gcuirfeadh sé sin cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh.

7.2. Maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhearadh, a fhorbairt agus a tháirgeadh sa chaoi go n-áiritheofar leo leibhéal iomchuí cibearshlándála bunaithe ar na rioscaí

164. Foráiltear leis an gceanglas cibearshlándála fíor-riachtanach dá dtagraítear i bpointe (1) de Chuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht go ndéantar táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhearadh, a fhorbairt agus a tháirgeadh ar bhealach lena n-áirithítear leibhéal iomchuí cibearshlándála bunaithe ar na rioscaí.

165. Is é is aidhm don cheanglas fíor-riachtanach sin aghaidh a thabhairt ar na rioscaí cibearshlándála uile a sainaithníodh mar chuid den mheasúnú riosca cibearshlándála. Áirítear leis sin go háirithe rioscaí cibearshlándála nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach ar shlí eile mar chuid de chur chun feidhme cheanglais fhíor-riachtanacha Chuid I d'Iarscríbhinn I seachas pointe (1). Tá an ceanglas fíor-riachtanach sin éagsúil leis an oibleagáid dhlíthiúil measúnú riosca cibearshlándála a dhéanamh, atá le déanamh de bhun Airteagal 13(2).

166. I gcás ina gcaitear leis na rioscaí cibearshlándála ábhartha uile a bhaineann le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha trí bhearta leordhóthanacha a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais fhíor-riachtanacha is infheidhme seachas pointe (1), meastar an ceanglas fíor-riachtanach dá dtagraítear i bpointe (1) de Chuid I d'Iarscríbhinn I a bheith comhlíonta. Os a choinne sin, i gcás ina sainaithnítear sa mheasúnú riosca cibearshlándála rioscaí breise nach dtugtar aghaidh orthu go hiomlán leis na bearta sin, ceanglaítear ar mhonaróirí bearta iomchuí a chur chun feidhme maidir leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, ionas go gcomhlíonfaidh siad an ceanglas fíor-riachtanach dá dtagraítear i bpointe (1) de Chuid I d'Iarscríbhinn I. Sa chleachtas, i bhformhór na gcásanna, meastar go gcomhlíonfar an ceanglas sin mar thoradh ar chomhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach eile.

7.3. Measúnú riosca agus dícheall cuí maidir le spleáchais sheachtracha agus comhpháirteanna comhtháite

167. Bunaítear leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht dhá oibleagáid ar leith atá comhlántach do mhonaróirí i ndáil le bainistiú riosca cibearshlándála. Ar an gcéad dul síos, le hAirteagal 13(2) ceanglaítear ar mhonaróirí measúnú riosca cibearshlándála a dhéanamh le haghaidh an táirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Ar an dara dul síos, forchuirtear le hAirteagal 13(5) an oibleagáid dícheall cuí a fheidhmiú maidir le comhpháirteanna comhtháite. Le chéile, tá an dá oibleagáid sin ceaptha chun a áirithiú go leanfaidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha de bheith slán, lena n-áirítear i gcás ina mbraitheann sé ar réitigh cianphróiseála sonraí, ar chianseirbhísí, nó ar chomhpháirteanna bogearraí nó crua-earraí tríú páirtí.

168. Baineann an measúnú riosca cibearshlándála le sainaithint agus bainistiú rioscaí ábhartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear rioscaí nach de thionscnamh an táirge féin iad, amhail líonraí seachtracha, tosca comhshaoil, nó gnéithe seachtracha eile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó ar a bhfuil an táirge ag brath. I gcás rioscaí seachtracha den sórt sin, ní chuireann an Gníomh um Chibear-Athléimneacht de cheangal ar mhonaróirí an timpeallacht sheachtrach a rialú. Ina ionad sin, ceanglaítear ar mhonaróirí na rioscaí sin a shainaithint agus iad a mhaolú trí dhearadh agus forbairt an táirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Is éard a bheidh i gceist leis sin na ceanglais fhíor-riachtanacha iomchuí a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I a chur chun feidhme agus, i gcás inar gá, faisnéis agus treoracha a sholáthar d'úsáideoirí maidir le rioscaí comhtháthaithe nó cur in úsáid.

169. Mar shampla, féadfaidh monaróir riosca a shainaithint go bhféadfadh daoine neamhúdaraithe rochtain a fháil ar chórais chúil nach cuid den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha iad féin fad atá an táirge i bhfeidhm, agus iarracht a dhéanamh orduithe mailíseacha a sheoladh chuig an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Maidir le córais chúil den sórt sin, i gcás nach ndéanann an monaróir iad a dhearadh agus a fhorbairt nó nach ndéantar iad a dhearadh agus a fhorbairt faoina fhreagracht, nó i gcás nach dtacaíonn siad le ceann d'fheidhmeanna an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ní réitigh cianphróiseála sonraí iad agus, dá bhrí sin, ní thagann siad faoi raon feidhme an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Mar sin féin, leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, ceanglaítear ar an monaróir aghaidh a thabhairt ar an riosca a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo trí bhearta ar leibhéal an táirge, amhail fíordheimhniú cripteagrafach ar chianorduithe a éileamh, sláine athruithe cumraíochta a fhíorú, nó logaí nó foláirimh atá ábhartha ó thaobh na slándála de a ghiniúint nuair a bhraitear iompraíocht neamhghnách. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina sainaithníonn monaróir riosca a eascraíonn as seirbhís sheachtrach den sórt sin gan bheith ar fáil, mar shampla mar gheall ar éaradh cumhachta nó cliseadh an bhonneagair, féadfaidh an Gníomh um Chibear-Athléimneacht bearta maolaithe ar leibhéal an táirge a éileamh in aghaidh rioscaí cibearshlándála den sórt sin, e.g. a áirithiú nach bhfágfaidh an t-éaradh seirbhíse nach mbeidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina chúis le staideanna neamhshlána. I gcásanna den sórt sin, rialaíonn an Gníomh um Chibear-Athléimneacht conas a fhreagraíonn an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha do na rioscaí seachtracha sin; ní fhorchuirtear leis oibleagáidí maidir leis an gcaoi a n-eagraítear, a n-oibrítear nó a soláthraítear foireann don bhonneagar cúil, ná ní chaitear leis an mbonneagar sin mar chuid den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

170. Baineann dícheall cuí le heilimintí atá ina gcuid den táirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha, go háirithe comhpháirteanna comhtháite bogearraí nó crua-earraí arna soláthar ag tríú páirtí. Ceanglaítear ar mhonaróirí bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach mbainfidh na comhpháirteanna sin an bonn de chomhlíontacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha leis na ceanglais fhíor-riachtanacha. Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin trína chinneadh cad a éilíonn an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha óna chomhpháirteanna chun a chuspóirí cibearshlándála a bhaint amach, agus trína fhíorú, ar bhealach rioscabhunaithe, go bhfuil na comhpháirteanna sin i gcomhréir le riachtanais an táirge, mar a léirítear freisin in aithris 34.

171. I gcomhréir lena mheasúnú riosca cibearshlándála, ní mór don mhonaróir na ceanglais ba cheart don chomhpháirt chomhtháite a chomhlíonadh a shainaithint. Mar shampla, má bhíonn an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ag brath ar fheidhmeanna cripteagrafacha, ar shásraí nuashonraithe nó ar chumarsáid shlán arna soláthar ag comhpháirt, ní mór don mhonaróir, mar chuid dá dhícheall cuí, na riachtanais sin a shainaithint agus a fhíorú go gcomhlíonann an chomhpháirt iad. D'fhéadfadh fianaise chun na críche sin a bheith comhdhéanta de dhoiciméadacht a fuarthas ón monaróir comhpháirteanna, amhail sonraíochtaí teicniúla, doiciméadacht slándála nó doiciméadacht ábhartha chomhréireachta nó dearbhaithe. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an monaróir tástálacha a dhéanamh freisin chun a fhíorú go gcomhlíonann na comhpháirteanna sin na feidhmeanna ábhartha go leordhóthanach. Cé gur oibleagáid dhlíthiúil ar leithligh é dícheall cuí, tacaíonn sé agus cuireann sé taca faoi chumas an mhonaróra comhlíonadh na gceanglas fíor-riachtanach a léiriú don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine.

172. Agus measúnú á dhéanamh ar na rioscaí don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine, ní mór eilimintí lasmuigh den táirge, amhail eilimintí comhshaoil, bonneagar seachtrach, córais nó líonraí eile, a mheas sa mheasúnú riosca cibearshlándála agus, i gcás inarb ábhartha, aghaidh a thabhairt orthu trí bhearta ar leibhéal an táirge chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais fhíor-riachtanacha. Comhpháirteanna atá comhtháite go fisiciúil nó go loighciúil sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ach a fhaightear ó thríú páirtí, ní mór iad a mheas freisin mar chuid den mheasúnú riosca. Mar sin féin, chun críoch comhlíontachta, ba cheart don mhonaróir caitheamh leo sin mar chomhpháirteanna arna soláthar go seachtrach a bhfíoraítear a n-airíonna trí dhícheall cuí nuair a chomhtháthaítear iad, toisc go bhféadfadh sé nach ndearna an monaróir iad a athdhearadh nó a athfhorbairt.

173. Tá feidhm ag an loighic chéanna le linn fhorbairt agus chomhtháthú na gcomhpháirteanna. I gcás ina bhforbraíonn an monaróir feidhmiúlachtaí é féin, ní mór dó na ceanglais fhíor-riachtanacha a chur chun feidhme go díreach. I gcás ina gcomhtháthaíonn an monaróir comhpháirteanna arna bhforbairt ag daoine eile, ní mór dó a áirithiú trí dhícheall cuí, gur féidir na comhpháirteanna sin a úsáid ar bhealach a chuireann ar a chumas don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine na ceanglais a chomhlíonadh. Sa dá chás, tá an cuspóir fós mar an gcéanna: go mbaineann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, mar a chuirtear ar an margadh é, leibhéal iomchuí cibearshlándála amach mar a cheanglaítear leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, agus na rioscaí a shainaithnítear sa mheasúnú riosca cibearshlándála á gcur san áireamh.

7.4. **Measúnuithe riosca agus doiciméadacht chomhréireachta a athúsáid le haghaidh finte táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha**

174. Féadfaidh monaróirí táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá comhchosúil a chur ar an margadh, mar shampla athróga, samhlacha nó cumraíochtaí éagsúla den fhine táirgí chéanna. I gcás ina bhfuil an ailtireacht chéanna, an dearadh céanna atá ábhartha ó thaobh na slándála de agus an chríoch chéanna atá beartaithe ag táirgí den sórt sin ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus i gcás ina bhfuil siad neamhchosanta ar na rioscaí cibearshlándála céanna, ní cheanglaítear leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht ar mhonaróirí caitheamh le gach athróg mar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá go hiomlán ar leithligh chun críoch measúnaithe riosca agus measúnaithe comhréireachta.

175. I gcásanna den sórt sin, ar choinníoll go gcumhdaítear gach athróg lena mbaineann go leordhóthanach i dtéarmaí rioscaí ábhartha agus ceanglas fíor-riachtanach, féadfaidh monaróirí brath ar an méid seo a leanas: (i) measúnú riosca cibearshlándála aonair arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht; (ii) tacar aonair doiciméadachta teicniúla; agus (iii) nós imeachta aonair um measúnú comhréireachta. Fágann sé sin freisin gur féidir dearbhú comhréireachta aonair de chuid an Aontais a eisiúint don ghrúpa táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ar choinníoll go sainaithnítear go soiléir ann na hathróga táirge a bhfuil feidhm aige maidir leo.

176. Is é an toisc chinntitheach an bhfuil na difríochtaí idir na hathróga ábhartha don chibearshlándáil. Maidir le héagsúlachtaí nach ndéanann difear d'airíonna cibearshlándála an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, amhail difríochtaí maidir le dath, fachtóir foirme, méid cuimhne, nó saintréithe eile nach mbaineann leis an tslándáil, ní gá measúnuithe riosca ná measúnuithe comhréireachta ar leithligh a dhéanamh orthu. Os a choinne sin, i gcásanna áirithe d'fhéadfadh athróga a bheith éagsúil ar bhealaí a dhéanann difear do chur chun feidhme ceanglas fíor-riachtanach, mar shampla trí chomhéadain chumarsáide éagsúla, cruacha bogearraí, sásraí nuashonraithe nó nascacht chianda. Sna cásanna sin, ní mór na difríochtaí sin a léiriú sa mheasúnú riosca agus, i gcás inar gá, sa mheasúnú comhréireachta agus sa doiciméadacht theicniúil.

177. Leanfaidh monaróirí de bheith freagrach as a áirithiú go léirítear go cruinn sa mheasúnú riosca agus sa doiciméadacht ghaolmhar na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuirtear ar an margadh. I gcás ina dtabharfaidh athróg nua rioscaí cibearshlándála nua isteach nó ina n-athróidh sí an chaoi a gcuirtear ceanglais fhíor-riachtanacha chun feidhme, ní mór an measúnú riosca agus an doiciméadacht chomhréireachta atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin. Ní féidir brath ar mheasúnú comhréireachta aonair ach amháin a mhéid nach bhfuil difríochtaí ag baint leis na táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha maidir lena n-airíonna cibearshlándála.

8. **CIANPHRÓISEÁIL SONRAÍ**

178. Is é an sainmhínniú atá ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha in Airteagal 3(1) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht 'táirge bogearraí nó crua-earraí agus a réitigh cianphróiseála sonraí, lena n-áirítear comhpháirteanna bogearraí nó crua-earraí atá á gcur ar an margadh astu féin'. I bhfianaise an mhéid sin, ní mór don mhonaróir an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a mheas ina iomláine, lena n-áirítear a réitigh cianphróiseála sonraí. Mar shampla, agus é á léiriú go gcomhlíonann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ní mór réitigh cianphróiseála sonraí a chur san áireamh, ag tosú leis an measúnú riosca (Airteagal 13(2)). Tá an rud céanna bailí agus oibleagáidí saolré á mbreithniú, amhail leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach agus teagmhais thromchúiseacha a thuairisciú (Airteagal 14).

179. Is é is cuspóir don treoraíocht seo tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil do mhonaróirí chun a chinneadh an bhfuil réitigh cianphróiseála sonraí ag a dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar a shainmhínítear sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht agus conas a n-oibleagáidí comhlíontachta a chomhlíonadh ina leith sin. Tar éis anailís tosaigh a dhéanamh ar na sainmhínithe agus na haithrisí a leagtar síos sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, cuirfear ceisteanna ar fáil leis an treoraíocht seo chun treoir a thabhairt do mhonaróirí maidir lena shoiléiriú an bhfuil réitigh cianphróiseála sonraí san áireamh ina dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha (féach Roinn *8.1 What is considered a remote data processing solution for a product with digital elements?*). Ina dhiaidh sin, déanfaidh sé mionléiriú ar impleachtaí teicniúla réiteach cianphróiseála sonraí agus ar conas measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht (féach Roinn *8.2 Practical and technical implications of remote data processing solutions and reliance on third-party solutions*).

180. Go deimhin, is é an sainmhíniú atá ar choincheap 'cianphróiseáil sonraí' in Airteagal 3(2) 'próiseáil sonraí go cianda ar lena haghaidh a dhéanann an monaróir na bogearraí a dhearadh agus a fhorbairt, nó lena haghaidh a dhéantar iad a dhearadh agus a fhorbairt faoi fhreagracht an mhonaróra, i gcás ina gcuirfeadh easpa na próiseála sonraí sin cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a dhéanamh'. Dá bhrí sin, is é an sainmhíniú atá ar réitigh cianphróiseála sonraí eilimintí bogearraí ('an chuid sin de chóras faisnéise leictreonach ina bhfuil cód ríomhaireachta', mar a shainmhínítear in Airteagal 3(4)) na próiseála sonraí go cianda. Níl sé i gceist go n-áireofaí leis, mar chuid de raon feidhme an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, na crua-earraí ar féidir le cianphróiseáil sonraí brath orthu.

181. Tugtar mínithe breise in aithrisí 11 agus 12 ar an gcaoi ar cheart an coincheap sin a léirmhíniú. Soiléirítear in aithris 11 gurb é an sprioc atá ann réiteach cianphróiseála sonraí a chumhdach 'go mbeidh na táirgí sin daingnithe go leormhaith ina n-iomláine ag a monaróirí, is cuma cé acu a dhéantar sonraí a phróiseáil nó a stóráil go háitiúil ar ghaireas an úsáideora nó go cianda ag an monaróir'. Luaitear ann freisin 'níl bearta teicniúla, oibríochtúla ná eagraíochtúla i gceist leis na ceanglais maidir leis na réitigh cianphróiseála sonraí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo arb é is aidhm dóibh na rioscaí do shlándáil córas líonraí agus faisnéise monaróra ina n-iomláine a bhainistiú.'

182. Dá bhrí sin, tá sé mar thoradh ar aithris 11 nach é is aidhm do cheanglais an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht bonneagar TF iomlán eagraíochta a chumhdach, ach comhpháirteanna bogearraí amháin lenar féidir an réiteach próiseála sonraí a fhorghníomhú. Mar shampla, córais inmheánacha a bhaineann le hacmhainní daonna an mhonaróra féin, párollaí, bainistiú caidrimh le custaiméirí, comhtháthú leanúnach/píblínte seachadta leanúnaigh, dáileadh nuashonruithe slándála ar shuíomhanna imeall-ríomhaireachta, níor cheart a mheas gur réitigh cianphróiseála sonraí iad. Ar an gcaoi chéanna, córais atá nasctha le gníomhaíochtaí iniúchóireachta agus tástála, amhail tástáil treáite, fiach bagairtí agus foireann dhearg, tá siad lasmuigh de raon feidhme táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar a chumhdaítear leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, cé gur ceanglas fíor-riachtanach a leagtar síos i bpointe (3) de Chuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht é tástálacha agus athbhreithnithe éifeachtacha agus tráthrialta a chur i bhfeidhm maidir le slándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, nach gciallaíonn sé sin go measfar gur réitigh cianphróiseála sonraí iad na gníomhaíochtaí sin le haghaidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

183. Dírítear in aithris 12 ar néalseirbhísí agus tugtar tuilleadh sonraí maidir leis na himthosca faoina bhféadfaí néalseirbhísí a mheas mar réitigh cianphróiseála sonraí. Is é conclúid na haithrise go dtagann seirbhísí néalríomhaireachta agus samhlacha néalseirbhísí faoi raon feidhme Threoir (AE) 2022/2555 (NIS 2) ([28]), lena mbunaítear ceanglais bainistíochta riosca cibearshlándála do sholáthraithe seirbhísí néalríomhaireachta. Sonraítear na ceanglais sin a thuilleadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2690 ón gCoimisiún ([29]).

8.1. **Cad a mheastar a bheith ina réiteach cianphróiseála sonraí le haghaidh táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha?**

184. Dá bhrí sin, tá an sainmhíniú ar chianphróiseáil sonraí a leagtar síos in Airteagal 3(2) ag brath ar thrí ghné: (i) an bhfuil an phróiseáil sonraí ag tarlú 'go cianda'; (ii) an gcuirfeadh easpa próiseála sonraí den sórt sin cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh; agus (iii) cé acu atá nó nach bhfuil na bogearraí deartha agus forbartha ag an monaróir, nó faoina fhreagracht. Tugann na chéad trí fhoroinn eile aghaidh ar gach ceann de na gnéithe sin ar bhealach níos mionsonraithe.

([28]) Treoir (AE) 2022/2555 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann cibearshlándála ar fud an Aontais, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 agus Treoir (AE) 2018/1972, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2016/1148 (Treoir NIS 2) (IO L 333, 27.12.2022, lch. 80, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2555/2022-12-27).

([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2690 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2024 lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir (AE) 2022/2555 a mhéid a bhaineann le ceanglais theicniúla agus mhodheolaíochta maidir le bearta bainistíochta riosca cibearshlándála agus sonrú breise ar na cásanna ina meastar teagmhas a bheith suntasach a mhéid a bhaineann le soláthraithe seirbhísí DNS, clárlanna ainmneacha TLD, soláthraithe seirbhísí néalríomhaireachta, soláthraithe seirbhísí lárionad sonraí, soláthraithe gréasán soláthair ábhair, soláthraithe seirbhísí bainistithe, soláthraithe seirbhísí slándála bainistithe, soláthraithe margaí ar líne, soláthraithe inneall cuardaigh ar líne agus soláthraithe ardán seirbhísí líonraithe shóisialta, agus soláthraithe seirbhísí iontaoibhe (IO L, 2024/2690, 18.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2690/oj).

8.1.1. *An coincheap 'go cianda'*

185. Tá an coincheap 'go cianda' dá dtagraítear in Airteagal 3(2) ábhartha ach ní leor é chun a chinneadh cé acu a áirítear nó nach n-áirítear réitigh cianphróiseála sonraí i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Thairis sin, i bhfianaise éagsúlacht na réiteach a d'fhéadfadh teacht faoin gcoincheap sin, ní féidir sainmhíniú uileghabhálach a thabhairt ar 'go cianda'. Tá gá le measúnú cás ar chás ón monaróir.

186. Luaitear in aithris 11 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht sonraí a phróiseáiltear nó a stóráiltear 'go cianda ag an monaróir' seachas sonraí a phróiseáiltear nó a stóráiltear 'go háitiúil ar ghaireas an úsáideora'. Is iondúil go ndéantar cianphróiseáil sonraí lasmuigh de thimpeallacht úsáideora táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó lasmuigh de thimpeallacht oibríochtúil eagraíochta (le haghaidh úsáideoir gairmiúil). Mar sin féin, ní chuireann sé sin cosc ar phróiseáil a dhéanamh gar don ghléas freisin ('ar an imeall'). Féadfar tarchur sonraí a shreangú (e.g. cábla ethernet) nó gan sreang (e.g. Wi-Fi, Bluetooth). Is sampla tipiciúil den phróiseáil sonraí a dhéantar 'go cianda' í an néalríomhaireacht, lena n-áirítear an imeall-ríomhaireacht. Mar shampla, i gcás feidhm néalbhunaithe a bhfuil rochtain ag an úsáideoir uirthi ó fheidhmchlár móibíleach, tarlaíonn cuid den phróiseáil sonraí ar an néal, lasmuigh de thimpeallacht an úsáideora.

187. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gá go n-oibreofaí réitigh cianphróiseála sonraí ar bhonneagar néalríomhaireachta tríú páirtí. D'fhéadfadh réitigh cianphróiseála sonraí a bheith i gceist le cianphróiseáil sonraí a ritear ar fhreastalaithe áitiúla ar áitreabh an mhonaróra freisin. I bhfocail eile, tá réiteach a ritear ar an áitreabh agus ar néal príobháideach chomh dóchúil céanna go gcáileoidh sé mar réitigh cianphróiseála sonraí mar réiteach a ritear ar néal poiblí agus seacháitribh.

188. Leagtar amach thíos, i Ranna *8.1.2* agus *8.2*, an dá cheist chinntitheacha charnacha lena gcinntear an gcumhdaítear próiseáil sonraí leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht mar réiteach cianphróiseála sonraí. Má thugtar freagra dearfach ar an dá cheist, cáilíonn an chianphróiseáil sonraí mar réitigh cianphróiseála sonraí.

8.1.2. *An gcuirfeadh easpa próiseála sonraí den sórt sin cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a dhéanamh?*

189. Mar a leagtar síos sa sainmhíniú ar 'chianphróiseáil sonraí' a áirítear in Airteagal 3(2), chun go gcáileodh cianphróiseáil sonraí mar réitigh cianphróiseála sonraí, níor mhór cosc a chur ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a dhéanamh in éagmais na próiseála sin. Níl an coincheap 'feidhmeanna' a áirítear sa sainmhíniú seo teoranta do 'chroífheidhmiúlacht' ná don 'chríoch a beartaíodh' don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, toisc nach bhforchuireann an Gníomh um Chibear-Athléimneacht teorainn den sórt sin. Is feidhmeanna iad na feidhmeanna laistigh de raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a chomhlíonann go díreach críoch bheartaithe an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar atá taithí ag úsáideoirí agus feidhmeanna a thacaíonn le feidhmíocht fhoriomlán an táirge.

190. D'áireofaí an méid seo a leanas ar shamplaí d'fheidhmeanna ina bhféadfaí próiseáil sonraí a dhéanamh go cianda agus lena gcuirfí cosc ar tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a dhéanamh: (i) orduithe a sheoladh chuig gléas; (ii) comhaid shioncrónaithe; (iii) an t-úsáideoir a ionduchtú; (iv) cumraíocht (pearsantú an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha); (v) dáileadh uathoibrithe nuashonruithe, lena n-áirítear nuashonrú gnéithe agus paisteáil slándála; (vi) bainistiú céannachta agus rochtana.

191. I gcásanna áirithe, is féidir leis an úsáideoir feidhm a úsáid go cianda agus de láimh araon (e.g. bolgán solais a lasadh le haip nó de láimh). Leis an rogha seo, ní eisiatar cáiliú na próiseála sonraí a bhaineann le cianfheidhmíocht na feidhme mar réitigh cianphróiseála sonraí. Meastar freisin gur cuid de na feidhmeanna a chuireann an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar fáil é an fheidhm sin a dhéanamh go cianda.

192. Os a choinne sin, i gcás nach gcuireann easpa próiseála sonraí áirithe cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a dhéanamh, ní mheastar gur éitigh cianphróiseála sonraí í próiseáil den sórt sin de réir bhrí an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Áirítear leis sin, mar shampla, ciananailís ar shonraí teiliméadrachta a bhailítear chun críoch staidrimh amháin nó chun táirgí a fhorbairt amach anseo.

193. Mar sin féin, fiú nuair nach dtacaíonn próiseáil sonraí le feidhm táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar mhonaróirí a mheas an dtugann na comhpháirteanna cianda sin rioscaí isteach don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha mar chuid dá measúnú riosca cibearshlándála (e.g. i bhfianaise thimpeallacht oibríochtúil an táirge), agus na rioscaí sin a mhaolú dá réir sin (e.g. trí mhaoluithe ar leibhéal an táirge).

194. Is cás sonrach iad suíomhanna gréasáin ar cheart soiléiriú breise a thabhairt ina leith, mar a mhínítear freisin i *Roinn 2.1 Placing on the market Cur ar an margadh*. Ní thagann suíomhanna gréasáin faoi raon feidhme réiteach cianphróiseála sonraí mura dtacaíonn siad le feidhm táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, mar a mhínítear in aithris 11 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht. Ní leor faisnéis a bheith ar shuíomh gréasáin faoi tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha atá le cur san áireamh faoi raon feidhme réiteach cianphróiseála sonraí, fiú má atreoraíonn an táirge chuig suíomh gréasáin den sórt sin. Mar shampla, ní réitigh cianphróiseála sonraí é úsáideoirí a atreorú chuig leathanach gréasáin seachtrach a sholáthraíonn faisnéis agus treoracha d'úsáideoirí. Os a choinne sin, d'fhéadfadh suíomh gréasáin a bheith faoi raon feidhme réiteach cianphróiseála sonraí má chumasaíonn sé feidhm táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó má thacaíonn sé léi. Mar shampla, mheasfaí gur réitigh cianphróiseála sonraí í tairseach fíordheimhniúcháin lena n-eisítear dintiúir nó comharthaí is gá chun an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a oibriú (ar choinníoll go gcomhlíontar critéir eile an tsainmhínithe freisin).

8.1.3. *An é an monaróir a dhear agus a d'fhorbair na bogearraí, nó an é faoina fhreagracht a dearadh agus a forbraíodh iad?*

195. Sonraítear sa sainmhíniú ar 'chianphróiseáil sonraí' in Airteagal 3(2) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht freisin gur gá don mhonaróir bogearraí na cianphróiseála sonraí sin a dhearadh agus a fhorbairt, nó gur gá iad a dhearadh agus a fhorbairt faoina fhreagracht. Cháileodh cianphróiseáil sonraí arna forbairt agus arna dearadh go hiomlán ag an monaróir (go hinmheánach) mar réitigh cianphróiseála sonraí go nádúrtha. B'amhlaidh a bheadh freisin dá mbraithfeadh monaróirí ar sholáthraí seirbhíse seachtrach chun réiteach a fhorbairt agus a dhearadh (i.e. 'faoina fhreagracht'). Tagraíonn an frása 'faoi fhreagracht an mhonaróra' do réitigh chianphróiseála atá saincheaptha don mhonaróir. Is cásanna iad sin nach bhfuil an monaróir ach ag ceadúnú táirge atá ann cheana ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó seirbhís a thairgeann soláthraí seirbhíse dá chustaiméirí nó leaganacha de atá beagán modhnaithe. Is é atá i gceist le 'faoi fhreagracht an mhonaróra' gurb é an monaróir amháin a thógann na bogearraí nó gur thar a cheann a thógtar iad, bunaithe ar dhearaí agus ar shonraíochtaí a sholáthraíonn siad.

196. Agus réitigh cianphróiseála sonraí á dtuiscint, ní toisc chinntitheach é an coincheap 'cé a oibríonn an réiteach', toisc nach dtagraíonn an sainmhíniú sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht ach do dhearadh agus d'fhorbairt réiteach cianphróiseála sonraí. Tá sé sin comhsheasmhach le cur chuige an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht trína bhfuil ceanglais agus oibleagáidí ar mhonaróirí, agus ní ar oibriú an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Má dhearann agus má fhorbraíonn monaróirí réitigh, a oibríonn tríú páirtí ina dhiaidh sin, leanfaidh siad de bheith freagrach as ceanglais fhíor-riachtanacha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a chomhlíonadh maidir leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chuireann siad ar an margadh.

197. Is gá idirdhealú a dhéanamh idir na cásanna ina ndéanann monaróirí (nó faoina bhfreagracht) an dearadh agus an fhorbairt agus na cásanna ina mbraitear ar réitigh tríú páirtí nach ndéanann monaróirí (nó faoina bhfreagracht) iad a dhearadh agus a fhorbairt. Mar shampla, is cabhair é na samhlacha néalseirbhíse is coitianta a sholáthraíonn céimeanna éagsúla rialaithe úsáideora a mheas agus a luaitear freisin in aithris 12 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, eadhon Bogearraí mar Sheirbhís (SaaS), Ardán mar Sheirbhís (PaaS) agus Bonneagar mar Sheirbhís (IaaS).

198. I gcás réiteach tríú páirtí IaaS, ní bhainistíonn ná ní rialaíonn an monaróir na hacmhainní fisiceacha agus fíorúla foluiteacha (amhail na crua-earraí foluiteacha agus hipearmhaoirseoir an tsoláthraí néalseirbhíse), ach tá sé in ann bogearraí treallacha a úsáid agus a rith trí úsáid a bhaint as acmhainní den sórt sin, amhail córais agus feidhmchláir oibriúcháin. Is é an monaróir a dhéanann bogearraí den sórt sin a dhearadh agus a fhorbairt, nó is faoina chúram a dhéantar sin, agus dá bhrí sin is féidir iad a cháiliú mar réitigh cianphróiseála sonraí (má chomhlíonann siad na gnéithe eile den sainmhíniú).

199. I gcás réiteach tríú páirtí PaaS, cuireann an monaróir a fheidhmchlár féin (a cruthaíodh nó a fuarthas) in úsáid trí úsáid a bhaint as teangacha ríomhchlárúcháin agus timpeallachtaí forghníomhaithe a sholáthraíonn an soláthraí néalseirbhíse agus comhtháthaíonn sé an feidhmchlár ina tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Tá smacht ag an monaróir ar an bhfeidhmchlár agus b'fhéidir ar shocruithe cumraíochta don timpeallacht forghníomhaithe. Dá bhrí sin, is é an monaróir a dhearann agus a fhorbraíonn an feidhmchlár, nó is faoina fhreagracht a dheartar agus a fhorbraítear é, agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé cáiliú mar réitigh cianphróiseála sonraí (má chomhlíonann sé na gnéithe eile den sainmhíniú).

200. I gcás réiteach tríú páirtí SaaS, tairgeann soláthraí SaaS feidhmchlár lánfhorbartha don mhonaróir atá le comhtháthú i dtáirge an mhonaróra ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Tá cumas teoranta ag an monaróir socruithe cumraíochta feidhmchláir a bhaineann go sonrach leis an úsáideoir a bhainistiú. Dá bhrí sin, níl an feidhmchlár deartha ná forbartha ag an monaróir, ná faoina fhreagracht.

201. Mar sin féin, i gcás nach gcáilíonn eilimintí áirithe mar réitigh cianphróiseála sonraí (e.g. an hipearmhaoirseoir i gcás bonneagar tríú páirtí IaaS, an córas oibriúcháin i gcás réiteach tríú páirtí PaaS, nó an feidhmchlár tríú páirtí SaaS) ach ina gcomhtháthaítear iad sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar bhealach a dhéanann difear dá shlándáil, ba cheart a mheas go bhfuil na réitigh sin cosúil le comhpháirteanna tríú páirtí. Ceanglaítear ar an monaróir rioscaí a bhaineann le comhtháthú na n-eilimintí sin a shainaithint agus a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu trí na ceanglais fhíor-riachtanacha maidir leis an táirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur chun feidhme. Is féidir, i gcás inarb ábhartha, tacú leis sin leis na feidhmeanna slándála a chuireann an soláthraí néalseirbhíse ar fáil trína shamhail freagrachta comhroinnte, i gcás ina n-úsáideann nó ina gcumraíonn an monaróir na feidhmeanna sin chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sainaitheanta. Ina theannta sin, tá coinne leis go bhfeidhmeoidh an monaróir oibleagáid atá comhchosúil leis an oibleagáid dícheall cuí a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 13(5) a bhaineann le slándáil na gcomhpháirteanna sin, ar bhealach atá comhréireach leis an riosca a bhaineann leis an réiteach cianda do shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

202. Dá bhrí sin, is féidir achoimre a dhéanamh ar an méid seo a leanas:


(a) Chun go gcáileoidh próiseáil sonraí mar réitigh cianphróiseála sonraí, ní mór freagra dearfach a thabhairt ar an dá cheist a chuirtear i Ranna *8.1.2 Would the absence of such data processing prevent the product with digital elements from performing one of its* functions? agus *8.1.3 Has the software been designed and developed by the manufacturer, or under its responsibility?*.

(b) Má tá freagra diúltach ar an gceist i Roinn *8.1.2 Would the absence of such data processing prevent the product with digital elements from performing one of its* functions?, ba cheart do mhonaróirí measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as próiseáil sonraí den sórt sin a bheith ann mar chuid dá measúnú riosca.

(c) Má thugtar freagra dearfach ar an gceist i Roinn *8.1.2 Would the absence of such data processing prevent the product with digital elements from performing one of its* functions? ach má thugtar freagra diúltach ar an gceist i Roinn *8.1.3 Has the software been designed and developed by the manufacturer, or under its responsibility?*, ba cheart do mhonaróirí caitheamh leis an réiteach tríú páirtí mar chomhpháirt. Mar chuid den mheasúnú riosca, ba cheart do mhonaróirí measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as comhtháthú an réitigh sin agus iad a mhaolú dá réir sin. Ina theannta sin, ba cheart do mhonaróirí dícheall cuí a fheidhmiú.

Fíor 9

Sreabhchairt stílithe chun a chinneadh an bhfuil réitigh cianphróiseála sonraí i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha



8.2. Impleachtaí praiticiúla agus teicniúla na réiteach cianphróiseála sonraí agus spleáchas ar réitigh tríú páirtí

203. Leanann an Gníomh um Chibear-Athléimneacht cur chuige rioscabhunaithe, a chumhdaítear in Airteagal 13(2) agus (3), agus sa chéad cheanglas fíor-riachtanach de Chuid I d'Iarscríbhinn I, ina ndéanfar 'táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dhearadh, a fhorbairt agus a tháirgeadh ar bhealach chun leibhéal iomchuí cibearshlándála a áirithiú bunaithe ar na rioscaí'. Dá bhrí sin, ba cheart cur chuige rioscabhunaithe a chur san áireamh agus ceanglais an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht á gcur i bhfeidhm maidir le réitigh cianphróiseála sonraí agus láimhseáil na rioscaí a eascraíonn as seirbhísí tríú páirtí atá comhtháite sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

204. Ar an gcéad dul síos, ba cheart do mhonaróirí (i) a léiriú sa doiciméadacht theicniúil go bhfuil réitigh cianphróiseála sonraí ina dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha nó go mbraitheann sé ar réitigh chianda tríú páirtí agus (ii) tuairisc a thabhairt ar réitigh den sórt sin. Má thacaíonn réitigh cianphróiseála sonraí céanna le roinnt táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ní mór réitigh cianphróiseála sonraí a dhearbhú i ndoiciméadacht theicniúil gach táirge. An doiciméadacht a bhaineann le réitigh cianphróiseála sonraí a fhreastalaíonn ar roinnt táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha, féadfar í a athúsáid ó mheasúnú comhréireachta táirge amháin go measúnú comhréireachta táirge eile.

205. Mar a léirítear in aithris 11, ba cheart réitigh cianphróiseála sonraí atá mar chuid den táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus, dá bhrí sin, atá faoi réir mheasúnú comhréireachta an táirge a theorannú do na modúil bogearraí sin atá freagrach as feidhmiúlacht an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus do na comhéadain a úsáideann na modúil sin le seirbhísí seachtracha. Ní mheastar gur réitigh cianphróiseála sonraí iad córais chúil bhreise lena ndéantar próiseáil ina dhiaidh sin, agus nach n-idirghníomhaíonn an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha go díreach leo.

206. Mar sin féin, tá na córais chúil sin fós ina spleáchais sheachtracha nach mór a mheasúnú mar chuid den mheasúnú riosca cibearshlándála agus a mhaolú trí bhearta ar leibhéal an táirge. Go deimhin, ba cheart an méid seo a leanas a mheas sa mheasúnú riosca a dhéanann an monaróir: (i) rioscaí a bhaineann le réitigh cianphróiseála sonraí; (ii) rioscaí a bhaineann le spleáchas ar réitigh chianda tríú páirtí (cosúil le comhpháirteanna tríú páirtí); agus (iii) rioscaí a bhaineann le timpeallacht an táirge (e.g. crua-earraí foluiteacha). Ba cheart do mhonaróirí rialuithe slándála a chur chun feidhme ar an táirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha chun na rioscaí sin a mhaolú.

207. Thairis sin, mar chuid den mheasúnú comhréireachta agus/nó comhlíonadh na n-oibleagáidí díchill chuí a bhaineann le cianseirbhísí tríú páirtí, is féidir an liosta neamh-uileghabhálach seo a leanas de dhéantáin dearbhaithe a athúsáid chun tacú le measúnú an mhonaróra:

(a) fianaise ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2690 ón gCoimisiún;

(b) fianaise ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí faoi Rialachán (AE) 2022/2554;

(c) ráiteas comhréireachta nó deimhniú a fuarthas faoi scéim Eorpach um dheimhniú cibearshlándála (arna glacadh faoi Rialachán (AE) 2019/881 - an Gníomh um Chibearshlándáil);

(d) fianaise ar chomhréireacht le ISO/IEC 27017:2015 nó ISO/IEC 27001:2022.

208. Ar deireadh, ina n-idirghníomhaíochtaí le soláthraithe cianseirbhíse tríú páirtí, ní mór do mhonaróirí na bearta slándála is iomchuí a chur chun feidhme bunaithe ar a measúnú riosca (agus, i gcás inarb iomchuí, le tacaíocht ó shamhail freagrachta comhroinnte an tsoláthraí). Ba cheart a áireamh ar na bearta maolaithe sin rialuithe slándála dá dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus fíorú na mbeart slándála arna soláthar ag na soláthraithe tríú páirtí féin (dícheall cuí). Uirlis chun rioscaí den sórt sin a mhaolú is ea ráthaíochtaí slándála a leabú ina gcomhaontuithe ar leibhéal seirbhíse le soláthraithe tríú páirtí, lena n-áirítear dearbhuithe go láimhseálann soláthraithe leochaileachtaí go leordhóthanach. Níor cheart mórathrú ar na réitigh arna soláthar ag na soláthraithe seirbhísí cianda tríú páirtí a cháiliú mar mhodhnú substaintiúil ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, toisc nach bhfuil na heilimintí sin faoi fhreagracht an mhonaróra. Mar sin féin, mar chuid dá n-oibleagáidí díchill chuí agus chun rioscaí a eascraíonn as úsáid soláthraithe tríú páirtí a mhaolú i gceart, moltar do mhonaróirí a áirithiú go gcoinneoidh a soláthraithe néalseirbhísí tríú páirtí ar an eolas go leordhóthanach iad faoi athruithe a chuireann siad chun feidhme maidir lena réitigh. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar mhonaróirí athbhreithniú a dhéanamh ar a measúnú riosca. Ba cheart a mheas sa mheasúnú riosca nuashonraithe cé acu a thugann nó nach dtugann na soláthraithe seirbhíse tríú páirtí ráthaíochtaí leordhóthanacha fós i dtéarmaí cibearshlándála agus cé acu atá nó nach bhfuil na rialuithe slándála ar leibhéal an táirge fós leordhóthanach. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar mhonaróirí rialuithe den sórt sin a mhodhnú nó soláthraithe seirbhíse tríú páirtí a athrú.

8.3. **Cásanna úsáide le haghaidh réitigh cianphróiseála sonraí**

Chun treoraíocht phraiticiúil bhreise a chur ar fáil do mhonaróirí, tugtar isteach leis an roinn seo sraith cásanna úsáide ficseanúla, lena dtugtar tuairisc ar tháirgí tipiciúla ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhraitheann ar chianphróiseáil sonraí agus lena léirítear an gcáilíonn próiseáil den sórt sin mar réitigh cianphróiseála sonraí de réir bhrí an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

8.3.1. *Feidhmchlár baincéireachta móibílí*

Cuireann eintiteas airgeadais feidhmchlár baincéireachta móibílí ar an margadh. Tacaíonn córais chúil na haipe, i measc nithe eile, le fíordheimhniú, údarú, bainistiú cuntas, agus íocaíochtaí. Úsáideann an t-eintiteas airgeadais straitéis hibrideach a bhraitheann ar bhonneagar inmheánach chomh maith le réitigh chianda tríú páirtí chun tacú le feidhmiúlachtaí na haipe. Áirítear leis na gnéithe sin:

Bonneagar féinóstáilte arna fhorbairt ag an eintiteas airgeadais:

— Osclaíonn an custaiméir an feidhmchlár baincéireachta móibílí agus fíordheimhnítear é tríd an gcomhéadan baincéireachta, réiteach féinóstáilte arna fhorbairt ag an eintiteas airgeadais a fhaigheann iarrataí ón aip agus a thugann na freagraí comhfhreagracha ar ais. Fíoraíonn an comhéadan baincéireachta céannacht an chustaiméara tríd an gcóras bainistíochta cuntais a chuardach agus tugann sé rochtain ar an bhfeidhmchlár.

— Tionscnaíonn an custaiméir aistriú tríd an aip. Tarchuireann an aip an treoir chuig an gcomhéadan baincéireachta, a chuireann iarraidh chomhfhreagrach faoi bhráid an chórais mórleabhar.

— Déanann an córas bainistithe cuntas agus an córas mórleabhar, atá féinóstáilte ach scartha go loighciúil ón gcomhéadan baincéireachta, an t-idirbheart a thaifeadadh.

— Cuireann an córas mórleabhar stádas an idirbhirt ar ais chuig an gcomhéadan baincéireachta, rud a chuireann an toradh i láthair an chustaiméara.


Impleachtaí do réitigh cianphróiseála sonraí:

— Tá gá leis an gcomhéadan baincéireachta chun go gcomhlíonfaidh an aip a feidhmeanna, is é sin an custaiméir a fhíordheimhniú, treoracha an chustaiméara a chur isteach, lena n-áirítear treoracha íocaíochta agus aistrithe, agus an stádas a eascraíonn as sin a chur ar ais. Is faoi fhreagracht an mhonaróra a dhéantar an comhéadan baincéireachta a dhearadh agus a fhorbairt. Ós rud é go bhfuil an freagra ar an dá cheist a cuireadh i ranna roimhe seo dearfach, measfar gur réitigh cianphróiseála sonraí é an comhéadan baincéireachta. Dá bhrí sin, ní mór é a áireamh sa mheasúnú riosca cibearshlándála agus i gcur chun feidhme na gceanglas fíor-riachtanach don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine. An phróiseáil ar threoir ina dhiaidh sin nuair a chuirtear isteach í, go háirithe taifeadadh an idirbhirt sna córais bainistithe cuntas agus mórleabhar, glanadh agus imréiteach, déanann córais nach n-idirghníomhaíonn an aip go díreach leo iad agus, ar an mbonn sin, ní réitigh cianphróiseála sonraí iad.

— Ní cháilíonn an córas bainistithe cuntas ná an córas mórleabhar mar réitigh cianphróiseála sonraí don fheidhmchlár baincéireachta. Ní idirghníomhaíonn an aip go díreach leo (ag idirghníomhú leis an gcomhéadan baincéireachta ina ionad sin, a bhíonn ag brath orthu ina dhiaidh sin). Cé go bhféadfadh sé go mbeadh gá lena n-infhaighteacht chun feidhm a chur i gcrích, ní chumhdaítear leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht ach na codanna sin den chóras a idirghníomhaíonn go díreach leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Dá bhrí sin, ní thagann siad faoi shainmhíniú réiteach cianphróiseála sonraí chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Mar sin féin, tá na córais sin fós ina spleáchais sheachtracha a bhféadfadh rioscaí suntasacha cibearshlándála a bheith mar thoradh orthu don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar shampla, dá gcuirfí an córas mórleabhar i mbaol, d'fhéadfadh ionsaitheoir tionchar a imirt ar thorthaí idirbheart a thaispeántar san fheidhmchlár ina dhiaidh sin. Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an monaróir na rioscaí sin a shainaithint agus a mheasúnú mar chuid den mheasúnú riosca cibearshlándála agus iad a mhaolú trí bhearta ar leibhéal an táirge, amhail fíordheimhniú láidir comhéadan cúil, cosaint sláine sonraí idirbhirt, bealaí cumarsáide slána agus fíorú na bhfreagairtí a fhaigheann an aip.

Fíor 10

Léiriú stílithe ar aip baincéireachta atá ag brath ar réitigh cianphróiseála sonraí



SaaS tríú páirtí le haghaidh tacaíocht do chustaiméirí:

— Comhtháthaíonn an t-eintiteas airgeadais réiteach comhrá tacaíochta do chustaiméir ina aip arna fhorbairt agus arna oibriú ag soláthraí tríú páirtí; tá cód an fhreastalaí comhrá scríofa ag an soláthraí tríú páirtí, tá an comhéadan úsáideora tógtha aige agus oibríonn sé an bonneagar ina n-úsáidtear an comhrá (i.e. samhail SaaS).

— Nuair a thionscnaíonn an custaiméir iarraidh ar thacaíocht, nascann an aip an custaiméir leis an tseirbhís tríú páirtí chun seisiún comhrá a bhunú agus chun an sreabhadh teachtaireachtaí a láimhseáil, gan rochtain a thabhairt don tríú páirtí ar chroíchórais bhaincéireachta.

Impleachtaí do réitigh cianphróiseála sonraí:

— Tá gá leis an réiteach comhrá tacaíochta chun go ndéanfaidh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna, ach ní dhéanann an t-eintiteas airgeadais é a dhearadh agus a fhorbairt, ná ní dhéanann sé é a dhearadh ná a fhorbairt faoina fhreagracht; dá bhrí sin, ní réitigh cianphróiseála sonraí é. Mar sin féin, ba cheart déileáil leis mar chomhpháirt tríú páirtí. D'fhéadfadh an spleáchas ar an tseirbhís tríú páirtí sin rioscaí cibearshlándála a chruthú don fheidhmchlár baincéireachta, mar shampla dá n-úsáidfeadh ionsaitheoir an cainéal comhrá chun pearsanú a dhéanamh ar an mbanc nó chun ábhar mailíseach a sholáthar d'úsáideoirí. Ní mór don eintiteas airgeadais na rioscaí sin a chur san áireamh ina mheasúnú riosca cibearshlándála agus iad a mhaolú trí bhearta ar leibhéal an táirge, amhail an fheidhm chomhrá a leithlisiú ó chroíghnéithe baincéireachta, sreafaí sonraí a rialú agus ábhar a bhailíochtú. Ba cheart dícheall cuí maidir le SaaS a fheidhmiú freisin.

8.3.2. *Teirmeastat cliste*

Cuireann teirmeastat cliste ar a gcumas d'úsáideoirí teocht a dtithe a rialú trí aip mhóibíleach. Braitheann an feidhmchlár móibíleach agus an teirmeastat cliste ar chianphróiseáil sonraí chun sonraí a mhalartú (e.g. iarraidh chun an teocht a mhéadú) agus sonraí a stóráil (e.g. roghanna úsáideoirí). Forbraíodh agus dearadh na feidhmeanna sin faoi fhreagracht an mhonaróra ach ritheann siad ar bhonneagar bunúsach fisiciúil agus fíorúil arna sholáthar ag tríú páirtí (IaaS tríú páirtí).

Ós rud é nach mbeadh an teirmeastat cliste in ann a fheidhmiúlachtaí cliste a fheidhmiú gan an chianphróiseáil sonraí sin, chuirfeadh easpa na próiseála sin cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann amháin nó níos mó dá fheidhmeanna a dhéanamh. Ina theannta sin, forbraíodh agus dearadh na bogearraí faoi fhreagracht mhonaróir an teirmeastait chliste. Dá bhrí sin, cáilíonn an chianphróiseáil sonraí mar réitigh cianphróiseála sonraí mar atá sainmhínithe sa Ghníomh um Chibear-Athléimneacht.

Chun críche comhlíontachta an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, ní mór do mhonaróir an teirmeastat chliste réitigh cianphróiseála sonraí a dhoiciméadú chomh maith leis an spleáchas ar IaaS tríú páirtí i ndoiciméadacht theicniúil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear sonraí na seirbhíse ar conradh. Ní mór don mhonaróir na heilimintí sin a chur san áireamh sa mheasúnú riosca, lena n-áirítear an chríoch atá beartaithe don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus an úsáid atá intuartha le réasún a bhainfear as. Cuireann an monaróir ceanglais fhíor-riachtanacha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht chun feidhme bunaithe ar na rioscaí a bhaineann le réitigh cianphróiseála sonraí. I gcás IaaS tríú páirtí, ní mór don mhonaróir a áirithiú go bhfuil na bearta slándála arna soláthar ag an soláthraí tríú páirtí iomchuí agus/nó go ndéanann siad bearta ábhartha maidir leis an mbonneagar. Maidir leis an gcéad cheann, d'fhéadfadh an monaróir, mar shampla, fianaise a iarraidh gur comhlíonadh oibleagáidí NIS 2.

8.3.3. *Ríomhléitheoir*

Úsáideann monaróir bogearraí ríomhléitheora seirbhís stórála SaaS tríú páirtí chun ríomhleabhair a cheannaíonn custaiméirí a stóráil agus chun cur ar a gcumas dóibh rochtain a fháil ar a leabhair. In éagmais na seirbhíse stórála sin, chuirfí cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a dhéanamh, ach ní fhorbraíonn an monaróir an tseirbhís stórála SaaS tríú páirtí ná ní fhorbraítear í faoi fhreagracht an mhonaróra; cuireann soláthraí SaaS ar fáil do chustaiméirí é le haghaidh aon chás úsáide.

Ní chomhlíonann seirbhís stórála SaaS an sainmhíniú ar réitigh cianphróiseála sonraí. Mar sin féin, braitheann monaróir an ríomhléitheora ar an tseirbhís sheachtrach sin maidir le feidhmiú a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus, dá bhrí sin, ní mór dó na rioscaí gaolmhara a chur san áireamh ina mheasúnú riosca cibearshlándála. Ba cheart do mhonaróir an ríomhléitheora caitheamh leis an gcomhpháirt mar SaaS. Ní mór don mhonaróir bearta slándála iomchuí ar leibhéal an táirge a chur chun feidhme, amhail fíordheimhniú slán, criptiú agus cosaint sláine na cumarsáide leis an tseirbhís stórála. Le dícheall cuí agus soláthraí SaaS á roghnú agus á chomhtháthú, tacófar freisin le hoibleagáidí an mhonaróra, ionas gur féidir leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ina iomláine na ceanglais fhíor-riachtanacha a chomhlíonadh.

8.3.4. *Róbat tionsclaíoch*

Tá sé de chúram ar róbat tionsclaíoch páirteanna a phiocadh suas. Seolann an róbat faisnéis a bailíodh trí cheamaraí chuig cianseirbhís arna dearadh agus arna forbairt ag an monaróir. Ritheann an tseirbhís sin ar bhonneagar bunúsach fisiciúil agus fíorúil arna sholáthar ag soláthraí seirbhíse tríú páirtí (IaaS tríú páirtí). Ríomhann an néalseirbhís suíomh páirte bunaithe ar fhothaí an cheamara agus seolann sí orduithe ar ais chuig an róbat chun na páirteanna a phiocadh suas.

In éagmais na próiseála sonraí sin, chuirfí cosc ar an róbat tionsclaíoch páirteanna a phiocadh suas, agus ar an gcaoi sin ceann dá fheidhmeanna a dhéanamh. Thairis sin, rinne an monaróir na bogearraí a ritheann ar bharr an bhonneagair a dhearadh agus a fhorbairt. Comhlíonann na bogearraí arna ndearadh agus arna bhforbairt ag an monaróir an sainmhíniú ar réitigh cianphróiseála sonraí.

Ní mór do mhonaróir an róbait thionsclaíoch réitigh cianphróiseála sonraí a dhoiciméadú chomh maith leis an spleáchas ar IaaS tríú páirtí i ndoiciméadacht theicniúil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha (lena n-áirítear sonraí na seirbhíse atá ar conradh). Ní mór don mhonaróir na heilimintí sin a chur san áireamh sa mheasúnú riosca freisin, lena n-áirítear an chríoch atá beartaithe don táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus an úsáid atá intuartha le réasún a bhainfear as. Cuireann an monaróir ceanglais fhíor-riachtanacha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht chun feidhme maidir leis an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear a réitigh cianphróiseála sonraí, ar bhonn na rioscaí. Tacóidh dícheall cuí agus soláthraí IaaS á roghnú le hoibleagáidí an mhonaróra freisin. Mar shampla, d'fhéadfadh an monaróir fianaise a iarraidh gur comhlíonadh oibleagáidí NIS 2.

8.3.5. *Líonra soghluaiste*

Braitheann fón cliste ar líonra 5G chun nasc idirlín, glaonna gutháin agus teachtaireachtaí a chur ar fáil dá úsáideoirí (nascacht mhóibíleach). Is iad oibreoirí teileachumarsáide a fhorbraíonn agus a dhearann an líonra soghluaiste. Tá an líonra comhdhéanta de chealla beaga agus de chrainn chumarsáide fón móibíleach, agus de threalamh líonra eile.

Ba cheart an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bheith in ann nascadh le líonra i gceart; is ceann dá fheidhmeanna é sin. Mar sin féin, cé acu atá nó nach bhfuil an líonra sin i bhfeidhm, níl sé ábhartha chun a fháil amach an bhfuil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ag feidhmiú i gceart. Níl sa líonra ach cainéal cumarsáide agus níl gá leis chun go gcomhlíonfadh an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha an fheidhm atá aige 'nascadh i gceart le líonra'. Ar an gcaoi chéanna, ní mheastar gur próiseáil sonraí é cábla ethernet, ródaire nó comhartha Wi-Fi a gcuirfeadh easpa na próiseála sin cosc ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ceann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh, ach meastar gur cumasóir cumarsáide/nascachta é.

Dá bhrí sin, ní chomhlíonann an líonra soghluaiste an sainmhíniú ar réitigh cianphróiseála sonraí. Níor cheart an líonra a mheas mar chomhpháirt tríú páirtí, ós rud é nach bhfuil aon bhogearra comhtháite sa táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ach go bhfuil an táirge ag brath ar an líonra sin amháin. Dá réir sin, ní gá don mhonaróir oibleagáidí díchill chuí a fheidhmiú i leith an tsoláthraí líonra.

9. **GNÉITHE BREISE**

9.1. **Oibleagáidí maidir le tuairisciú**

209. Faoi Airteagal 14(1) agus (3) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, ceanglaítear ar mhonaróir fógra a thabhairt an tráth céanna don CSIRT atá ainmnithe mar chomhordaitheoir agus do ENISA faoi (i) aon leochaileacht a shaothraítear go gníomhach atá ina tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dtagann sé ar an eolas fúithi; agus (ii) aon teagmhas tromchúiseach a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dtagann sé ar an eolas faoi.

210. I gcomhréir le hAirteagal 69(3) agus Airteagal 71(2), an dara habairt, tá feidhm ag an oibleagáid Airteagal 14 a chomhlíonadh ón 11 Meán Fómhair 2026 maidir le gach táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, lena n-áirítear táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh roimh an 11 Nollaig 2027. Thairis sin, murab ionann agus na hoibleagáidí láimhseála leochaileachtaí, nach leanann ach ar feadh tréimhse thacaíochta táirge, leanfaidh na hoibleagáidí tuairiscithe d'fheidhm a bheith acu tar éis nach dtacaítear a thuilleadh le táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I gcás inar cuireadh táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh roimh an 11 Nollaig 2027, nó i gcás ina bhfuil deireadh tagtha lena thréimhse thacaíochta, ní cheanglaítear ar an monaróir na hoibleagáidí láimhseála leochaileachtaí a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh.

211. Ba cheart a mheabhrú go bhfuil feidhm ag an oibleagáid fógra a thabhairt faoi theagmhais den sórt sin a luaithe a thagann an monaróir ar an eolas go bhfuil dúshaothrú gníomhach á dhéanamh ar leochaileacht nó gur tharla teagmhas tromchúiseach agus gur cuireadh slándáil a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i mbaol mar thoradh air. Dá bhrí sin, ba cheart treoraíocht maidir le cathain a mheastar monaróir a bheith ar an eolas cuidiú le monaróirí a chinneadh cathain a chuirfear tús leis na sprioc-amanna tuairiscithe is infheidhme.

212. D'fhéadfadh monaróirí a bheith faoi réir oibleagáidí tuairiscithe inchomparáide faoi ghníomhartha éagsúla de chuid an Aontais. Chun a áirithiú go léirmhínítear an coincheap 'teacht ar an eolas' go comhsheasmhach agus chun comhlíontacht monaróirí leis na hoibleagáidí sin a éascú, tá an treoraíocht sin ailínithe le haithris 31 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2690 ón gCoimisiún agus le Roinn II(A) de Threoirlínte 9/2022 maidir le fógra a thabhairt faoi shárú ar shonraí pearsanta faoi RGCS.

213. I gcásanna áirithe, braithfidh monaróir teagmhas amhrasach, nó tarraingeoidh tríú páirtí, amhail duine aonair, custaiméir, eintiteas, údarás, eagraíocht meán nó foinse eile, a aird ar theagmhas nó ar leochaileacht a d'fhéadfadh a bheith ann. Sna cásanna sin, ba cheart don mhonaróir measúnú a dhéanamh láithreach ar an teagmhas amhrasach chun a chinneadh an leochaileacht é a shaothraítear go gníomhach nó an teagmhas tromchúiseach é a bhfuil tionchar aige ar shlándáil an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Dá bhrí sin, measfar gur tháinig an monaróir ar an eolas, tar éis measúnú tosaigh den sórt sin, go bhfuil leibhéal réasúnta cinnteachta aige maidir leis an méid seo a leanas: (i) go bhfuil leochaileacht atá ina tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha á saothrú go gníomhach; nó (ii) gur tharla teagmhas tromchúiseach agus gur cuireadh slándáil a tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha i mbaol dá bharr.

214. Dá bhrí sin, beidh an pointe ama ar féidir a mheas go bhfuil monaróir ar an eolas faoi ag brath ar imthosca na leochaileachta sonraí a shaothraítear go gníomhach nó an teagmhais thromchúisigh shonraigh. I gcásanna áirithe, beidh sé réasúnta soiléir ón tús go bhfuil leochaileacht á saothrú go gníomhach nó go bhfuil tionchar ag teagmhas tromchúiseach ar shlándáil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I mBallstáit eile, d'fhéadfadh sé roinnt ama a thógáil chun a shuí an ndéanann leochaileacht difear do tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus an bhfuil gníomhaí mailíseach ag saothrú na leochaileachta sin, nó an bhfuil tionchar ag teagmhas ar shlándáil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Mar sin féin, ba cheart béim a leagan ar ghníomhaíocht phras chun an measúnú tosaigh a dhéanamh chun a chinneadh an gcomhlíontar na coinníollacha sin go deimhin, go háirithe i gcás ina bhféadfadh riosca nach beag a bheith ag baint leis an leochaileacht, agus más amhlaidh atá, gníomhaíocht feabhais a dhéanamh agus fógra a thabhairt i gcomhréir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht.

215. Thairis sin, le struchtúr na n-oibleagáidí tuairiscithe ceanglaítear ar mhonaróirí a bhfógraí a thabhairt cothrom le dáta de réir a chéile, de réir mar a théann a n-imscrúduithe inmheánacha chun cinn agus de réir mar a éiríonn a n-eolas ar an leochaileacht nó ar an teagmhas a shaothraítear go gníomhach níos mionsonraithe. Go háirithe, ceanglaítear ar mhonaróirí fógra luathrabhaidh a chur isteach ina mbeidh faisnéis theoranta gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 24 uair an chloig tar éis dóibh teacht ar an eolas. Éilítear faisnéis bhreise ina dhiaidh sin mar chuid den fhógra atá le cur isteach gan moill mhíchuí agus in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis teacht ar an eolas ('fógra 72 uair an chloig'). Ní mór an tuarascáil iomlán a chur isteach laistigh de 14 lá tar éis beart ceartaitheach nó maolaitheach a bheith ar fáil le haghaidh leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach, nó laistigh de mhí amháin tar éis an fhógra 72 uair an chloig le haghaidh teagmhais thromchúiseacha.

216. Mar a mheabhraítear i Roinn *3.3.1 Sustained support and ensuring viability of FOSS* freisin, ceanglaítear ar mhaoir bogearraí foinse oscailte leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 24(3) ([30]). Tá feidhm ag an oibleagáid sin ar theacht ar an eolas faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach, agus ní hamháin i gcás inarb ann do leochaileacht i gcódbhunchar saor-bhogearraí foinse oscailte a bhfuil an t-eintiteas sin ina mhaor ina leith. Sa chleachtas, toisc gur gnách comhpháirteanna saor-bhogearraí foinse oscailte a chomhtháthú go hiartheachtach i dtáirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha, is dócha go mbeidh maor ar an eolas faoi shaothrú gníomhach trí thuarascálacha ó thríú páirtithe, lena sainaithnítear saothrú i gcomhpháirteanna saor-bhogearraí foinse oscailte mar chomhpháirteanna atá comhtháite i dtáirgí eile ag a bhfuil eilimintí digiteacha. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, i gcás ina mbraitheann monaróir táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha saothrú gníomhach i gcomhpháirt saor-bhogearraí foinse oscailte atá comhtháite ina tháirge féin agus ina dtuairiscíonn sé é do mhaor na comhpháirte sin; nó i gcás ina n-aimsíonn úsáideoir nó taighdeoir slándála fianaise gur saothraíodh comhpháirt saor-bhogearraí foinse oscailte atá comhtháite i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus ina dtuairiscíonn sé an saothrú gníomhach sin do mhaor na comhpháirte.

217. Ba cheart a shoiléiriú freisin, toisc go bhfuil feidhm ag an oibleagáid tuairisciú a dhéanamh ar leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach nuair a thagann an monaróir ar an eolas faoi shaothrú gníomhach, nach gceanglaítear ar an monaróir leochaileachtaí a thuairisciú ar tháinig sé ar an eolas fúthu cheana féin roimh an 11 Meán Fómhair 2026 (an dáta a thiocfaidh an oibleagáid tuairiscithe i bhfeidhm). Dá bhrí sin, ní cheanglaítear leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht tuairisciú cúlghabhálach a dhéanamh ar leochaileachtaí den sórt sin. Os a choinne sin, tá feidhm ag an oibleagáid i gcás ina raibh an monaróir ar an eolas faoi leochaileacht roimh an 11 Meán Fómhair 2026 ach nach raibh sé ar an eolas, an tráth sin, faoi aon saothrú gníomhach uirthi (toisc nár tharla aon cheann go fóill nó toisc nár tháinig an monaróir ar an eolas fúithi). Más rud é, tar éis an 11 Meán Fómhair 2026, go dtarlaíonn saothrú gníomhach ina dhiaidh sin nó go dtagann an monaróir ar an eolas faoi, meastar gur leochaileacht a shaothraítear go gníomhach í an leochaileacht faoi réir na hoibleagáide tuairiscithe.

218. Ar an gcaoi chéanna, ní cheanglaítear ar mhonaróir ach leochaileachtaí a shaothraítear go gníomhach agus atá ina tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thuairisciú. I gcás ina bhfuil leochaileacht a shaothraítear go gníomhach de thionscnamh comhpháirt tríú páirtí i dtáirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ceanglaítear ar mhonaróir an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha fógra a thabhairt faoin leochaileacht sin a shaothraítear go gníomhach. Mar sin féin, má tá monaróir ar an eolas go bhfuil leochaileacht i gcomhpháirt tríú páirtí, ach (i) nach féidir an leochaileacht sin a shaothrú ina tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha (e.g. toisc nach féidir teacht ar an gcód leochaileach) nó (ii) nár saothraíodh í ina tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, ní cháilíonn an leochaileacht sin mar leochaileacht a shaothraítear go gníomhach atá ina tháirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, agus dá bhrí sin níl sí faoi réir tuairisciú éigeantach don mhonaróir sin. Féadfaidh an monaróir sin fógra a thabhairt fós faoin leochaileacht sin ar bhonn deonach, i gcomhréir le hAirteagal 15 den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht. Ceanglaítear air freisin na ceanglais maidir le láimhseáil leochaileachtaí i gCuid II d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht a chomhlíonadh, chomh maith leis an leochaileacht a thuairisciú don duine nó don eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt nó a choinníonn ar bun í, i gcomhréir le hAirteagal 13(6), agus mar a mhínítear a thuilleadh i Roinn *9.2.1 Reporting upstream and sharing security fixes*.

([30]) A mhéid atá baint ag an maor le forbairt táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

219. Tar éis dóibh teacht ar an eolas faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach nó faoi theagmhas tromchúiseach, ceanglaítear ar mhonaróirí freisin, i gcomhréir le hAirteagal 14(8), na húsáideoirí lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, na húsáideoirí uile a chur ar an eolas. I gcás ina mainníonn siad déanamh amhlaidh go tráthúil, féadfaidh na CSIRTanna a fuair an fógra an fhaisnéis sin a sholáthar d'úsáideoirí nuair a mheastar go bhfuil sé sin comhréireach agus riachtanach chun tionchar na leochaileachta nó an teagmhais sin a chosc nó a mhaolú.

220. I gcomhréir le cur chuige rioscabhunaithe an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, tá an oibleagáid úsáideoirí a chur ar an eolas a leagtar síos in Airteagal 14(8) le cur i bhfeidhm ar bhealach rioscabhunaithe agus comhréireach. Go háirithe, ní thugtar le tuiscint le soláthar faisnéise faoi leochaileacht a shaothraítear go gníomhach nó faoi theagmhas tromchúiseach nach mór an fhaisnéis sin a chur ar fáil go poiblí nó a nochtadh go neamh-idirdhealaitheach. I gcás inarb iomchuí, agus i bhfianaise chineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, na n-úsáideoirí dá ndéantar difear agus thionchar féideartha na leochaileachta nó an teagmhais, féadfaidh monaróirí nochtadh faisnéise mionsonraithe do na húsáideoirí ábhartha nó do na custaiméirí ábhartha lena mbaineann a theorannú. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a úsáidtear i dtimpeallachtaí íogaire nó fíor-riachtanacha, ina bhféadfadh nochtadh poiblí sonraí teicniúla rioscaí cibearshlándála a mhéadú nó saothrú breise a éascú.

221. Nuair a bheidh aghaidh tugtha go leordhóthanach ar an leochaileacht nó nuair a mhaolófar í, d'fhéadfadh nochtadh níos leithne a bheith iomchuí. B'amhlaidh a bheadh, mar shampla, i gcás ina gcuireann nochtadh le feasacht ghinearálta a mhúscailt nó ina gcuireann sé ar a gcumas d'úsáideoirí a fhíorú nach ndéantar difear a thuilleadh dá dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha. I gcásanna den sórt sin, ba cheart leibhéal mionsonraithe agus uainiú aon nochta níos leithne a bheith comhréireach i gcónaí agus ba cheart rioscaí iarmharacha an tsaothraithe, cineál an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha agus leasanna na n-úsáideoirí lena mbaineann a chur san áireamh. Thairis sin, ceanglaítear le pointe (4) de Chuid II d'Iarscríbhinn I ar mhonaróirí faisnéis faoi leochaileachtaí seasta a nochtadh go poiblí a luaithe a chuirfear nuashonrú slándála ar fáil.

9.2. **Láimhseáil leochaileachtaí**

9.2.1. *Tuairisciú réamhtheachtach agus socruithe slándála a chomhroinnt*

222. Le hAirteagal 13(6) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, ceanglaítear ar mhonaróirí leochaileachtaí i gcomhpháirteanna comhtháite a thuairisciú don duine nó don eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt sin nó a dhéanann cothabháil uirthi ('tuairisciú réamhtheachtach').

223. Ní cheanglaítear ar mhonaróirí tuairisciú réamhtheachtach a dhéanamh ach amháin i leith an leagain den chomhpháirt a chomhtháthaíonn siad. I gcás ina bhfuil beartais slándála, próisis um nochtadh comhordaithe leochaileachtaí nó bealaí ainmnithe chun leochaileachtaí a thuairisciú bunaithe ag an duine nó ag an eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt nó a dhéanann cothabháil uirthi, ba cheart do mhonaróirí tuairisciú i gcomhréir leo, go háirithe i gcás ina bhféadfadh nochtadh róluath leochaileachtaí neamhphaisteáilte rioscaí cibearshlándála a mhéadú. Thairis sin, chun an t-ualach ar chothabhálaithe réamhtheachtacha a laghdú, go háirithe i dtionscadail foinse oscailte, ní cheanglaítear ar mhonaróirí tuairisciú réamhtheachtach a dhéanamh i gcás inar féidir leo a dheimhniú go bhfuil an duine nó an t-eintiteas a mhonaraíonn comhpháirt nó a choinníonn ar bun í ar an eolas faoi leochaileacht a bheith ann. Moltar do mhonaróirí bearta réasúnacha a dhéanamh chun cur isteach tuarascálacha dúblacha a sheachaint, mar shampla trí bhunachair sonraí leochaileachta atá inrochtana don phobal, treoracha slándála a bhaineann go sonrach le tionscadal, nó rianairí saincheisteanna seanbhunaithe a sheiceáil sula ndéantar tuairisciú réamhtheachtach.

224. Ní cheanglaítear ar mhonaróirí ach na leochaileachtaí sin atá sa chomhpháirt chomhtháite féin a thuairisciú go réamhtheachtach, agus ní leochaileachtaí atá ann mar thoradh ar an gcomhtháthú idir an chomhpháirt agus cód eile arna fhorbairt ag an monaróir nó trí chomhtháthú comhpháirteanna eile. Mar sin féin, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina léiríonn comhtháthú comhpháirte i dtáirge sonrach ag a bhfuil eilimintí digiteacha iompraíochtaí, idirghníomhaíochtaí nó saintréithe ábhartha slándála áirithe na comhpháirte sin nach raibh follasach, nó nach raibh inaitheanta go héasca, ina n-aonar. Sna cásanna sin, moltar do mhonaróirí an fhaisnéis sin a chur in iúl don duine nó don eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt nó a dhéanann cothabháil uirthi, chun dea-chleachtais láimhseála leochaileachtaí a chothú arb é is aidhm dóibh feabhsúchán éifeachtach a éascú agus slándáil fhoriomlán an éiceachórais comhpháirteanna a fheabhsú.

225. Ar deireadh, ní cheanglaítear ar mhonaróirí ach oiread an leochaileacht réamhtheachtach a thuairisciú i gcás nach bhfuil cothabhálaí ag an gcomhpháirt a thuilleadh, nó i gcás nach bhfuil an monaróir ag brath a thuilleadh ar an gcothabhálaí bunaidh le haghaidh leaganacha nua nó socruithe slándála. I gcásanna den sórt sin, moltar don mhonaróir mar sin féin úsáideoirí na comhpháirte sin a chur ar an eolas trí bhearta malartacha réasúnta, e.g. trí shásraí comhphobail atá ann cheana (amhail liostaí seoltaí nó ticéid eisiúna) nó trí thaifid leochaileachta poiblí.

226. Thairis sin, faoi Airteagal 13(6), monaróirí a bhfuil modhnú bogearraí forbartha acu chun aghaidh a thabhairt ar leochaileacht i gcomhpháirt chomhtháite, ceanglaítear orthu an modhnú bogearraí sin ('socrú slándála') a chomhroinnt leis an duine nó leis an eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt nó a dhéanann cothabháil uirthi ('comhroinnt réamhtheachtach').

227. I gcás ina gceanglaítear ar mhonaróirí socrú slándála a chomhroinnt faoi Airteagal 13(6), ba cheart an socrú a sholáthar, i gcás inarb iomchuí, i bhformáid mheaisín-inléite, ar bhealach is féidir leis an duine nó leis an eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt nó a dhéanann cothabháil uirthi a fhíorú agus, i gcás inarb iomchuí, a chomhtháthú go héasca. I gcás inar comhpháirt shaor agus foinse oscailte í an chomhpháirt, ba cheart an socrú slándála a chomhroinnt ar bhealach atá comhoiriúnach le ceadúnas na comhpháirte sin, mar shampla trína chomhroinnt faoin gceadúnas céanna nó faoi cheadúnas lena gceadaítear don chothabhálaí an socrú a dháileadh faoina cheadúnas féin. I gcás ina bhfuil treoirlínte ag cothabhálaí na comhpháirte sin maidir leis an gcaoi ar cheart socruithe slándála a chomhroinnt, ba cheart don mhonaróir na treoirlínte sin a leanúint.

228. Mar sin féin, ní éilíonn an Gníomh um Chibear-Athléimneacht ar mhonaróirí a áirithiú gur gá go nglacfaidh an duine nó an t-eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt nó a dhéanann cothabháil uirthi lena socruithe slándála. Ní cheanglaítear orthu ach oiread a áirithiú go ndéanfar na réitigh sin a chomhtháthú i stóras cóid na comhpháirte, mar shampla i gcás ina bhféadfadh sé gurbh fhearr leis an gcothabhálaí rogha eile chun an tsaincheist a réiteach. Ar an gcaoi chéanna, ní cheanglaítear ar mhonaróirí glacadh le réiteach beartaithe a d'fhorbair an cothabhálaí comhpháirteanna, agus d'fhéadfadh sé gurbh fhearr leo an tsaincheist a mhaolú ar bhealaí oiriúnacha eile.

229. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé gur sholáthair an duine nó an t-eintiteas a mhonaraíonn an chomhpháirt nó dhéanann cothabháil uirthi socrú slándála cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar an leochaileacht, ach cuireann monaróir straitéis mhaolaithe dhifriúil chun feidhme (mar shampla trí chumraíocht dhifriúil a athrú). I gcásanna den sórt sin, ní chuireann an Gníomh um Chibear-Athléimneacht de cheangal ar an monaróir modhnú ar chuid eile den chóras réamhtheachtach a chomhroinnt. Moltar don mhonaróir mar sin féin é sin a dhéanamh i gcás inar féidir leis sin tacú leis an duine nó leis an eintiteas a dhéanann cothabháil ar an gcomhpháirt.

9.2.2. *Leochaileachtaí insaothraithe aitheanta*

230. Foráiltear le ceann de cheanglais fhíor-riachtanacha Chuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht, ar bhonn an mheasúnaithe riosca cibearshlándála dá dtagraítear in Airteagal 13(2), agus i gcás inarb infheidhme, nach mór táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar fáil ar an margadh gan leochaileachtaí insaothraithe aitheanta a bheith ann.

231. In Airteagal 3(41) is é an sainmhíniú atá ar 'leochaileacht insaothraithe' 'leochaileacht a bhfuil an poitéinseal ann ina leith go n-úsáidfeadh namhaid go héifeachtach í faoi dhálaí oibríochtúla praiticiúla'. Ní féidir na leochaileachtaí uile a shaothrú faoi dhálaí oibríochtúla praiticiúla, agus ní féidir roinnt leochaileachtaí a shaothrú ach amháin i ndálaí teoiriciúla (e.g. i saotharlann nó in ionsamhlúchán) agus/nó ní féidir iad a shaothrú faoi dhálaí a tharlódh i dtimpeallacht oibríochtúil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha.

232. Ceanglaíonn an Gníomh um Chibear-Athléimneacht ar mhonaróirí beartais agus nósanna imeachta iomchuí a bheith acu chun leochaileachtaí féideartha a thuairiscítear ó fhoinsí inmheánacha nó seachtracha a láimhseáil agus a leigheas (Airteagal 13(8)). Mar sin féin, ní shonraítear go sainráite ann cathain ba cheart a mheas go bhfuil leochaileacht insaothraithe ar eolas ag an monaróir, rud a spreagann an oibleagáid an ceanglas fíor-riachtanach sin a chomhlíonadh tráth a chuirtear ar an margadh í.

233. Ba cheart leochaileacht a mheas mar leochaileacht aitheanta nuair a liostaítear í i mbunachair sonraí leochaileachta ábhartha a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu, amhail an bunachar sonraí leochaileachta Eorpach arna bhunú le hAirteagal 12(2) de Threoir (AE) 2022/2555 nó i mbunachair sonraí leochaileachta thábhachtacha eile.

234. Ina theannta sin, d'fhéadfadh leochaileacht a bheith ar eolas freisin nuair a chuirtear an monaróir ar an eolas fúithi trí fhaisnéis neamhphoiblí, mar shampla trí nochtadh comhordaithe ag taighdeoir slándála nó trí thástáil agus anailís inmheánach an mhonaróra féin, lena n-áirítear, mar shampla, agus úsáid á baint as seirbhísí atá cumhachtaithe ag an intleacht shaorga. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh leochaileacht a bheith ar eolas nuair a thuairiscítear go poiblí agus go feiceálach í in eagraíochtaí meán iontaofa, lena n-áirítear foilseacháin speisialaithe chibearshlándála nó ollmheáin ghinearálta.

235. Mar sin féin, ní chiallaíonn an fíoras go dtuairiscítear nó go n-aimsítear leochaileacht, ann féin, go bhfuil sí insaothraithe sa chleachtas nó infheidhme maidir leis an táirge sonrach lena mbaineann ag a bhfuil eilimintí digiteacha. Beidh ar an monaróir imscrúdú a dhéanamh air agus fírinneacht na faisnéise sin agus a infheidhmeacht maidir lena tháirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha a dheimhniú. Dá réir sin, d'fhéadfadh tréimhse theoranta ama dul in éag idir an chéad tuarascáil ar an leochaileacht agus a deimhniú. Mar a léirítear i Roinn *9.1 Reporting obligations*, ba cheart béim a leagan ar ghníomhaíocht phras chun imscrúdú a dhéanamh agus chun freagairt.

236. Thairis sin, tá feidhm ag an oibleagáid atá ar mhonaróirí na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn I a chomhlíonadh tráth a chuirtear ar an margadh iad, i gcomhréir le hAirteagal 13(1). Sa chleachtas, d'fhéadfadh sé go n-aimseofaí leochaileachtaí nua a d'fhéadfadh a bheith insaothraithe le linn na gcéimeanna deiridh de shaolré forbartha an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena n-áirítear go gairid sula dtéann sé isteach sa slabhra dáileacháin (agus dá bhrí sin cuirtear ar an margadh é).

237. Ós rud é gur oibleagáid rioscabhunaithe í an oibleagáid táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh gan leochaileachtaí insaothraithe aitheanta, is faoin monaróir atá sé a chinneadh, ar bhonn an mheasúnaithe riosca cibearshlándála, an féidir an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh go slán, i gcomhréir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht. De rogha air sin, féadfaidh an monaróir a chinneadh gur gá leochaileacht nua a d'fhéadfadh a bheith ar eolas a shocrú sular féidir an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha a chur ar an margadh. Agus an cinneadh sin á dhéanamh acu, ba cheart do mhonaróirí déine, insaothraitheacht agus tionchar féideartha na leochaileachta a chur san áireamh, chomh maith leis na rioscaí a thagann chun cinn don táirge féin ag a bhfuil eilimintí digiteacha nuair a bheidh sé in úsáid. Féadfaidh siad na rioscaí a bhaineann le heisiúint an táirge a chur siar go dtí go socrófar an leochaileacht a chur san áireamh freisin, mar shampla toisc go dtugann an eisiúint nua aghaidh freisin ar leochaileachtaí eile a bhféadfaí teacht i dtír orthu, nó toisc go bhfuil gá léi chun córais chriticiúla a oibriú go leanúnach. In aon chás, a luaithe a chuirfear táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha ar an margadh, beidh an monaróir fós faoi réir na hoibleagáide leochaileachtaí a láimhseáil go héifeachtach agus i gcomhréir leis na ceanglais maidir le láimhseáil leochaileachtaí a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn I.

9.2.3. *Tástálacha agus athbhreithnithe éifeachtacha agus tráthrialta*

238. Le pointe (3) de Chuid II d'Iarscríbhinn I, ceanglaítear ar mhonaróirí tástálacha agus athbhreithnithe éifeachtacha tráthrialta a chur i bhfeidhm ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha le linn a thréimhse tacaíochta. Chun tástálacha tráthrialta a chur i bhfeidhm, ní gá feachtas tástála gan athrú a athdhéanamh go meicniúil, ag eatraimh sheasta. Ciallaíonn sé athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar cé acu is gá nó nach gá na tástálacha atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta mar gheall ar ionchur nua, amhail bagairtí nua-aitheanta nó leochaileachtaí nua-aimsithe, agus tástálacha a dhéanamh dá réir sin.

239. Ba cheart minicíocht, doimhneacht agus ábhar an athbhreithnithe a bheith comhréireach le próifíl riosca cibearshlándála an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha, lena éabhlóid le himeacht ama, agus le staid thimpeallacht na bagartha. I gcás ina sainaithnítear san athbhreithniú ionchur nua ábhartha a dhéanann difear don tacar tástála, ba cheart tástálacha nua nó modhnaithe a cheapadh agus a dhéanamh ar an táirge, chun a áirithiú nach dtabharfar aghaidh ar aon leochaileacht fós. D'fhéadfaí a áireamh leis sin tástálacha atá ann cheana a athfhorghníomhú i gcás ina bhfágann modhnú ar an táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha go bhfuil cineálacha tástála den sórt sin iomchuí, amhail tástáil chúlchéimnithe.

240. I gcás nach sainaithnítear aon ionchur den sórt sin san athbhreithniú, ní gá tástálacha breise a cheapadh. Leanfaidh oibleagáidí eile maidir le láimhseáil leochaileachtaí, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí i ndáil leis na rioscaí atá ann agus iad a leigheas, d'fheidhm a bheith acu i gcomhthráth.

9.3. **Idirghníomhú le reachtaíocht eile**

9.3.1. *Rialachán (AE) 2019/2144 agus Rialachán (AE) Uimh. 168/2013*

241. Bunaítear le pointe (c) d'Airteagal 2(2) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht nach bhfuil feidhm ag an Rialachán maidir le táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil feidhm ag Rialachán (AE) 2019/2144 maidir leo. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2019/2144 maidir le catagóirí M, N, agus O, mar a shainmhínítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/858, agus le córais, comhpháirteanna agus le haonaid theicniúla ar leithligh a dheartar nó a mhonaraítear d'fheithiclí den sórt sin'.

242. Ar an gcaoi chéanna, rinneadh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 a eisiamh ó raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1535 ón gCoimisiún. Tá feidhm ag Rialachán (AE) 168/2013 maidir le feithiclí de chatagóir L agus maidir leis 'na córais, na comhpháirteanna agus na haonaid theicniúla ar leithligh, chomh maith le páirteanna agus trealamh, arna ndearadh agus arna dtógáil le haghaidh feithiclí den sórt sin' (Airteagal 2(1)).

243. Níl feithiclí a bhfuil feidhm ag na Rialacháin sin maidir leo faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht. Ina theannta sin, tá gá le soiléirithe breise maidir le raon feidhme na díolúine do chórais, comhpháirteanna, aonaid theicniúla ar leithligh, páirteanna agus trealamh (ar mhaithe leis an roinn seo, 'comhpháirteanna') arna ndearadh agus arna dtógáil le haghaidh feithiclí den sórt sin a mheastar a bheith ina dtáirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha de réir bhrí an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

244. Meastar nach bhfuil comhpháirteanna den sórt sin faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, ar choinníoll go ndéantar iad a dhearadh agus a thógáil go heisiach lena gcomhtháthú i bhfeithiclí a chumhdaítear le Rialacháin (AE) 2019/2144 agus Uimh. 168/2013. Is amhlaidh an cás gan beann ar cibé acu a dhíolann nó nach ndíolann monaróir na comhpháirte sin í go díreach leis an monaróir feithiclí nó le hoibreoir eacnamaíoch eile sa slabhra soláthair mótarfheithiclí, fad is léir go bhfuil an chomhpháirt beartaithe agus oiriúnach amháin lena comhtháthú ar deireadh laistigh de na feithiclí sin.

245. Os a choinne sin, monaróir a dhíolann comhpháirteanna cineálacha ar táirgí iad ag a bhfuil eilimintí digiteacha is féidir a chomhtháthú i gcineálacha éagsúla táirgí, agus ní go heisiach i bhfeithiclí a chumhdaítear leis na Rialacháin sin, tá sé faoi réir an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht.

246. An measúnú i dtaobh an gcuirtear comhpháirt ar an margadh de réir bhrí an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, ní mór é a bheith bunaithe ar na coinníollacha oibiachtúla faoina gcuirtear ar fáil í. I gcás ina dtairgeann monaróir comhpháirt nach bhfuil oiriúnach go heisiach lena comhtháthú ar deireadh laistigh de na feithiclí sin trí bhealaí dáileacháin atá oscailte do chustaiméirí lasmuigh den slabhra soláthair mótarfheithiclí, amhail asraonta miondíola ginearálta nó bealaí díolacháin ar líne lena nglactar le horduithe ón bpobal i gcoitinne, tagann an chomhpháirt sin faoi raon feidhme an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, gan beann ar aon ráiteas maidir leis an úsáid atá beartaithe di. Sna himthosca sin, ní féidir a mheas go bhfuil an chomhpháirt deartha agus tógtha go heisiach lena comhtháthú i bhfeithiclí a chumhdaítear le Rialacháin (AE) 2019/2144 agus Uimh. 168/2013, agus ceanglaítear ar an monaróir an Gníomh um Chibear-Athléimneacht a chomhlíonadh. Os a choinne sin, d'fhéadfadh úsáid bealaí dáileacháin srianta gnólacht le gnólacht atá teoranta don slabhra soláthair mótarfheithiclí a léiriú go bhfuil sé deartha agus tógtha go heisiach le haghaidh comhtháthú den sórt sin.

9.3.2. *Bailíocht deimhnithe um chineálscrúdú AE (Airteagal 69(1))*

247. Sonraítear in Airteagal 69(1) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht go bhfuil 'deimhnithe um chineálscrúdú AE agus cinntí formheasa arna n-eisiúint maidir le ceanglais chibearshlándála le haghaidh táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú seachas an Rialachán seo, leanfaidh siad de bheith bailí go dtí an 11 Meitheamh 2028, ach amháin má théann siad in éag roimh an dáta sin, nó mura sonraítear a mhalairt i reachtaíocht eile sin an Aontais um chomhchuibhiú, agus sa chás sin beidh siad fós bailí mar a thagraítear dó sa reachtaíocht sin'.

248. Ba cheart a thuiscint go bhfuil bailíocht leanúnach na ndeimhnithe agus na gcinntí formheasa sin teoranta do na rioscaí cibearshlándála agus do na ceanglais chomhfhreagracha a chumhdaítear le reachtaíocht chomhchuibhithe ábhartha an Aontais ar eisíodh iad ar a bonn. I gcás na rioscaí sin, ní cheanglaítear ar mhonaróirí athmheasúnú ná athléiriú a dhéanamh ar chomhlíonadh chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, agus chun na gcríoch sin amháin, le linn na tréimhse bailíochta dá dtagraítear in Airteagal 69(1) i gcás táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a bhfuil sé beartaithe acu iad a chur ar an margadh an 11 Nollaig 2027 nó ina dhiaidh sin agus go dtí an 11 Meitheamh 2028 ([31]). Is amhlaidh atá i gcás deimhnithe agus cinntí formheasa a eisítear i gcás ina gceanglaítear leis an reachtaíocht chomhchuibithe is infheidhme de chuid an Aontais ar an monaróir an nós imeachta um measúnú comhréireachta a dhéanamh trí chomhlacht faoina dtugtar fógra, agus i gcás inar roghnaigh an monaróir é sin a dhéanamh dá dheoin féin.

249. Dá réir sin, deimhniú bailí nó cinneadh formheasa bailí a bheith ann faoi reachtaíocht chomhchuibhithe eile an Aontais, ní dhíolmhaítear monaróirí ó mheasúnú riosca cibearshlándála cuimsitheach a dhéanamh faoin nGníomh um Chibear-Athléimneacht (nó ó oibleagáidí eile faoi). Ina ionad sin, cuireann sé ar a gcumas dóibh brath ar dheimhnithe atá ann cheana mar fhianaise ar chomhlíonadh dá nós imeachta um measúnú comhréireachta, a mhéid a chumhdaítear na rioscaí cibearshlándála comhfhreagracha cheana féin. I gcás ina bhfuil an deimhniú nó an cinneadh formheasa bailí faoi reachtaíocht chomhchuibhithe eile an Aontais a théann thar an 11 Meitheamh 2028, ní fhéadfaidh an monaróir, mar sin féin, brath ar an deimhniú nó ar an gcinneadh sin chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht ach go dtí an 11 Meitheamh 2028.

250. I gcás ina sainaithneofar sa mheasúnú riosca cibearshlándála a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 13(2) rioscaí breise nach gcumhdaítear leis na ceanglais chibearshlándála atá mar bhonn taca leis an deimhniú atá ann cheana nó leis an gcinneadh formheasa atá ann cheana, beidh monaróirí fós freagrach as aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin i gcomhréir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht. I gcásanna den sórt sin, ceanglaítear le comhlíonadh go ndéanfar na bearnaí a sainaithníodh a mheasúnú agus a mhaolú, gan beann ar bhailíocht leanúnach an deimhnithe nó an chinnidh formheasa atá ann cheana.

251. Is féidir é sin a léiriú trí bhreithniú a dhéanamh ar an gcás ina bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir na gceanglas cibearshlándála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/30 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2014/53/AE (an Gníomh Tarmligthe maidir leis an Treoir maidir le Trealamh Raidió), agus i gcás inar eisíodh deimhniú um chineálscrúdú AE nó cinneadh formheasa ar bhonn na gceanglas sin. Sa chás sin, beidh an deimhniú nó an cinneadh fós bailí, i gcomhréir le hAirteagal 69(1), i gcás na rioscaí cibearshlándála a chumhdaítear leis an deimhniú sin agus a bhaineann le ceanglais fhíor-riachtanacha chibearshlándála Threoir 2014/53/AE (an Treoir maidir le Trealamh Raidió).

252. Sna cásanna sin, ní cheanglaítear ar mhonaróirí, chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, athmheasúnú ná athléiriú a dhéanamh ar chomhlíontacht i leith na rioscaí sin ar tugadh aghaidh orthu cheana leis na deimhnithe sin, fad a bheidh an deimhniú ábhartha nó an cinneadh formheasa ábhartha fós bailí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 11 Meitheamh 2028. Áirítear leis sin, mar shampla, rioscaí cibearshlándála a bhaineann le cosaint líonra, cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachas nó cosc ar chalaois (a mhéid a chumhdaítear na rioscaí sin leis an deimhniú sin) a bhaineann le ceanglais chibearshlándála na Treorach maidir le Trealamh Raidió agus a léirítear sa mheasúnú comhréireachta.

253. Mar sin féin, i gcás ina sainaithneofar sa mheasúnú riosca cibearshlándála a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht rioscaí breise cibearshlándála nach gcumhdaítear leis na deimhnithe sin, beidh monaróirí fós freagrach as aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin i gcomhréir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht. D'fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, rioscaí a bhaineann le próisis láimhseála leochaileachtaí, íoslaghdú sonraí, agus laghdú ar an raon ionsaithe, nó gnéithe cibearshlándála táirgeshonracha eile nach dtugtar aghaidh orthu leis na deimhnithe sin nó, in aon chás, nach gcumhdaítear le ceanglais fhíor-riachtanacha chibearshlándála na Treorach maidir le Trealamh Raidió.

254. Dá réir sin, deimhniú bailí um chineálscrúdú AE nó cinneadh formheasa a bheith ann faoin Treoir maidir le Trealamh Raidió i ndáil lena cheanglais fhíor-riachtanacha a bhaineann leis an gcibearshlándáil, ní léiríonn sé sin, ann féin, go bhfuil an Gníomh um Chibear-Athléimneacht á chomhlíonadh go hiomlán. Ina ionad sin, ceadaítear leis do mhonaróirí brath ar an deimhniú nó ar an gcinneadh sin mar fhianaise ar chomhlíonadh maidir leis na rioscaí comhfhreagracha, agus a áirithiú ag an am céanna go ndéanfar aon riosca atá fágtha nó aon riosca nua-aitheanta a mheasúnú agus a mhaolú i gcomhréir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht.

([31]) Tá táirgí ag a bhfuil eilimintí digiteacha a cuireadh ar an margadh roimh an 11 Nollaig 2027 faoi réir reachtaíocht an Aontais is infheidhme tráth a chuirtear ar an margadh iad agus, má bhí siad comhlíontach, is féidir iad a dhíol agus a chur i bhfeidhm, mura rud é go bhfuil siad, an 11 Nollaig 2027 nó ina dhiaidh sin, faoi réir modhnuithe substaintiúla. Maidir leis an gcoincheap 'cur ar an margadh' agus 'cur ar fáil ar an margadh', féach freisin Roinn *2.1 Placing on the market* den doiciméad seo chomh maith le Caibidil 2 den Treoirleabhar Gorm.

255. Ar an gcaoi chéanna, i gcás ina bhfuil táirge ag a bhfuil eilimintí digiteacha faoi réir na gceanglas fíor-riachtanach sláinte agus sábháilteachta a bhaineann leis an gcibearshlándáil a leagtar síos i Rialachán (AE) 2023/1230 (an Rialachán maidir le hInnealra), infheidhme go hiomlán ón 20 Eanáir 2027, agus i gcás inar eisíodh deimhniú um chineálscrúdú AE nó cinneadh formheasa ar bhonn na gceanglas sin, leanfaidh an deimhniú sin nó an cinneadh formheasa sin de bheith bailí, i gcomhréir le hAirteagal 69(1) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht, maidir leis na rioscaí cibearshlándála a chumhdaítear leis an Rialachán maidir le hInnealra.

256. Go háirithe, baineann sé sin le gnéithe cibearshlándála a bhaineann le cosaint ar éilliú agus le sábháilteacht agus iontaofacht na gcóras rialaithe, mar a leagtar amach i Ranna 1.1.9 agus 1.2.1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán maidir le hInnealra. I gcás na rioscaí sin, ní cheanglaítear ar mhonaróirí, chun críocha an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht, athmheasúnú ná athléiriú a dhéanamh ar chomhlíontacht fad a bheidh an deimhniú ábhartha nó an cinneadh formheasa ábhartha fós bailí agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 11 Meitheamh 2028. Tá feidhm aige sin a mhéid a tugadh aghaidh ar na rioscaí sin mar chuid den mheasúnú comhréireachta faoin Rialachán maidir le hInnealra.

257. Mar is amhlaidh le buncheanglais chibearshlándála na Treorach maidir le Trealamh Raidió a luaitear thuas, i gcás ina sainaithnítear sa mheasúnú riosca cibearshlándála a dhéantar de bhun Airteagal 13(2) den Ghníomh um Chibear-Athléimneacht rioscaí cibearshlándála breise nach gcumhdaítear leis an deimhniú ábhartha arna eisiúint de bhun an Rialacháin maidir le hInnealra agus a bhaineann le ceanglais chibearshlándála an Rialacháin sin, leanfaidh monaróirí de bheith freagrach as aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin i gcomhréir leis an nGníomh um Chibear-Athléimneacht.